

An Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte 2025



Clár

Achoimre Fheidhmeach

1. Intreoir

1.1 Cuspóir na Straitéise	5
1.2 Úsáideoirí na Straitéise	6
1.3 Comhthéacs Chomhairle Contae Átha Cliath Theas.....	6
1.4 Fís agus Cuspóirí	7
1.5 Rannpháirtíocht an Phobail	8

2. Luach na bPáirceanna agus na Spásanna Oscailte

2.1 Bonneagar Glas	13
2.2 Bithéagsúlacht	14
2.3 Áineas agus Sláinte	15
2.4 Féiniúlacht Chomharsanachta	15
2.5 Idirghníomhaíocht Shóisialta agus an Pobal	15
2.6 Inbhuanaitheacht.....	16
2.7 Athrú Aeráide.....	16

3. Páirceanna agus Spásanna Oscailte atá ann cheana féin

3.1 Orlathas na Spásanna Oscailte	19
3.2 Páirceanna Réigiúnacha.....	19
3.3 Páirceanna Comharsanachta	22
3.4 Páirceanna Áitiúla / Spásanna Oscailte	26
3.5 Páirceanna Beaga / Spásanna Oscailte	28
3.6 Spásanna Taitneamhachta Ginearálta.....	30
3.7 Spásanna Cathartha / Cearnóga	31
3.8 Garraithe Scóir agus Spásanna Glasa Eile	31
3.9 Páirceanna Molta, Nua agus arna nUasghrádú le déanaí	34
3.10 Cáilíocht Sholáthar na Spásanna Oscailte Poiblí	38
3.11 Spás Súgartha Leanaí agus Spásanna do Dhéagóirí.....	40
3.12 Saoráidí Páirce Eile do Chuariteoirí	41

Spórt agus Áineas Gníomhach

4.1 Soláthar Ginearálta.....	43
4.2 Saoráidí Spóirt agus Áineasa	47
4.3 Spóirt Mhachaire/Páirceanna Imeartha.....	47
4.4 Soláthar Eile Caitheamh Aimsire	51

5. Soláthar Páirceanna agus Spásanna Oscailte

5.1 Soláthar Spásanna Oscailte Poiblí i mBaile Átha Cliath Theas 57	
5.2 Orlathas na bPáirceanna agus Spásanna Oscailte Poiblí	59
5.3 Modheolaíocht	61
5.4 Iarthar na Cathrach/Teach Sagard/ An Caisleán Nua/ Ráth Cúil	71
5.5 Cluain Dolcáin/Cluain Buiríosa/Caisleán na Gráinsí	75
5.6 Leamhcán/Baile Phámar/Baile Adaim.....	77
5.7 Bóthar an Náis	80
5.8 Ardtailte Tuaithe	81
5.9 Tamhlacht.....	82
5.10 Teach Mealóg/ Baile Bhailcín/ Ráth Fearnáin/ Teach na Giúise	83

Achoimre Fheidhmeach

Seod í an chéad Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte a ullmhaíodh le haghaidh Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Déantar scrúdú inti ar an soláthar atá ann cheana agus déantar measúnú ar riachtanais anois agus amach anseo. Leagtar amach inti conas atá sé i gceist ag an gComhairle páirceanna agus spásanna oscailte poiblí atá á mbainistiú aici a chosaint, a bhainistiú, a sholáthar agus a fheabhsú as seo go ceann cúpla bliain agus léirítear an raon leathan seirbhísí agus acmhainní a sholáthraítear agus atá ar fáil laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte poiblí Bhaile Átha Cliath Theas.

Tá cúig roinn sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte agus doiciméad Aguisíní ag gabháil leo a bhfuil cuntas orthu thíos:

Roinn 1. Intreoir: Sa chaibidil tosaigh tugtar cuntas ar aidhm na straitéise, na húsáideoirí ionchasacha agus an comhthéacs, fíis agus cuspóirí, agus rannpháirtíocht an phobail.

Is é an ráiteas físe don Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte ná go ndéanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas an méid seo a leanas:

“Líonra ilfheidhmeach de pháirceanna taitneamhacha a bhainistítear go hinbhuanaithe agus spásanna oscailte a chruthú a chuireann feabhas ar shaol daoine i mBaile Átha Cliath Theas agus a thacaíonn leis an dúlra”

Roinn 2. Luach na bPáirceanna agus na Spásanna Oscailte: Tá achoimre sa roinn seo ar chineál ilfheidhmeach na bpáirceanna agus na buntáistí éiceachórais a chuireann siad ar fáil do Bhaile Átha Cliath Theas agus dá phobail áitiúla agus do chuiditheoirí.

Roinn 3. Páirceanna agus Spásanna Oscailte atá ann cheana féin: Tá an t-ordlathas páirceanna agus spásanna oscailte leagtha amach le sonraí de phríomh-thíopeolaíochtaí agus feidhmeanna páirce ar fud an chontae. Tá tuairisc sa roinn seo ar gach páirc sa chontae. Tá faisnéis ann ar roinnt páirceanna nua agus ar chinn a uasghrádaíodh le déanaí agus scrúdaítear na critéir cháilíochta chun páirceanna a sheachadadh.

Roinn 4. Spórt agus Áineas Gníomhach. Scrúdaítear seachadadh an bhonneagair spóirt agus áineasa ghníomhaigh laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas sa roinn seo.

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Roinn 5. Soláthar Páirceanna agus Spásanna Oscailte: Déantar scrúdú sa roinn seo ar mhéid agus ar scaipeadh na bpáirceanna agus na spásanna oscailte sa chontae bunaithe ar an bpríomh-bheartas maidir le 2.4ha de pháirceanna a sholáthar in aghaidh 1000 duine.

Leagtar amach faisnéis sa doiciméad Aguisín ar fhorbairt na Straitéise lena n-áirítear treoir-bheartais agus Rannpháirtíocht an Phobail agus áirítear léi freisin: Aguisín 1. Cur i bhFeidhm na Straitéise: Tá cur i bhfeidhm na gníomhartha beartaithe a bhfuil cur síos orthu sa straitéis curtha i gcatagóirí de ghníomhartha gearrthéarmacha, meántéarmacha agus fadtéarmacha agus tá roinn ann ar phríomhshásraí seachadta. Toisc gurb í seo an chéad straitéis páirceanna, táthar ag súil go dtiocfaidh athrú de réir a chéile ar dhálaí agus ar bhacainní a dhéanann difear do sheachadadh gníomhartha agus léireofar é sin i leaganacha amach anseo den straitéis.

Aguisín 2. Bainistiú Páirceanna: Tá coincheapa leathana sa roinn seo maidir le bainistiú páirceanna agus spásanna oscailte agus tiocfaidh sé roimh phleananna bainistíochta níos mionsonraithe agus iniúchtaí ar spásanna oscailte ag céim an chur i bhfeidhm.

Aguisín 3. Beartais Threorach: Tá cuntas sa roinn seo ar na beartais agus treoirlínte ábhartha a dhéanann difear do sholáthar, oibriú, bainistiú agus úsáid na bpáirceanna. Aguisín 4. Rannpháirtíocht an Phobail: Tugtar sonraí ar an Suirbhé ar Úsáideoirí Páirceanna a rinneadh le linn fhorbairt na Straitéise.

Forbraítear bunús maith sa doiciméad foriomlán maidir le beartais láidre agus inbhuanaithe a fhorbairt le haghaidh spásanna oscailte i gContae Átha Cliath Theas, le sraith gníomhartha don chomhairle, do phobail áitiúla, d’eagraíochtaí comhpháirtíochta agus do pháirtithe leasmhara eile chun oibriú ina dtreo. Cuimsítear leis scrúdú ar an gcaoi ar féidir le páirceanna agus spásanna oscailte poiblí feabhas a chur ar cháilíocht saoil áitritheoirí an chontae agus cuairteoirí chuig an gcontae agus leanfaidh sé ag tabhairt aghaidh ar phríomhdhúshláin cosúil le caillteanas na bithéagsúlachta agus an t-athrú aeráide, agus soláthraítear clár oibre chun an fhís a sheachadadh ar mhaithe le páirceanna agus spás oscailte deas, atá á mbainistiú ar bhealach inbhuanaithe a sholáthar chun freastal ar riachtanais an daonra atá i mBaile Átha Cliath Theas anois agus atá beartaithe a bheith ann amach anseo.



1. Intreoir

1.1 Cuspóir na Straitéise

Is é cuspóir an doiciméid seo Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte a fhorbairt agus a chur i bhfeidhm, ina leagtar amach conas a bheartaíonn an Chomhairle na spásanna oscailte poiblí atá á mbainistiú aici a chosaint, a bhainistiú agus a fheabhsú as seo go ceann cúig bliana agus ina dhiaidh sin.

Is í an fhís don Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo:

“Líonra ilfheidhmeach de pháirceanna taitneamhacha a bhainistítear go hinbhuanaithe agus spásanna oscailte a chruthú a chuireann feabhas ar shaol daoine i mBaile Átha Cliath Theas agus a thacaíonn leis an dúlra”

Is é an príomhthoradh:

- Bunús maith a sholáthar maidir le beartais spásanna oscailte láidre, inbhuanaithe a fhorbairt taobh istigh de Chontae Átha Cliath Theas;
- Sraith cuspóirí agus gníomhartha d'oifigigh na comhairle agus d'eagraíochtaí comhpháirtíochta chun oibriú ina dtreo i gcomhpháirtíocht le pobail áitiúla agus;
- Tuiscint shoiléir, d'áitritheoirí agus do chuairteoirí, ar uailmhianta na Comhairle Contae le haghaidh páirceanna agus spásanna oscailte dhaonra reatha agus bheartaithe Bhaile Átha Cliath Theas.

Is iad páirceanna agus spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas ceann de na hacmhainní is fearr atá aici, agus bonneagar glas inrochtana á sholáthar dá daonra, braistint áite á fheabhsú agus mórtas saoránaigh á chruthú i limistéir uirbeacha. Is rud lárnach iad páirceanna agus spásanna oscailte maidir le pobail inbhuanaithe a sheachadadh. Is cuid den Bhonneagar Glas iad, ag cuidiú le comhairlí freastal ar na príomhdhúshláin a bhaineann le caillteanas bithéagsúlachta a stopadh agus a aisiompú, aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide agus a thionchar, agus ag cuidiú chun an dúlra a athbhunú. Aithnítear go bhfuil gá le rochtain ar spás oscailte agus ar aer úr chun sláinte agus folláine dhaonra an chontae a chinntiú. Tacaíonn na saoráidí áineasa a sholáthraítear laistigh de pháirceanna le slite maireachtála gníomhacha agus tá siad tábhachtach ó thaobh gníomhaíocht shláintiúil a fhorbairt agus a choimeád ar bun thar gach aoisghrúpa.

Tá mórcheantar Bhaile Átha Cliath Theas istigh i gcúlra breá bunchnoc agus sléibhte ó theas, agus ina sholáthraítear feidhmeanna éiceolaíocha agus áineasa a bhfuil géarghá leo chomh maith le radhairc fhairsinge a thabhairt trasna Chuan Bhaile Átha Cliath agus Shléibhte Chill Mhantáin, agus trí thailte talmhaíochta bisiúla ar an taobh thiar, agus maolán glas nádúrtha á sholáthar idir an limistéar uirbithe Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

agus na codanna de Chontae Chill Dara atá suite faoin tuath.

Mar chuid den Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte tá plean foriomlán chun soláthar, forbairt, cothabháil agus infheistíocht spásanna oscailte poiblí an Chontae a threorú, ar sócmhainní tábhachtacha iad laistigh de líonra Bhonneagar Glas an Chontae.

Is í an aidhm bhunúsach an soláthar agus an t-éileamh ar spásanna oscailte a thuiscint, easnaimh a aithint, soláthar nua a fháil, agus cáilíocht a fheabhsú trí bhainistíocht spriocdhírthe. Cuirtear gnéithe spáis na straitéise le haghaidh spásanna oscailte isteach i bPlean Forbartha an Chontae agus is cuid thábhachtach iad den Straitéis uileghabhálach maidir le Bonneagar Glas. Féadfar an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte a chur san áireamh freisin nuair a bheidh iarratais phleanála á gcinneadh, agus breithneofar í nuair a bheifear ag pleanáil d'fhorbairtí nua agus nuair a bheidh tograí á meas a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do spásanna oscailte atá ann cheana (lena n-áirítear an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha).

Baineann an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte le spásanna oscailte poiblí atá inrochtana gan srian agus á mbainistiú go gníomhach ag an gComhairle Contae. Áirítear leis dá bhrí sin gach páirc phoiblí, na spásanna oscailte poiblí uile in eastáit tithíochta, saoráidí spóirt faoin aer laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte atá faoi úinéireacht phoiblí, spásanna cathartha (cosúil le cearnóga margaidh, pláis agus limistéir eile crua-dhromchla atá deartha le haghaidh cruinnithe poiblí agus do choisithe), limistéir áineasa agus limistéir súgartha leanaí – le haghaidh tuilleadh sonraí ar thíopeolaíochtaí Páirceanna agus Spásanna Oscailte féach Roinn 3 Modheolaíocht.

Níl na cineálacha seo a leanas de spásanna oscailte san áireamh sa straitéis Spásanna Oscailte, ach d'fhéadfaidís a bheith ina gcuid thábhachtach den Straitéis maidir le Bonneagar Glas mar ghnéithe éiceolaíocha líneacha nó mar chlocha cora laistigh den líonra i gcoitinne:

- Ciumhaiseanna ar thaobh an bhóthair agus an mhótarbhealaigh
- Saoráidí príobháideacha spóirt
- Clóis scoileanna
- Gairdíní príobháideacha
- Talamh talmhaíochta
- Reiligi agus talamh adhlactha príobháideach
- Spás Oscailte Príobháideach nó Leathphríobháideach

Mar an gcéanna, níl tailte atá faoi úinéireacht an stáit i mbunchnoic agus i sléibhte an Chontae áirithe i measúnuithe cáilíochta agus cainníochtaithe na straitéise, cé gur cuid rithábhachtach den Straitéis maidir le Bonneagar Glas i gcoitinne iad. (Le haghaidh Straitéis maidir le Bonneagar Glas CCÁCT, féach Plean Forbartha an Chontae CCÁCT).

Chun críocha an phlean seo (toisc go mbaineann sé go

príomha le bainistiú agus seachadadh páirceanna agus spásanna oscailte atá faoi shainchúram Chomhairle Contae Átha Cliath Theas), níl larsmalann an Phiarsaigh ná Páirc Naomh Éanna san áireamh toisc go bhfuil siad faoi réir pleananna bainistíochta faoi shainchúram Oifig na nOibreacha Poiblí, mar sin féin aithnítear agus admhaítear gur foinse áineasa thábhachtach í an pháirc sin, agus gur acmhainn áineasa agus sócmhainn bonneagair ghlais í in oirthear an chontae lena mbaineann tábhacht mhór i dtéarmaí oidhreacht chultúrtha agus thírdhreacha ar leibhéal áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta.

Toisc go bhfuil baint amach chuid mhaith den straitéis ag brath ar bheartais agus ar chuspóirí i bPlean Forbartha an Chontae, déanfar athbhreithniú amach anseo ar an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte i gcomhthráth leis an athbhreithniú ar Phlean Forbartha an Chontae.

1.1 Úsáideoirí na Straitéise

Ullmhaíodh an straitéis do lucht féachana leathan, lena n-áirítear:

- Pobail áitiúla agus páirtithe leasmhara eile - chuidigh próiseas comhairliúcháin phoiblí Páirceanna Bhaile Átha Cliath Theas chun bonn eolais a thabhairt maidir le hullmhú na straitéise trí fhaisnéis chuimsitheach a thabhairt ar an soláthar reatha páirceanna agus spásanna oscailte sa Chontae, agus leanfaidh an Chomhairle ag forbairt agus ag neartú na rannpháirtíochta sin tríd an Straitéis seo. Is iomaí grúpa a thugann cuairt, a úsáideann agus a léiríonn spéis i bpáirceanna CCÁCT lena n-áirítear clubanna áitiúla, cumainn áitritheoirí, grúpaí leasa comhshaoil.
- An Chomhairle Contae - tá an Straitéis bunaithe ar bheartais agus ar chuspóirí Phlean Forbartha an Chontae agus tá sé beartaithe léi bonn eolais a thabhairt do chinnteoireacht leanúnach maidir le páirceanna agus spásanna oscailte ar fud Bhaile Átha Cliath Theas.
- Foireann na Comhairle Contae - déantar moltaí sa Straitéis le haghaidh soláthar, forbairt, cothabháil agus infheistíocht páirceanna agus spásanna oscailte lena n-éileofar comhoibriú leanúnach idir ranna agus foirne éagsúla.
- An Earnáil phríobháideach – tugtar treoir shoiléir sa Straitéis ar ordlathas na spásanna poiblí is infheidhme maidir le forbairt nua agus na sásraí maidir lena seachadadh.
- Cuairteoirí – Tá sé mar aidhm ag an Straitéis ionchais cuairteoirí maidir le páirceanna agus spásanna oscailte i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú agus na spásanna sin a threisiú mar cheann scríbe do chuairteoirí.



Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin

1.2 Comhthéacs Chomhairle Contae Átha Cliath Theas

Cumhdaíonn an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte limistéar riaracháin Chontae Átha Cliath Theas, a shíneann 223km cearnach. Síneann an Contae ón Life go Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus Cathair Bhaile Átha Cliath, Fine Gall, Dún Laoghaire Ráth an Dúin, Cill Mhantáin agus Cill Dara ag síneadh leis. Baineann an straitéis leis an acmhainn spáis oscailte phoiblí atá suite den chuid is mó laistigh de limistéir foirgnithe an Chontae.

D'fhás Contae Átha Cliath Theas timpeall ar shráidbhailte Thamhlachta, Chluain Dolcáin, Leamhcáin, Ráth Fearnáin, an Chaisleáin Nua, Bhaile Phámar, Ráth Cúil, Theach Sagard agus Theach Mealóg. Tá tréithe ar leith ag baint le gach ceann de na sráidbhailte agus tairgeann siad raon éagsúil seirbhísí gairmiúla agus miondíola. Taobh leis sin, forbraíodh lárionaid nua uirbeacha timpeall ar na limistéir chónaithe le himeacht na mblianta. Tá na lárionaid áitiúla agus ceantair sin dírithe go mór ar a bpobail lena bhféiniúlacht féin agus braistint áite á soláthar do gach comharsanacht.

Agus fás á éascú le scór bliain anuas, forbraíodh Baile Adaim mar chomharsanacht inbhuanaithe laistigh de limistéar straitéiseach fáis, forbraíodh larthar na Cathrach faoi Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn, tá Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa á thógáil agus Lár Baile Thamhlachta in éineacht le tailte athghiniúna laistigh de Chomharsanacht Thamhlachta i gcoitinne agus iad á n-athfhorbairt i gcomhréir lena Plean Ceantair Áitiúil.

Sainithníodh cumas mór forbartha laistigh de thailte athghiniúna 'City Edge' ar Bhóthar an Náis atá faoi réir chreat forbartha mionsonraithe i gcomhar le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Tá forbairt ag tarlú freisin i limistéir ina bhfuil feidhm le Pleananna Ceantair Áitiúla, áit ina soláthraítear creat forbartha agus ina bhfuil sé beartaithe spás oscailte a sheachadadh sna ceantair sin.

1.3 An Daonra

Tháinig fás leanúnach ar dhaonra Chontae Átha Cliath Theas le 10-20 bliain anuas. Cé gur tháinig maolú ar an ráta

fáis idir 2002 agus 2006, cuireadh le fás foriomlán ó shin i leith de 24.94% (+62,240 duine) idir 2002 agus 2022. De réir Dhaonáireamh 2022 tá daonra 301,075 duine ina gcónaí in 100,364 teach cónaithe sa Chontae. Sin méadú díreach os cionn 8% ar an daonra ón daonáireamh roimhe sin in 2016. Is ionann é sin a bheag ná a mhór agus an fás daonra náisiúnta de 8%, agus is ionann é agus ráta fáis Chathair Átha Cliath.

Léirítear leis an treocht stairiúil gur tháinig fás 21.9% nó 54,140 duine ar Chontae Átha Cliath Theas thar thréimhse sé bliana déag, sna lárionaid uirbeacha den chuid is mó. Leanann an treocht seo gluaiseacht náisiúnta agus idirnáisiúnta daoine ó cheantair thuaithe go ceantair uirbeacha.

Tríd is tríd, tá tiúchan daonra suite gar do agus laistigh de na bailte móra laistigh den chontae amhail an Tamhlacht, agus tiúchan níos airde daonra níos faide soir i dtreo Chathair Bhaile Átha Cliath.

Leagtar amach sa Phlean Forbartha an straitéis chun comhordú agus tosaíocht a thabhairt do réimsí fáis daonra atá in ann freastal ar suas le 46,500 duine faoi 2028 de réir mar a ghluaiseann Baile Átha Cliath Theas i dtreo 80,000 duine breise agus 32,000 teach nua faoi 2040 i gcomhréir le forálacha spriocanna daonra Náisiúnta agus Réigiúnacha.

Leis na Pleananna Náisiúnta agus Réigiúnacha, leithdháiltear 50,000 duine eile chun a bheith ina gcónaí i mBaile Átha Cliath Theas idir 2016-2031 le fás dlúth breise, arb ionann é agus fás beagán faoi bhun 3,500 duine in aghaidh na bliana.

Cuireann an contae go mór le geilleagar Bhaile Átha Cliath, agus tá níos mó daoine ag obair sa chontae (84,627) ná atá ag fágail chun dul chuig an obair (55,870 duine) (daonáireamh 2016).

Próifíl aoise

Is é 37.2 bliain meánaois na ndaoine atá ina gcónaí sa chontae, níos óige ná meánaois Laighean (37.6), Chathair Bhaile Átha Cliath (38.6) agus an Stáit (38.8).

Cé go bhfuil próifíl aoise óg ag an gcontae, tá méadú ag teacht ar an líon daoine scothaosta atá ina gcónaí sa Chontae, tá líon méadaitheach daoine níos sine ag cónaí sa Chontae, agus méadú 29% ar dhaoine 65 bliain d'aois agus os a chionn ó dhaonáireamh 2016 i leith.

Úinéireacht tí

Is é an ráta úinéireachta tí an dara ráta is airde de réigiún Bhaile Átha Cliath ag 66.5%.

Pobail Éagsúla


Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Tá réimse éagsúil náisiúntachtaí sa chontae, léiríonn daonáireamh 2022 gurb ionann neamhnáisiúnaigh agus 19% de dhaonra an chontae.

Riachtanais Daonra agus Tithíochta sa Phlean Forbartha

Bunaithe ar na spriocanna daonra agus ar an riachtanas tithíochta a leagtar amach laistigh den bheartas pleanála Náisiúnta agus Réigiúnach, ní mór don Phlean Forbartha freastal ar 46,518 duine breise suas le spriocdhaonra 325,285 in 2028, a éilíonn 17,817 aonad tithíochta idir 2021 in 2028.

Tá cur chuige bunaithe ar phlean forbartha ag an CCÁCT maidir le tithe agus bonneagar gaolmhar a sholáthar laistigh den Phlean Ceantair Áitiúil agus tailte forbartha straitéiseacha eile, lena n-áirítear chun páirceanna agus spásanna oscailte cuí a sholáthar, rud atá ríthábhachtach d'fhás rathúil ar bhealach a chuireann le Dearadh Ardchaighdeán agus Comhfhorbairt Shláintiúil Áite a dhéanamh i gcomhréir le forálacha Chaibidil 5 den Phlean Forbartha.



Fíor 1.1: Léarscáil de Chroistraitéis Chontae Átha Cliath Theas 2022-2028

1.4 Fís agus Cuspóirí

Is é an ráiteas físe don Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte ná go ndéanfaidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas an méid seo a leanas:

“Líonra ilfheidhmeach de pháirceanna taitneamhacha a bhainistítear go hinbhuanaithe agus spásanna oscailte a chruthú a chuireann feabhas ar shaol daoine i mBaile Átha Cliath Theas agus a thacaíonn leis an dúlra”

Tá spás oscailte poiblí ar cheann de na hacmhainní is luachmhaire atá ag Contae Átha Cliath Theas. Tá ról ar leith aige maidir le suíomh agus feidhm chomharsanachtaí uirbeacha an chontae agus tá sé ríthábhachtach maidir le seachadadh agus tacaíocht pobal inbhuanaithe agus maidir le cur chun cinn na bithéagsúlachta. Ceadaítear leis freisin réitigh dhúlraibhuanaithe amhail bainistiú uisce dromchla éifeachtach (SuDS) agus cáilíocht an uisce a fheabhsú agus an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó. Cuireann rochtain ar spásanna oscailte d’ardchaighdeán agus deiseanna spóirt agus áineasa go mór le sláinte agus folláine daoine agus le forbairt pobal áitiúil.

Mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha, is é an aidhm uileghabhálach atá ag Páirceanna agus Spás Oscailte Poiblí (Beartas COS5) ná:

Líonra spáis oscailte poiblí dea-nasctha, cuimsitheach agus comhtháite a chur ar fáil trí ordlathas spásanna oscailte ilfheidhmeach d’ardchaighdeán atá inrochtana do gach duine a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gContae.



Páirc Sheáin Bhreathnaigh

Is í Fís an Bhonneagair Ghlais (BG) don Chontae, mar atá leagtha amach sa Phlean Forbartha, ná:

Forbairt líonra chomhtháite BG a chur chun cinn do Chontae Átha Cliath Theas, ag obair leis an mbithéagsúlacht agus an oidhreacht nádúrtha atá ann cheana féin agus feabhas á chur orthu, ag feabhsú ár seasmhachta i leith an athraithe aeráide agus ról BG a

chumasú i dtaca le pobail inbhuanaithe a sholáthar chun buntáistí timpeallachta, eacnamaíochta agus sóisialta a chur ar fáil.

Tá sé i gceist go gcuideoidh na páirceanna agus na líonraí spáis oscailte laistigh den Chontae le raon leathan cuspóirí beartais agus BG a bhaint amach, lena n-áirítear:

- Feabhas a chur ar an bpobal, ar an tsláinte agus ar an bhfolláine – Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte ról luachmhar ar fáil mar thearmann don phobal; tuigtear go forleathan anois go bhfuil na buntáistí a bhaineann le bheith i dteagmháil leis an dúlra an-tairbheach don mheabhairshláinte agus don tsláinte choirp.
- Taitneamhacht amhairc a fheabhsú - Is suíomh tarraingteach glas agus oscailte iad páirceanna agus spásanna oscailte a chuireann feabhas ar charachtar na gcomharsanachtaí uirbeacha.
- Forbairt inbhuanaithe a chur chun cinn – Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte le cuspóirí forbartha inbhuanaithe i gcás ina bhfuil siad suite go hiomchuí agus inrochtana trí shiúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí.
- Oiriúnú agus maolú don athrú aeráide a chur chun cinn - Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte deiseanna ar fáil le haghaidh draenáil inbhuanaithe agus tá ról ríthábhachtach ag crainn agus plandaí trí charbón a ghabháil agus a stóráil.
- Bonneagar Glas a Neartú – Is príomhghnéithe de líonra bonneagair ghlais an Chontae iad páirceanna agus spásanna oscailte.
- Bithéagsúlacht a chur chun cinn – Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte deiseanna ar fáil chun an bhiathéagsúlacht agus éiceachórais a chaomhnú agus a athbhunú. Is minic a bhíonn siad dírithe ar thimpeallachtaí nádúrtha amhail gleannta abhann a thacaíonn le gnáthóga fiadhúlra luachmhara; cuireann páirceanna deiseanna ar fáil freisin chun plandú atá fabhrach do phailneoirí a mhéadú.
- Tacú leis an gcultúr agus leis an oidhreacht – Is minic a bhíonn gnéithe oidhreachta i bpáirceanna agus i spásanna oscailte agus bíonn go leor imeachtaí pobail, ealaíon agus cultúrtha amuigh faoin aer ar siúl iontu.
- Tacú leis an ngeilleagar áitiúil, lena n-áirítear an turasóireacht – Tá áiseanna ar nós caiféanna, gnéithe oidhreachta agus taitneamhachtaí eile ar áiseanna luachmhara do chuairteoirí iad in go leor páirceanna agus spásanna oscailte.

1.5 Rannpháirtíocht an Phobail

Tá an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte bunaithe ar an Suirbhé ar Úsáideoirí Pháirceanna Bhaile Átha Cliath Theas, ina bhfuil ceistneoir poiblí ar líne chun tuairimí agus dearcthaí áitiúla a bhailiú maidir le cáilíocht agus méid na bpáirceanna sa Chontae.

Príomhthorthaí

Fuarthas breis is 4,200 freagra ó cheistneoir Shuirbhé Úsáideoirí Páirce, agus thug formhór na bhfreagróirí freagra ar gach ceist. Cuimsítear leis na príomhbhuaicphointí:

- Is iad Páirc Chorcaí agus Páirc Thigh Motháin is mó a bhfuil cuairt á tabhairt orthu (thug 25% de na freagróirí cuairt orthu), agus is í Páirc Bhaile Uaitéir is lú a bhfuil cuairt á tabhairt uirthi (6%).
- Ba iad na príomhchúiseanna a tugadh gan cuairt a thabhairt ar aon cheann de na páirceanna sin ná go bhfuil ‘páirceanna eile in aice láimhe’ ann don fhreagróir (9%) nó go bhfuil na páirceanna rófhada uaidh (8%). Níor fhreagair líon mór freagróirí (68%) an cheist seo.
- Tugadh Páirc Thigh Motháin mar an pháirc is gaire d'fhorhór na bhfreagróirí (23%), agus Páirc Chorcaí (19%) ina dhiaidh sin, agus is í Páirc Chluain Dolcáin an pháirc is faide ó bheag acu (3%).
- Ba iad na páirceanna ba mhó ar tugadh cuairt orthu ná na cinn ba ghairde don bhaile (80%).
- Taistealaíonn formhór na bhfreagróirí (58%) ar shiúl na gcos chuig na páirceanna is gaire dóibh, agus taistealaíonn 31% i ngluasteáin. Níl ach líon íseal (9%) ag taisteal ar rothar.
- Ba iad na príomhchúiseanna a tugadh le cuairt a thabhairt ar an bpáirc ná aclaíocht a dhéanamh (27%) agus am a chaitheamh faoin aer (24%). Níor úsáid ach líon íseal (4%) an pháirc chun spóirt a imirt.
- Roimh Covid, thug 28% de na freagróirí cuairt ar pháirc gach lá agus 50% gach seachtain; tar éis COVID, tá méadú tagtha ar na cuairteanna laethúla i gcás 48% de na freagróirí agus tá laghdú tagtha ar na cuairteanna seachtainiúla i gcás 38% de na freagróirí.
- D'fhan formhór na bhfreagróirí (50%) sa pháirc ar feadh 30 nóiméad go 1 uair an chloig, agus d'fhan 38% idir 1 agus 2 uair an chloig.
- Mheas formhór na gcuariteoirí go raibh na páirceanna Den Scoth (20%) nó Go Maith (49%), agus mheas cúpla duine (8%) go raibh Drochbhail orthu.
- Ba iad na freagraí ba choitianta ar fheabhsuithe breise ar pháirceanna ná áiseanna leithris a sholáthar/a fheabhsú (12%), sábháilteacht phearsanta mhéadaithe (9%) agus glaineacht fheabhsaithe (8%). Na feabhsuithe ba lú a raibh tóir orthu ná comharthaíocht (2%) agus uaireanta oscailte leathnaithe (2.5%).
- Thug thart ar 59% de na freagróirí le fios nach mbeadh suim acu a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí deonacha i bpáirceanna, agus thug 26% le fios go mbeadh suim acu a bheith páirteach iontu.

(Féach na hAguisíní a ghabhann leis seo chun tuilleadh sonraí a fháil faoin Suirbhé)

Pobail Áitiúla á gCur san Áireamh

Léirigh an fhreagairt ón bpobal ar an gceistneoir maidir le páirceanna pobail 26% de na freagróirí gur mhaith leo a bheith páirteach i ngníomhaíochtaí deonacha. Ar fud an Chontae tá éilimh chontrártha déanta ar pháirceanna agus ar spásanna oscailte ó ghrúpaí úsáideoirí éagsúla, ó chomharsana agus ó chuariteoirí páirce, go háirithe laistigh de cheantair ina bhfuil iompraíocht fhrithshóisialta tar éis éirí forleathan chun dochair d'úsáideoirí eile páirce. Is féidir le rannpháirtíocht éifeachtach an phobail a chinntiú go n-aithnítear agus go n-úsáidtear na brúnna seo chun cuidiú le seachadadh seirbhíse a mhúnlú lena laghdaítear coimhlint.

Is féidir le rannpháirtíocht ghníomhach na bpobal áitiúil ina bpáirceanna cuidiú le muinín agus bród a chothú arís i limistéir spáis oscailte nach bhfuil tóir orthu nó atá tearcúsáidte, trí shaoránaigh ghníomhacha agus an éiteas ‘mo spás, mo fhreagracht’ a chur chun cinn agus tacú leo.

In go leor páirceanna, tá grúpaí áitiúla i mbun oibre cheana féin agus cuireann siad go mór le cáilíocht agus le bainistiú a spásanna oscailte áitiúla. Tugann siad faoi róil agus feidhmeanna éagsúla, is iad sin:

- Cuidiú le páirceanna a chothabháil agus iad a choinneáil glan;
- Rannpháirtíocht ghníomhach i gclár Mionchoillearnaigh Bhaile Átha Cliath Theas; le grúpaí pobail áitiúla atá rithabhachtach do rath an chlár seo; an talamh a ullmhú, na coillearnacha a phlandáil agus a chothabháil.
- Cabhrú le páirceanna a fheabhsú trí thosaíochtaí le haghaidh feabhsúcháin a shainiú;
- An bhithéagsúlacht a chothabháil agus a fheabhsú trí pháirt a ghlacadh i scéimeanna plandála agus i dtionscnaimh chun tacú leis an bhfiadhúlra;
- Cuidiú le páirceanna a úsáid mar acmhainn oideachais trí chainteanna agus turais a chur ar fáil agus spásanna ar mhaithe le foghlaim faoin aer a chur ar fáil;
- Cuidiú le páirceanna a choinneáil slán trí úsáid dhearfach a bhaint as páirceanna a ghníomhaíonn mar bhac ar iompraíocht fhrithshóisialta agus an úsáid sin a spreagadh; agus
- Cuidiú le páirceanna, comhtháthú pobail agus folláine a chur chun cinn trí imeachtaí pobail, gníomhaíochtaí fisiciúla, laethanta oibre a eagrú agus limistéir garraithe scoir / fáis bia a bhainistiú agus a chothabháil.

Cothófar meas, rannpháirtíocht agus féiniúlacht an phobail trí pháirceanna agus spás oscailte a fhorbairt agus a úsáid. Spreagfar grúpaí pobail agus grúpaí cónaitheoirí páirt a ghlacadh i dtionscnaimh iomchuí spáis oscailte i gcomhaontú leis an gComhairle, e.g. an clár plandála mionchoillearnach agus na tionscnaimh plandaithe fálta sreach atá á dtriail i roinnt Páirceanna Comharsanachta.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Leanfaidh an Chomhairle de chomhpháirtíochtaí le pobail áitiúla, grúpaí deonacha agus eagraíochtaí eile a fhorbairt agus a neartú chun páirceanna agus spásanna oscailte a bhainistiú, a choimeád agus a fheabhsú, agus dul i gcomhar le grúpaí úsáideoirí na bpáirceanna, scoileanna, clubanna spóirt, grúpaí óige agus cumainncónaitheoirí áitiúla.
- Leanfaidh Baile Átha Cliath Theas de bheith ag plé le pobail áitiúla chun tionscnaimh nua a fhorbairt i bpáirceanna agus i spásanna oscailte; go háirithe maidir le bithéagsúlacht a fheabhsú, ceannbhrat a leathnú, agus fála sceach, bogaigh agus conairí bruachánacha laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte a chosaint agus a fheabhsú.

Cumarsáid agus Faisnéis

Tá an t-eolas reatha faoi pháirceanna agus spásanna oscailte sa CCÁCT ar fáil ar shuíomh gréasáin Chomhairle Contae Átha Cliath Theas. Cuirtear faisnéis a bhaineann go sonrach leis an bpáirc ar fáil trí chomharthaíocht ag bealaí isteach chuig páirceanna móra agus ag láithreacha inspéise áitiúla i bpáirceanna agus i spásanna oscailte. Tá faisnéis ar fáil freisin trí phreaseisiúintí. Fógraítear tograí forbartha nua trí phróiseas Chuid 8 (comhairliúchán poiblí) agus tá siad ar fáil lena bhfeiceáil ar an tairseach comhairliúcháin phoiblí agus chun gur féidir le daoine den phobal aighneachtaí agus tuairimí a dhéanamh.

Tá Rannóg Réimse Páirceanna CCÁCT an-ghníomhach ar na meáin shóisialta. Tá buntáiste mór ag gabháil le cumarsáid dhíreach a dhéanamh le codanna leathana den phobal maidir le gníomhartha agus tionscnaimh reatha atá ar siúl i bpáirceanna agus i spásanna oscailte agus aiseolas agus moltaí a fháil maidir le tionscnaimh ar nós na cláir um mionchoillearnacha agus móinéir a bhfuil an-tóir ag pobail áitiúla orthu.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Déanfaidh Baile Átha Cliath Theas athbhreithniú ar an bhfaisnéis a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte agus ar fhaisnéis ghaolmhar eile agus cláir pháirce ar shuíomhanna gréasáin agus ar mheáin shóisialta Bhaile Átha Cliath Theas, agus coinneoidh sé cothrom le dáta í.
- Forbróidh Baile Átha Cliath Theas straitéis

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

chomhathaíochta agus bhrandála dá pháirceanna agus cuirfidh sé an straitéis sin i bhfeidhm.



Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile



2. Luach na bPáirceanna agus na Spásanna Oscailte

Is comhpháirteanna riachtanacha den timpeallacht uirbeach iad páirceanna agus spásanna oscailte a chuireann spásanna anála luachmhara ar fáil, a thacaíonn le sláinte agus folláine dhaonra an Chontae, agus a spreagann an bhitheagsúlacht agus a chuidíonn chun na héifeachtaí a mheastar a bheith ag aeráid atá ag athrú a mhaolú.

Tá páirceanna agus spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas ríthábhachtach maidir le rannchuidiú le hardchaighdeán beatha dóibh siúd a chónaíonn, a oibríonn agus a thugann cuairt ar an gContae. Soláthraíonn siad gnáthóga le haghaidh próisis éiceolaíocha, fócasphointe le haghaidh áineas gníomhach agus éighníomhach, cuirtear idirghníomhaíocht phobail chun cinn leo agus cuidíonn siad chun tionchair an athraithe aeráide a mhaolú. Cuidíonn líonraí áitiúla de pháirceanna agus spásanna oscailte lena mbaineann caighdeán ard, atá dea-bhainistithe, sábháilte agus fáilteach chun an timpeallacht uirbeach a fheabhsú agus tionchar a imirt ar cá háit a roghaíonn duine dul ag cónaí, ag obair agus ag súgradh.

Dá bhrí sin is rudaí iad atá ríthábhachtach do sheachadadh pobal inbhuanaithe agus sláintiúil agus comhpháirteanna tábhachtacha den Bhonneagar Glas, lena soláthraítear seirbhísí éiceachórais a bhfuil tábhacht mhéadaithe leo do dhaonra uirbeach an Chontae.

Mar sin féin, tá gá le cothromaíocht idir cineálacha éagsúla spásanna oscailte chun freastal ar an speictream iomlán riachtanas áitiúil. Le tosca sóisialta agus eacnamaíocha atá ag athrú, patrúin forbartha atá ag athrú, cleachtais oibre agus fóillíochta, an tsfaisticiúlacht mhéadaithe a bhaineann le blas tomhaltóirí agus ionchais níos mó ón bpobal, cuireann na rudaí sin go léir éilimh nua ar spásanna oscailte. Ní léireoidh gach limistéar éileamh ar spás oscailte i bhfoirm páirceanna imeartha nó garraithe scóir, agus d'fhéadfadh éileamh áitiúil sonrach a bheith ag roinnt limistéar ar láithreáin 'conairí glasa' amhail siúlóidí dúlra nó láithreáin nádúrtha agus leathnádúrtha eile.



Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin

2.1 Bonneagar Glas

Tá Straitéis maidir le Bonneagar Glas (BG) don Chontae mar bhonn ag an bPlean Forbartha. Is é an sainmhíniú atá ag an AE ar an mBonneagar Glas ná:

“líonra de limistéir nádúrtha agus leathnádúrtha atá pleanáilte go straitéiseach ag a bhfuil gnéithe comhshaoil eile atá deartha agus bainistithe chun raon leathan seirbhísí éiceachórais a chur ar fáil amhail íonú uisce, cáilíocht an aeir, spás don áineas agus maolú ar an athrú aeráide agus oiriúnú dó.”

Laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas, cuimsítear le BG líonra idirnasctha de ghnáthóga nádúrtha, leathnádúrtha agus saorga, spásanna glasa agus sócmhainní éiceolaíocha a thrasnaíonn agus a nascann ceantair uirbeacha agus thuaithe, laistigh den Chontae agus chuig contaetha in aice láimhe. Cuireann líonra folláin dea-nasctha de bhonneagar glas raon de bhuntáistí sóisialta, eacnamaíocha agus éiceolaíocha ar fáil. Trí ghnéithe nádúrtha a chosaint agus scoilteadh gnáthóige a chomhrac, cuirtear feabhas ar an mbitheagsúlacht, scaftar truailléain agus cuidítear le cáilíocht an aeir agus an uisce a fheabhsú chomh maith le tuithe a chosc trí chuidiú le rith an uisce dromchla a rialú. Maidir le comhfhorbairt áite, is féidir le BG íomhá an Chontae a chur chun cinn, tionchar a imirt ar chinntí gnó chun infheistíocht a dhéanamh agus daoine a spreagadh le bheith ag maireachtáil agus ag obair sa cheantar.

Mar chuid lárnach de phobail inbhuanaithe atá deartha go maith a fhorbairt, tá BG ríthábhachtach chun go n-éireoidh le coincheap foriomlán an fháis nasctha dhlúth, lena seachnaítear an damáiste a dhéantar don chomhshaoil agus don aeráid trí sraoilleáil uirbeach agus lena n-éascaítear folláine fhisiciúil agus mheabhrach fheabhsaithe.

Tá siad seo a leanas i measc na bpríomh-chomhpháirteanna agus na bpríomhghnéithe de chreat BG spásúil an Chontae:


Croilimistéir Thábhachtacha amhail Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus na páirceanna atá suite feadh Ghleann na Life a sholáthraíonn naisc láidre BG le contaetha tadhlaacha.

I measc na gCroílimistéar Eile tá páirceanna móra agus spásanna glasa poiblí, mar shampla Páirc Bhaile Uaitéir agus Diméin Leamhcáin laistigh de Ghleann na Life, agus Páirc Thigh Motháin agus Páirc Chorcaí.

Conairí Straitéiseacha BG a sholáthraíonn líonra de spásanna oscailte líneacha forluiteacha agus ilfheidhmeacha a nascann na croílimistéir le Sléibhte Bhaile Átha Cliath, Gleann na Life, agus an líonra réigiúnach BG níos leithne a théann trí limistéir riaracháin Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Chathair Bhaile Átha Cliath, Chill Dara agus Fhine Gall. Cuimsíonn siad seo den chuid is mó sruthchúrsaí agus na criosanna bruachánacha a bhaineann leo, mar shampla Abhainn na Life, an Dothra, agus an Chamóg chomh maith leis an gCanáil Mhór. Sainaitníodh dhá chonair fhéideartha bhreise feadh an imeall uirbigh, in aice leis an teorainn le Contae Chill Dara (poitéinseal creasa ghlaís/spáis ghlaís) agus Conair an M50.

Conairí áitiúla BG a shíneann idir na Conairí Straitéiseacha agus a dhéanann nasc breise leis na Príomhlimistéir.

Clocha Cora ina bhfuil líonra spásanna glasa scoite níos lú scaipthe ar fud an cheantair fhoirgnithe, lena n-áirítear spásanna glasa agus páirceanna ar scála áitiúil agus spásanna glasa teagmhasacha eile, rud a ligeann do speicis bogadh tríd an líonra níos leithne conairí agus croílimistéar.



Fíor 2.1: Léarscáil na Straitéise maidir le Bonneagar Glas

- Léireoidh gach iarratas pleanála conas a rannchuidíonn siad le Bonneagar Glas a chosaint nó a fheabhsú sa Chontae trí ghnéithe de bhonneagar glas a sholáthar mar chuid den Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

iarratas a chur isteach.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Éilítear sa straitéis páirceanna agus spásanna oscailte seo go gcuireann gach forbairt nua le líonra foriomlán BG an Chontae i gcomhréir le cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae (BG 1 Cuspóir 1):
Líonra comhleanúnach, comhtháite agus éabhlóideach BG a bhunú ar fud Chontae Átha Cliath Theas le páirceanna, spásanna oscailte, fáлта sceach, crainn lena n-áirítear crainn sráide poiblí agus mion-choillearnacha dúchasacha (Stíl Miyawaki), féaraigh, limistéir chosanta agus aibhneacha agus sruthanna agus sócmhainní glasa agus gorma eile a chruthaíonn naisc straitéiseacha, agus cuspóirí na Straitéise BG a chomhtháthú agus a ionchorprú ar fud na bpleananna agus na forbartha ábhartha úsáide talún sa Chontae.
- Agus pleananna úsáide talún á bhforbairt, is príomh-sprioc luath é Plean Bonneagair Ghlaís a sholáthar don limistéar. Fágfaidh sé sin go mbeifear in ann sócmhainní bonneagair ghlaís atá ann cheana sa cheantar a shainaitheint lena chinntiú go gcuirfear páirceanna, spás oscailte, sreafaí SuDS dúlrbhunaithe, agus conairí bruachánacha agus éiceolaíocha ar an mbealach is fearr ar an leibhéal straitéiseach agus cuirfidh sé bonn eolais faoi shocrú bonneagair eile laistigh de cheantar an phlean.
- Féachfaidh Baile Átha Cliath Theas le páirceanna agus spás oscailte poiblí agus limistéir nádúrtha/leathnádúrtha a sholáthar agus a chruthú chun ailíniú leis an Straitéis maidir le Bonneagar Glas i gcás inarb iomchuí. Beidh bainistiú na spásanna sin ag teacht le cuspóirí na Straitéise maidir le Bonneagar Glas chun cosaint agus feabhsú an Bhonneagair Ghlaís, na gconairí éiceolaíocha agus na ngnáthóg ar fud an chontae a chinntiú.

2.2 Bithéagsúlacht

Tá tábhacht áitiúil, náisiúnta agus idirnáisiúnta ag baint le bithéagsúlacht an Chontae, rud a sholáthraíonn an comhthéacs nádúrtha ina bhforbraíonn an timpeallacht thógtha, an gréasán iompair agus pobail inbhuanaithe. Dá bhrí sin, tá cosaint agus athbhunú sócmhainní bithéagsúlachta ríthábhachtach maidir le sláinte, folláine agus cáiliocht na beatha laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas.

Úsáidtear an téarma ‘bithéagsúlacht’ chun tuairisc a thabhairt ar na cineálacha éagsúla beatha uile atá sa chomhshaol, lena n-áirítear plandaí (flóra), ainmhithe (fána), agus miocrorgánaigh a oibríonn le chéile chun

éiceachórais a chruthú a choimeádann cothromaíocht agus a thacaíonn leis an saol.

Plean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht an Chontae (2020-2026).

Is é beartas CCÁCT (NCBH2: Bithéagsúlacht) an méid seo a leanas a dhéanamh:

‘Bithéagsúlacht agus nascacht éiceolaíoch an Chontae a chosaint, a chaomhnú agus a fheabhsú ag féachaint do reachtaíocht agus Straitéisí náisiúnta agus AE’.


Féachann NCBH2 Cuspóir 1 leis an méid seo a leanas a dhéanamh:

‘Chun tacú le cur i bhfeidhm an Phlean Gníomhaíochta Náisiúnta um Bithéagsúlacht (2017-2021) agus an Phlean Uile-Éireann um Pailneoirí (2021-2025) agus chun tacú le glacadh agus cur i bhfeidhm Phlean Gníomhaíochta um Bithéagsúlacht Chontae Átha Cliath Theas (2020-2026) agus an Phlean Gníomhaíochta um Pailneoirí (2021-2025) agus aon bhunphleananna’.



PRÍOMHGHNÍOMH

- Gníomh suntasach laistigh den straitéis seo is ea go ndéanfaidh Baile Átha Cliath Theas, i gcomhar le pobail áitiúla, machnamh ar conas is féidir le páirceanna agus spásanna oscailte cuidiú le stop a chur le cailliúint na bithéagsúlachta agus iniúchadh a dhéanamh ar an gcaoi le hathchóiriú an dúlra a chur i bhfeidhm i suíomhanna iomchuí.
- Sainaitheoidh Baile Átha Cliath Theas raon na ngnáthóg agus a bhfeidhmeanna éiceolaíocha laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas, agus é de rún ann gnáthoga a bhfuil tábhacht ar leith leo a shainaitheint agus pleananna chun iad a fheabhsú agus a chosaint a áireamh laistigh den Phlean Bainistíochta Páirceanna ábhartha de réir mar a fhorbraítear iad nó a dhéantar athbhreithniú orthu.



Páirc Ráth Cúil

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

2.3 Áineas agus Sláinte

Is cuid bhunriachtanach é soláthar spáis oscailte ilfheidhmigh d’ardchaighdeán chun pobail shláintiúla a chruthú. Tá fianaise ag teacht chun solais a léiríonn na buntáistí suntasacha a bhaineann le rochtain ar spásanna oscailte ar ardchaighdeán chun sláinte fhisiciúil agus mheabhrach agus folláine ghinearálta na bpobal áitiúil a fheabhsú.

Léiríodh go gcuireann gníomhaíocht choirp feabhas ar thorthaí maidir le meabhairghalar a laghdú agus folláine a fheabhsú. Léiríonn an taighde go bhfuil ról suntasach aige freisin maidir le drochshláinte a chosc (an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte ‘Urban green spaces and health: A review of evidence’ [Sláinte sa spás glas uirbeach: Athbhreithniú ar fhianaise] 2016). Léirítear freisin go gcuireann spásanna glasa ar ardchaighdeán tairbhí eacnamaíocha féideartha ar fáil do limistéar trí chostais ar an tseirbhís sláinte poiblí a laghdú, athghiniúint uirbeach a chur chun cinn agus infheistíocht isteach a spreagadh.

Cuireann líonra spáis oscailte Bhaile Átha Cliath Theas go mór le meabhairshláinte agus sláinte fhisiciúil na bpobal áitiúil. Is cinn scríbe thábhachtacha do chónaitheoirí agus cuairteoirí ar leibhéal áitiúil, comharsanachta agus réigiúnach iad ordlathas páirceanna faoi bhainistíocht agus spásanna oscailte na Comhairle. Is féidir le fás i ngarraithe scóir deis a chur ar fáil freisin le haghaidh caitheamh aimsire fhisiciúil sláintiúil agus rannpháirtíocht shóisialta, chomh maith le ról tábhachtach a bheith aige maidir le feabhas a chur ar an mbithéagsúlacht áitiúil.

Éire Shláintiúil – Creat le haghaidh Sláinte agus Folláine Fheabhsaithe (2013-2025).

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tar éis í féin a ailíniú go dlúth le Líonra Náisiúnta Cathracha agus Contaetha Sláintiúla de chuid FSS atá beartaithe. In 2016, aithníodh Contae Átha Cliath Theas go foirmiúil mar Chontae Sláintiúil. Ó bhí 2014 ann, eagraíodh Seachtain na Sláinte agus na Folláine ar bhonn bhliantúil le raon leathan gníomhartha ar fud speictream an phobail a chuireann téama na maireachtála folláine chun cinn.



Garraithe Scóir Bhaile na mBráthar

2.4 Féiniúlacht Chomharsanachta

Is suíomh tarraingteach glas agus oscailte iad páirceanna agus spásanna oscailte a chuireann feabhas ar charachtar na gcomharsanachtaí uirbeacha go háirithe.

Is féidir le spás oscailte poiblí dea-dhearthra agus dea-bhainistithe rannchuidiú go mór le féiniúlacht comharsanachtaí uirbeacha a fheabhsú tríd an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Tacú le hathghiniúint trí áit níos tarraingtí a chur ar fáil inar féidir le daoine a bheith ag maireachtáil, ag obair agus ar féidir cuairt a thabhairt uirthi, ar féidir infheistíocht isteach mhéadaithe a mhealladh;
- Limistéir uirbeacha a shainiú agus a dheighilt, an baile agus an tír a nascadh ar bhealach níos fearr, agus foráil a dhéanamh maidir le riachtanais áineasa i limistéar leathan;
- Nascacht idir pobail a mhéadú agus cuidiú le comhtháthú sóisialta a mhéadú e.g. trí imeachtaí pobail i bpáirceanna; agus
- Gnéithe stairiúla agus cultúrtha a chosaint agus a fheabhsú.

2.5 Idirghníomhaíocht Shóisialta agus an Pobal

Léiríonn aiseolas ó chónaitheoirí áitiúla go bhfuil spéis agus meas mór ag pobail áitiúla ar pháirceanna agus ar spásanna oscailte.

Tá páirceanna agus spásanna oscailte níos inrochtana do raon níos leithne daoine ná roinnt áiseanna spóirt agus fóillíochta agus is fearr is féidir leo aidhmeanna an chuimsithe shóisialta agus an chomhionannais deiseanna a bhaint amach.

Is féidir le spásanna oscailte comhtháthú pobail a chur chun cinn freisin, forbairt pobail a spreagadh agus comhpháirtíochtaí idir an earnáil phoiblí agus an earnáil phríobháideach a spreagadh. Sainithnítear go forleathan gur féidir le soláthar saoráidí 'ríochta poiblí' ar ardchaighdeán amhail páirceanna agus spásanna oscailte cuidiú le limistéar a chur chun cinn mar áit tharraingteach chun cónaí ann agus go bhféadfadh roinnt buntáistí níos leithne a bheith mar thoradh air sin, lena n-áirítear buntáistí sláinte amhail leibhéil mhurtaill agus diaibéitis laghdaithe.



Plandú Mion-Choillearnaí i bPáirc Ghleann na Dothra

2.6 Inbhuanaitheacht

Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte le cuspóiríforbartha inbhuanaithe i gcás ina bhfuil siad suite go hiomchuí agus inrochtana trí shiúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí,

Tá soláthar spásanna oscailte agus saoráidí áineasa rithabhachtach do phobal inbhuanaithe agus rathúil, agus is féidir leo feidhm thábhachtach ilchuspóireach a chomhlíonadh freisin, amhail i gcás ina bhfuil luach taitneamhachta ag saoráidí spóirt faoin aer chomh maith le spóirt agus áineas a éascú. I measc na dtairbhí is féidir le spás glas ilfheidhmeach den sórt sin a sheachadadh go comhuaineach ón limistéar céanna talún, tá:

- Deiseanna a chur ar fáil maidir le scíth amuigh faoin aer, áineas neamhfhoirmiúil, spóirt, súgradh, foghlaim chomhshaoil agus rochtain ar an dúlra;
- Feabhas a chur ar an tsláinte agus ar an bhfolláine – leibhéil struis a íslíú, deiseanna aclaíochta a chur ar fáil agus cáilíocht an aeir a fheabhsú;
- Táirgeadh bia áitiúil a chumasú - i ngarraithe scóir agus in úlloird;
- Spás a chur ar fáil chun an bhitheagsúlacht a chaomhnú agus a fheabhsú agus conairí agus naisc fiadhúlra a chur ar fáil; agus



Páirc Thigh Motháin

2.7 Athrú Aeráide

Cuireann páirceanna agus spásanna oscailte go leor

deiseanna ar fáil chun astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú agus chun dul in oiriúint don aeráid atá ag athrú. Cuireann siad deiseanna ar fáil le haghaidh draenáil inbhuanaithe agus tá ról ríthábhachtach ag crainn agus plandaí trí charbón a ghabháil agus a stóráil.

Tá beartais agus cuspóirí sa Phlean Forbartha a chuireann bearta chun cinn a d'fhéadfadh an tionchar a bheith acu soláthar spáis oscailte phoiblí ar an aeráid a laghdú, lena n-áirítear:

- Páirceanna, spás oscailte agus bonneagar pobail a sholáthar laistigh d'achair insiúlta ó phobail agus ar bhealaí iompair phoiblí;
- Siúl agus rothaíocht a chur chun cinn agus iompar poiblí a úsáid trí bhearta tréscailteachta agus bainistíochta soghluaisteachta; agus
- Tuilleadh crann agus speiceas pailneoirí a phlandú agus córais bhainistíochta a oiriúnú i bpáirceanna agus spásanna oscailte poiblí ionas go mbeidh níos mó limistéar fiáin ann a mbeidh ceapadh carbóin méadaithe mar thoradh orthu.

Trína chinntiú go bhfuil saoráidí áineasa agus spásanna oscailte suite i lonnaitheachtaí atá ann cheana, gar do limistéir chónaithe agus d'áiseanna pobail eile, laghdaítear an gá le taisteal agus spreagtar úsáid modhanna iompair inbhuanaithe, amhail iompar poiblí, siúlóid agus rothaíocht.

I measc na mbeart eile a chuirfear i bhfeidhm i bpáirceanna agus i spásanna oscailte chun aghaidh a thabhairt ar thionchar aeráide tá:

- Bealaí iompair inbhuanaithe a chur ar fáil chuig spásanna oscailte poiblí agus laistigh díobh – ar mhaithe le rothaíocht agus siúl;
- Tosaíocht a thabhairt do rochtain ar áiseanna siúil agus rothaíochta i ndáil le forbairtí spáis oscailte phoiblí atá ann cheana agus atá beartaithe araon;
- Lónra glasbhealaí nasctha a fhorbairt ar mhaithe lerothaíocht agus siúl áineasa sábháilte;
- Bearta inbhuanaithe maolaithe tuilte a ionchorprú i scéimeanna atá ann cheana agus atá beartaithe;
- Raon leathan éifeachtaí plandaithe a thabhairt isteach chun feabhas a chur ar cháilíocht an aeir, iarmhairt teasoileáin uirbigh a laghdú, truailliú idirleata a scagadh, riosca tuilte a bhainistiú, uisce a stóráil le linn triomaigh, agus ar mhaithe le pailniú;
- A chinntiú go mbíonn scéimeanna plandaithe athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide
- Na spásanna timpeall ar chainéil abhann agus an crios bruachánach a chosaint agus a fheabhsú, agus

cosaint a chur ar fáil ar fhorbairt lena laghdófaí a chumas uisce ó thuilte a mhaolú agus a scagadh murach sin.

- A chinntiú go mbíonn foirgnimh áineasa athléimneach in aghaidh an athraithe aeráide agus tiosach ar fhuinneamh.
- Limistéir a scrúdú i bpáirceanna agus spásanna oscailte le haghaidh athchóiriú an dúlra agus/nó athbhunú speicis san fhiántas agus clár a chur i bhfeidhm chuige sin
- Deiseanna a shainaithint agus a bhrú ar aghaidh maidir le Bogaigh Comhtháite Tógtha chun aibhneacha agus srutháin a shníonn trí pháirceanna agus spásanna oscailte a ghlanadh agus a athchóiriú; is féidir é sin a dhéanamh agus lintéir á mbaint de shruthchúrsaí.
- Leanúint de chlár Mionchoillearnaigh Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm



Plandú fálda sceach i bPáirc Ráth Miontáin

- Leanúint de chlár Talún Móinéir Átha Cliath Theas a chur i bhfeidhm



Móinéar Pháirc Thigh Motháin



3. Páirceanna agus Spásanna Oscailte atá ann cheana féin

3.1 Ordalthas na Spásanna Oscailte

Tá sé mar phríomhaidhm na Straitéise an gá atá le feabhas a chur ar pháirceanna atá ann cheana agus páirceanna nua breise a sholáthar a aithint, laistigh d'ordlathas spásanna a chuirtear ar fáil chun éilimh an daonra atá ag dul i méid a shásamh.

Trí spásanna faoin aer atá tarraingteach, suimiúil, fáilteach a úsáidtear go forleathan a sholáthar agus a chothabháil, bainfear an cumas is mó is féidir amach chun líonra nasctha de spásanna glasa nádúrtha a shainaithnítear laistigh de Líonra Bonneagair Ghlais an Phlean Forbartha a sholáthar.

Léirítear san ordlathas spásanna oscailte poiblí ar a dtugtar breac-chuntas príomhghnéithe an líonra páirceanna agus spásanna oscailte atá ar fáil sa Chontae faoi láthair, agus leagtar amach ann creat don soláthar amach anseo ina n-aithnítear an raon feidhmeanna ar gach leibhéal san ordlathas.

Chun críocha an Phlean Forbartha, agus mar atá sainmhínithe sa straitéis seo freisin, is spás oscailte é spás oscailte poiblí a dearadh agus a leagadh amach d'aon ghnó lena úsáid ag an bpobal. D'fhéadfaí a áireamh leis sin spásanna oscailte níos lú i limistéir chónaithe nó spásanna níos mó ar an leibhéal áitiúil, comharsanachta nó réigiúnach laistigh d'ordlathas na spásanna oscailte. Féadfar foráil a dhéanamh leis freisin maidir le feidhmeanna éagsúla spásanna oscailte atá nasctha le suíomh agus méid.

Is gnách go mbíonn spás oscailte poiblí faoi úinéireacht na Comhairle agus á bhainistiú aici (agus is é cuspóir na Straitéise Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo) ach i gcásanna áirithe, is gnách go mbíonn spásanna níos lú i gceantair chónaithe, d'fhéadfadh cuideachta bainistíochta é a bhainistiú nó é a bheith faoi úinéireacht cuideachta bainistíochta, agus i gcásanna áirithe d'fhéadfadh na ceantair seo a bheith inrochtana don phobal freisin. Is í oifig na nOibreacha Poiblí an príomhsholáthraí eile de spás oscailte poiblí sa chontae a bhainistíonn maoin shuntasach agus stairiúil Mhúsaem na bPiarsach agus Páirc Naomh Éanna in oirthear an chontae.

Tá go leor de limistéir spáis oscailte Bhaile Átha Cliath Theas seanbhunaithe, mar chuid de cheadanna d'éastáit tithíochta nó trí thailte a fháil ag an gComhairle nó ag daoine eile. Cuirtear spás oscailte poiblí nua ar fáil go

ginearálta tríd an bpróiseas pleanála trí spás oscailte poiblí a shainaithint i bPleananna Ceantair Áitiúla nó i gCriosanna Forbartha Straitéisí agus trí choinníollacha pleanála a cheangal le haghaidh forbairt chónaithe nó cineálacha eile forbartha.

3.2 Páirceanna Réigiúnacha

Tá na páirceanna móra poiblí seo idir 100 agus 200ha ar mhéid, ag freastal den chuid is mó ar limistéir laistigh de gha 5km, ach ag freastal ar úsáideoirí ar fud an Chontae freisin agus mar láthair díol spéise do thurasóirí. Níl ach Páirc Ghleann an Ghrífin (69.19ha) níos lú, ina bhfuil cúig phíosá talún ar leithligh, ach ceangailte.

Go ginearálta, bíonn meascán d'oidhreacht nádúrtha, oidhreacht thógtha nó gnéithe cultúrtha agus saoráidí do chuairteoirí i bPáirceanna Réigiúnacha. D'fhéadfaí a áireamh leis na gníomhaíochtaí limistéir shúgartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, siúláin agus bealaí rothaíochta, limistéir suíochán agus caithimh aimsire éighníomhaigh, páirceanna imeartha (lena n-áirítear páirceanna imeartha uile-aimsire), agus seomraí feistis, raonta reatha agus garraithe scóir. Ba cheart rochtain éasca a bheith orthu le hiompar poiblí agus rothaíocht, agus foráil leormhaith ann don rothaíocht agus carrchlós.

Is iad Páirc Ghleann an Ghrífin, Páirc Chorcaí, Páirc Ghleann na Dothra agus Páirc Thigh Motháin na páirceanna réigiúnacha i gContae Átha Cliath Theas. Go hiondúil, ba cheart go mbeadh páirc réigiúnach suite laistigh de 5km ó gach baile sa Chontae

Tá páirceanna réigiúnacha mar phríomhghné de bhonneagar glas (BG) ar leibhéal straitéiseach don Chontae, rud a rannchuidíonn le conairí glasa tábhachtacha a bheith ag gabháil trí cheantair uirbeacha agus lena nasctar limistéir thuaithe agus limistéir sléibhe.

Is minic a bhíonn gnéithe suntasacha bithéagsúlachta agus bainistíochta uisce iontu amhail sruthchúrsaí, SuDS, locháin, riasca agus móinéir, limistéir faoi chrainn agus fálta sceach. Tá deiseanna suntasacha ann chun acmhainneacht BG na bpáirceanna sin a neartú trí fheabhsúcháin bithéagsúlachta breise.

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
	Páirceanna Réigiúnacha	
R1	Páirc Thigh Motháin	128.83
R2	Páirc Ghleann na Dothra	118.31
R3	Páirc Chorcaí/Chluain Dolcáin	132.83
R4	Páirc Ghleann an Ghrífin	69.19
	Iomlán na bPáirceanna Réigiúnacha	449.16

Tábla 3.1: Páirceanna Réigiúnacha atá ann cheana féin i mBaile Átha Cliath Theas

comórtais spóirt, féilte teaghlaigh, cosáin choillearnacha, coilíneachtaí éanlaithe fiáine, limistéir phicnice.



Páirc Réigiúnach Thigh Motháin

Páirc Ghleann na Dothra

Tá na fearainn páirce seo a leanas mar chuid de Pháirc Ghleann na Dothra: Páirc an tSeanbhábhuin, Cnoc Chairméal, Bhaile an Ridire, Gort na Silíní, Coill na Silíní, Baile na Coille, Bóthar na Dothra Íochtarach, Geata Íle. Soláthraíonn Conair Abhainn na Dothra an fócas don pháirc líneach fhada seo, ag síneadh ar feadh 6km ó Dhroichead an tSeanbhábhuin i dTamhlacht go Ráth Fearnáin, agus ag nascadh Sléibhte Bhaile Átha Cliath le bruachbhaile na cathrach. Is éard atá sa pháirc ná níos mó ná 100ha d'fhearann páirce nasctha agus tuath iarsma i ndlúthghaireacht do cheantair chónaithe sheanbhunaithe. Is príomhbhealach é tríd an timpeallacht uirbeach don bhitheagsúlacht agus do speicis faoi chosaint chomh maith le gníomhú mar bhealach sábháilte easbhóthair do choisithe agus do rothaithe, ag feidhmiú mar íosbhealach le bóithre móra amhail an M50, Bóthar Ceangail Spawell agus Bóthar Achadh an Tobair. Nascann sé tríd an Dothra go Páirc Choill Tobair san iardheisceart agus ar aghaidh go Bhóthar na Bruíne agus Sléibhte Bhaile Átha Cliath. I dtreo bhéal na habhann, nascann sé go díreach le Páirc na dTor agus le páirceanna móra eile atá fliúirseach feadh na Dothra i gceantair chomhairle Chathair Bhaile Átha Cliath agus Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin.

Tá saintréithe uathúla ag Abhainn na Dothra a bheith ina habhainn uirbeach laistigh de phríomhchathair agus ina conair thábhachtach BG don bhitheagsúlacht. Is Conair straitéiseach BG é an Dothra ar an leibhéal réigiúnach. Tá Limistéar Oidhreacht Nádúrtha beartaithe ann agus téann sé trí thrí chontae uirbeacha / fo-uirbeacha agus nascann sé le roinnt láithreáin Natura 2000. Is conair láidir éiceolaíoch í, ina bhfuil acmhainn luachmhar bithéagsúlachta agus feidhmíonn sí mar thearmann agus mar chosaint na bithéagsúlachta do raon leathan speiceas cosanta.

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Chomh maith lena luach nádúrtha caomhnaithe, cuireann an pháirc oidhreacht shaibhir ar fáil (lena n-áirítear stair fhada muilleoireachta le leagáid de choraí agus soláthar uisce), chomh maith le radhairc den scoth agus raon leathan deiseanna áineasa gníomhacha agus éighníomhacha. Tá roinnt struchtúr laistigh den pháirc ar díol spéise staire iad.


Cuirfidh an fhorbairt a rinneadh le déanaí ar Ghlasbhealach na Dothra, tionscadal comhoibritheach le Comhairle Contae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath agus an tÚdarás Náisiúnta Iompair, bealach leanúnach coisithe agus rothaíochta ar fáil tríd an bpáirc, atá os cionn 17km ar fhad ó na cé i Lár Chathair Bhaile Átha Cliath go Gleann an Smóil i mbunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath. Déanfar an bonneagar suntasach seo a chomhtháthú laistigh den chóras páirce atá ann cheana chun rochtain shábháilte agus tharraingteach a sholáthar ar spás oscailte ar fud an Chontae agus níos faide i gcéin.

Tógadh bogach comhtháite tógtha sa pháirc a dhéanann idircheapadh ar uisce draenála dromchla agus a ghlanann é sula dtéann sé isteach sa Dothra.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Glasbhealach na Dothra, Cora agus Eas Bhaile an Ridire, Droichead agus Cora an tSeanbhábhuin, sruthchúrsa na Cathrach agus oidhreacht ghaolmhar, siúlbealaí cois abhann, clóis súgartha, raon pumpála rothaíochta BMX, limistéir phicnice, páirceanna spóirt, cúirteanna leadóige, cúirt cispheile, agus seomra feistis spóirt (pailliún)

Ag siúl/bogshodar, rothaíocht BMX, rothaíocht, picnic, spóirt, faire dúlra.



Gleann Abhainn na Dothra

Páirc Chorcaí / Chluain Dolcáin

Tá níos mó ná 120ha i bPáirc Chorcaí agus bhí sí mar chuid de mhainéar agus a eastát tráth (Diméin Chorcaí). Cé gur scartáladh Teach Dhiméin sula bhfuair an Chomhairle an talamh páirce, tá na foirgnimh feirme fós i lár na páirce. Osclaíodh an pháirc don phobal in 1986.

Tá stair fhada shuimiúil ag Diméin Chorcaí agus bhí sí ina hábhar staidéir agus taighde áitiúil. Tá oidhreacht talmhaíochta agus thionsclaíoch araon ag na tailte laistigh

den mhachaire-abhann torthúil. Baineadh leas as abhainn na Camóige le haghaidh cineálacha éagsúla muilleoireachta thar na blianta, agus tá oidhreacht álainn sruthanna, lochán agus taraenna agus iarsmaí roinnt muilte i bPáirc Chorcaí dá bharr. D'aimsigh imscrúduithe seandálaíochta struchtúir neoliteacha agus struchtúir ón gCré-umhaois agus tá dhá shéadchomhartha seandálaíochta i lár na páirce, (Caisleán agus Créfort Mótach). Mar sin féin, is beag fianaise atá ann go bhfuil siad os cionn na talún anois mar gur tógadh Teach Dhiméin agus Foirgnimh Feirme Pháirc Chorcaí sa cheantar céanna le linn tréimhse níos déanaí.

Tá an pháirc suite gar do Bhóthar an Náis agus is tairseach í chuig Glasbhealach na Camóige as a dtagann Sráidbhaile Chluain Dolcáin agus an Clógas.

Áirítear ann an t-aon raon rothaíochta saintógtha in Éirinn, chun timpeallacht shábháilte, saor ó thrácht a chur ar fáil inar féidir scileanna a fhoghlaim, aclaíocht a fheabhsú, traenáil agus rásaíocht a dhéanamh. I measc na ngnéithe eile tá feirm Dhiméin Chorcaí atá ar marthain agus foirgnimh amuigh le fearann páirce fairsing, coill sí, agus Páirc Charbhán agus Champála Ghleann na Camóige le naisc éasca le Clogás agus Ionad Cuairteoirí Chluain Dolcáin.

Tá pleananna á gcur i gcrích ag an gComhairle Contae faoi láthair chun an tóir atá ar an gceann scríbe a leathnú agus Páirc Chorcaí a shuíomh níos fearr laistigh de mholadh foriomlán turasóireachta Bhaile Átha Cliath Theas agus Shráidbhaile Chluain Dolcáin go háirithe. Faoi threoir Phlean Forbartha an Chontae, an bheartais náisiúnta turasóireachta, Straitéis Turasóireachta Átha Cliath Theas agus Mháistirphlean agus Phlean Soláthair Pháirc Chorcaí (2020), tá raon tionscadal comhtháite uasghrádaithe ríochta poiblí agus fearann páirce, lena n-áirítear mol lárnach cuairteoirí le siopa caife, limistéir phicnice, spásanna súgartha agus áiseanna gaolmhara á bhforbairt chun eispéireas barántúil cuairteoirí Pháirc Chorcaí a fheabhsú.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Oidhreacht thógtha, spásanna súgartha, gairdín rósanna, raon rothaíochta, garraithe scóir, páirceanna spóirt agus imeartha, páirc scátála, áiseanna feistis spóirt, Páirc Charbhán Ghleann na Camóige, páirceanna daorchluiche, páirc cruicéid, siúlbealaí cois abhann agus siúlbealaí coillearnaí, leithris, agus 4 charrchlós, Ionad Spóirt agus Fóillíochta Chluain Dolcáin.

Páirc súgartha, coill sí, áiseanna spóirt, siúl/ bogshodar, treodóireacht, raon rothaíochta agus limistéir phicnice.

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile



Páirc Réigiúnach Chorcaí

Páirc Ghleann an Ghrífin

Tá níos mó ná 80 ha (200 acra) sa Pháirc Réigiúnach seo, agus tá sí comhdhéanta de shraith spásanna oscailte poiblí, a dháiltear feadh Abhainn an Ghrífin, craobh-abhainn den Life. Sa chéad chuid arb í an chuid is sine páirc bhaile beag a bhfuil tóir uirthi i lár sráidbhaile Leamhcáin. Is féidir an dara cuid, ar a dtugtar Páirc Vesey, a iontráil ag Baile Adaim / Bóthar an Chaisleáin Nua agus síneann sé timpeall eastát tithíochta Vesey, ag críochnú ag seachbhóthar Leamhcáin. Is spás oscailte é an tríú cuid ar an taobh theas den seachbhóthar a chríochnaíonn ag Lána Uí Loingsigh. Tosaíonn an chuid iata de Pháirc Ghleann an Ghrífin ar an taobh eile de Lána Uí Loingsigh agus síneann sí feadh chúl eastát tithíochta Airt Uí Ghríofa go hAscaill an Ghrífin.

Is féidir bealach isteach a fháil ar Pháirc Ghleann an Ghrífin amach ó Ghlasbhealach na Canálach Móire i gCaisleán na Gráinsí tríd an Droichead Dearg, a sholáthraíonn nasc easbhóthair idir Cluain Dolcáin agus Leamhcán freisin.

Tá codanna de Pháirc Ghleann an Ghrífin laistigh de Chroílímistéir BG ach is í an phríomhfheidhm atá aige mar Chonair idir Conair Straitéiseach BG na Canálach Móire agus Croílímistéir Ghleann na Life.

Le crios forbartha straitéisí Chluain Buiríosa, ceadáítear síneadh Pháirc Ghleann an Ghrífin ar an taobh theas a leathnóidh an pháirc go dtí an Chanáil Mhór feadh Abhainn an Ghrífin agus lena soláthrófar áiseanna áineasa gníomhacha agus éighníomhacha breise laistigh d'fhorbairt na páirce sin. Tá Glasbhealach ann cheana féin trí na tailte seo a nascann Sráidbhaile Leamhcáin leis an gCanáil Mhór, agus tá sé beartaithe an Glasbhealach agus naisc iomlána a uasghrádú chun lúb Glasbhealach na Canálach Móire go dtí an Chanáil Ríoga a chruthú trí Pháirc Ghleann an Ghrífin agus trasna na Life.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Ionad Spóirt & Fóillíochta Leamhcáin, spásanna súgartha, páirceanna spóirt agus imeartha, raon lúthchleasaíochta uile-aimsire, páirc haca uile-aimsire, páirc scátála, áiteanna feistis, balla liathróidí, spás do dhéagóirí, limistéir aclaíochta, cúirt búlaí, carrchlós.

Glasbhealach Abhann an Ghrífin, siúlóidí cois abhann, siúl/bogshodar, rothaíocht, clóis súgartha do leanaí, clárscátáil, spásanna do dhéagóirí, pétanque, limistéir spóirt agus phicnice.




Páirc Ghleann an Ghrífin (Réigiúnach)

3.3 Páirceanna Comharsanachta

Is féidir leis na páirceanna seo a bheith i méid ó thart ar 20 go 50ha, (in imthosca eisceachtúla is féidir leis an méid a mhéadú ó 50 go 100ha.) i méid agus is féidir ceantar comharsanachta a bheith acu.

Tá siad inrochtana do choisithe agus rothaithe, agus is féidir raon leathan saoráidí agus úsáidí éagsúla a bheith iontu, lena bhféadfadh páirceanna imeartha, agus seomraí feistis i ndáil le saoráidí agus gníomhaíochtaí faoin aer, saoráidí súgartha, giomnáisiamáí faoin aer, siúlbhealaí agus bealaí rothaíochta a bheith san áireamh.



Fíor 3.3: Suíomhanna na bPáirceanna Comharsanachta

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Freastalaíonn páirceanna comharsanachta ar cheantar comharsanachta laistigh de 800m.

Is féidir réimse gnéithe BG á áireamh i bpáirceanna comharsanachta, amhail bogaigh, riasca, páirceanna móinéir, agus limistéir phlandála neamhfhoirmiúla ar mhórán bithéagsúlachta. Tá deiseanna suntasacha ann luach na bithéagsúlachta a neartú trí scéimeanna feabhsaithe íogaire agus trí naisc a chruthú trí chonairí straitéiseacha ar an leibhéal áitiúil le líonra BG ar fud an Chontae.

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
Páirceanna Comharsanachta		
N1	Páirc Choill Tobair	45.87
N2	Páirc Bhaile Uaitéir	34.09
N3	Páirc Sheáin Bhreathnaigh	21.86
N4	Páirc Bhaile an Mhóta	21.15
N5	Páirc Chill an Ardáin	20.81
N6	Páirc an Bhuiltearaigh agus Mhic Aodha	20.67
N7	Páirc Bhaile Choilín	20.20
Iomlán na bPáirceanna Comharsanachta		184.65

Tábla 3.2: Páirceanna Comharsanachta i mBaile Átha Cliath Theas

Páirc Choill Tobair

Suite i mbunchnoic Shléibhte Bhaile Átha Cliath, cuireann Páirc Choill Tobair raon leathan bealaí nádúrtha siúil nó reatha ar fáil le radharcanna iontacha ar an gcathair agus ar na sléibhte. Is í Páirc Choill Tobair páirc éiceolaíoch Bhaile Átha Cliath Theas, a bhainistítear ar son na bithéagsúlachta agus a fheabhsaíonn an chonair éiceolaíoch chuig Sléibhte Bhaile Átha Cliath. Síneann Slí Shléibhte Bhaile Átha Cliath taobh le hAbhainn na Dothra tríd an bpáirc agus lúbann sí timpeall Taiscumar Bhóthar na Bruíne agus ar aghaidh trí radharc tíre garbh na n-ardtailte isteach i Sléibhte Bhaile Átha Cliath. Críochnaíonn an bealach siúil fadachair seo sa tSeanchill ach nascann sé le Bealach Chill Mhantáin faoi bhealach. Téann Glasbhealach na Dothra a nascann Sléibhte Bhaile Átha Cliath le Dugthailte Chathair Bhaile Átha Cliath trí Abhainn na Dothra agus trí Pháirc Chill Tobair freisin.

Is cloch chora thábhachtach í Páirc Choill Tobair sa chonair ilfheidhmeach BG a thrasnaíonn agus a nascann na sléibhte, na ceantair uirbeacha agus na ceantair thuaithe agus a nascann le conairí réigiúnacha eile.

Tá soláthar céimnithe na dtograí feabhsúcháin ar siúl faoi láthair; (Glasbhealach na Dothra, Tograí Mháistirphlean Pháirc Choill Tobair), lena n-áirítear limistéir súgartha nádúrtha, dhá pháirc sacair agus páirc CLG amháin, plandú coillearnach dúchasach agus féarthailte bláthanna fiáine, athchóiriú fálta sceach, agus síneann sé an Glasbhealach feadh Abhainn na Dothra.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Cosáin siúil/bhogshodair, carrchlós, talamh móinéir fairsing. I measc na bpleananna tá páirceanna spóirt, limistéir súgartha, limistéir féachana, plandú crann, córas inbhuanaithe draenála uirbigh nádúrtha.

Siúl/bogshodar, rothaíocht, faire dúlra.



Páirc Chomharsanachta Chill Tobair

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Páirc Bhaile Uaitéir

Suite in aice le sráidbhaile Bhaile Phámar, Eastát Bhán na Feirme agus Páirc an Fhionnuisce, feirm teaghlaigh ab ea Páirc Bhaile Uaitéir go dtí na 1980idí. Síneann an pháirc go dtí thart ar 34ha agus cumhdaítear í le hOrdú um Limistéar Taitneamhachta Speisialta Ghleann na Life, agus tá sí ar cheann de na spásanna oscailte is tábhachtaí ó thaobh na héiceolaíochta de i mBaile Átha Cliath. I measc a raon leathan gnáthóg sainiúil, tá cuid shuntasach de Chonair na Life, coillearnach aibí, féarthailte fluicha agus fálta sceach aibí.

Laistigh den pháirc tá raon 5km a úsáidtear le haghaidh siúil, bogshodar agus rothaíochta, chomh maith le siúlbealaí feadh na Life, taraenna ón 19ú haois, trealamh aclaíochta agus clós súgartha nádúrtha ionchuimsitheach le conair shúgartha bheag trí limistéar coillearnaí.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Trealamh aclaíochta, spás súgartha, raon rothaíochta, picnic, carrchlós.

Siúl/bogshodar, raon rothaíochta, siúlóidí abhann, faire fiadhúlra.



Páirc Chomharsanachta Bhaile Uaitéir

Páirc Sheáin Bhreathnaigh

Is minic a thugtar “scamhóg ghlas Thamhlachta” uirthi, agus síneann Páirc Sheáin Bhreathnaigh go dtí thart ar 36 heicteár (90 acra) agus osclaíodh go hoifigiúil í i mí an Mheithimh 1989. Tá sé suite i gcroílár lár uirbeach Thamhlachta, gar do cheantair chónaithe ó dheas ón N81, agus le droichead coise a thrasnaíonn go díreach chuig Ionad Siopadóireachta na Cearnóige.

Tugann líonra conairí rochtain ar ghnéithe iomadúla na páirce, agus nascann siad le Sléibhte Bhaile Átha Cliath trí Shlí Shléibhte Bhaile Átha Cliath, a bhfuil a túsphointe sa pháirc. Tá nasc ann i dtreo bhéal na habhann freisin le Glasbhealach na Dothra trí Shruthán Bhaile an Fhaoitigh agus nascaidh Glasbhealach atá beartaithe thuas an abhainn an pháirc le Páirc Chill an Ardáin agus ar aghaidh chuig Ráth Miontáin; cloch choirnéil a dhéanamh den pháirc seo maidir le nascacht siúil agus rothaíochta i gcroílár Thamhlachta.


Tá Staid Thamhlachta (ionad peile saintógtha, 6,000 suíochán, úrscothach) suite laistigh den pháirc. Bainistíonn CCÁCT páirc ilspóirt 3G sa pháirc freisin, ar féidir í a chur in áirithe ar líne. Tá carrchlós suite i mBealach Bhaile an Fhaoitigh, roinnt bealaí bus in aice láimhe, chomh maith le stad Luas laistigh d'achar gearr siúlóide, rud a fhágann go bhfuil Páirc Sheáin Bhreathnaigh inrochtana go héasca do gach duine.

Tá réimse leathan gnáthóg sa pháirc, mar shampla sruthán, coillearnach, féarach agus loch.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Staid Thamhlachta, Páirc Imeartha Féir Shaorga 3G, Lochanna, Clós Súgartha, Spás do Dhéagóirí, gairdín céadfach, Slí Shléibhte Bhaile Átha Cliath, Glasbhealach Shruthán Bhaile an Fhaoitigh, conair crann dúchasach, limistéar do mhadraí, limistéir féachana, limistéir phicnice, carrchlóis.

Spóirt, siúl/bogshodar, rothaíocht, faire dúlra, súgradh agus fóillíocht.



Páirc Chomharsanachta Sheáin Bhreathnaigh

Páirc Bhaile an Mhóta

Tá an pháirc bheag seo (thart ar 21ha), ar a dtugtar Reilig an Fhearainn Nua uaireanta, suite i mBaile Átha Cliath Theas taobh le fothrach Chaisleán Bhaile an Mhóta (a tógadh in 1622). Ba é An Cnoc Álainn ('cnoc álainn') ainm bunaidh an cheantair agus tagairt á déanamh don chnoc a bhí ann cheana (uaigh ón gCré-umhaois).

Tá dhá pháirc peile sa pháirc agus páirc CLG amháin a úsáideann roinnt clubanna áitiúla, chomh maith le clós súgartha le raon trealamh lena n-áirítear luascáin, sleamhnán, barraí moncaí, barraí gleacaíochta, trampailín agus bíoma cothromúcháin. Tá limistéar súgartha gainimh ann freisin ag a bhfuil gnéithe súgartha nádúrtha sa chlós súgartha. Tá loch iascaireachta agus bealaí siúlóide fairsinge sa pháirc.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Páirceanna spóirt & imeartha, áiseanna feistis spóirt, bogaigh, loch, trealamh aclaíochta agus clós súgartha, carrchlós.

Spóirt, iascaireacht, siúl / bogshodar, rothaíocht, áis súgartha agus picnic.



Páirc Chomharsanachta Bhaile an Mhóta

Páirc Chill an Ardáin

Síneann Páirc Chill an Ardáin, atá suite siar ó dheas ó Lár Baile Thamhlachta, go dtí thart ar 20.15ha. Leagadh amach é go luath sna 1980idí mar chuid d'fhorbairt eastát Dhomhnach Mór agus eastát an Chnoic Mhóir i mbruachbhaile Chill an Ardáin a bhí ag leathnú chun freastal ar áineas éighníomhach agus ar riachtanais na bpobal máguaird.

Rinneadh uasghrádú forleathan ar an bpáirc in 2024 i gcomhréir leis an bplean a forbraíodh leis an bpobal áitiúil agus áirítear leis limistéir súgartha, spásanna do dhéagóirí, Limistéar Ilúsáide Cluichí (MUGA), rampa scátála, trealamh aclaíochta, uasghrádú na bpáirceanna spóirt, athailíniú na gcosán chun bealaí comhroinnte inrochtana a chruthú, Glasbhealach Shruthán Bhaile an Fhaoitigh a chríochnú tríd an bpáirc agus bealaí isteach agus teorainneacha a uasghrádú.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Páirceanna spóirt, limistéar ilúsáide cluichí (MUGA), clóis súgartha, spásanna do dhéagóirí, callaistéinic, trealamh aclaíochta, páirceanna imeartha.

Spóirt, aclaíocht, clárscátáil, siúl/bogshodar, rothaíocht, súgradh



Páirc Chomharsanachta Chill an Ardáin

Páirc an Bhuitléaraigh agus Mhic Aodha

Ag síneadh go dtí thart ar 21ha agus é comhdhéanta den chuid is mó d'fhéarach feabhsaithe agus de pháirceanna feabhsaithe a úsáideann foirne spóirt áitiúla, lena n-áirítear Marks Celtic FC agus Club CLG Naomh Marcais. Rinneadh oibreacha feabhsaithe teorann suntasacha le déanaí i bPáirc an Bhuitléaraigh agus Mhic Aodha. Tá pleananna á ndéanamh ag an gComhairle faoi láthair d'uasghrádú cosúil leis na huasghráduithe a rinneadh le déanaí ar Pháirc Ráth Miontáin agus ar Pháirc Chill an Ardáin in aice láimhe.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Saoráidí spóirt, ag siúl / ag bogshodar. Páirceanna imeartha.

Páirc Bhaile Choilín

Suite i gCluain Dolcáin agus ag síneadh go beagán os cionn 20ha, tá Páirc Bhaile Choilín comhdhéanta de pháirceanna imeartha den chuid is mó. Tá ciorcad siúil / reatha 0.9 míle (2,000 céim) ann freisin.

Cuireadh spás mór do dhéagóirí ar fáil sa pháirc le teqball, callaistéinic, suíochán maisithe, raon rothaíochta, limistéar ilúsáide cluichí (MUGA), Ionad DJ agus tobair uisce óil, agus tá spás súgartha a bhfuil tóir air in aice láimhe.

Is cuspóir Bonneagair Ghlais é freisin feabhsú gnáthóige a chur chun cinn i bPáirc Bhaile Choilín chun feabhas a chur ar a ról mar chloch chora laistigh den líonra i gcoitinne.

SAORÁIDÍ AGUS GNÍOMHAÍOCHTAÍ

Clós súgartha, spásanna do dhéagóirí, páirceanna imeartha, ciorcad siúil agus rothaíochta.

Spóirt, siúl/bogshodar, rothaíocht, agus áis súgartha.



Spás súgartha Pháirc Bhaile Choilín



Spás do Dhéagóirí i bPáirc Bhaile Choilín

3.4 Páirceanna Áitiúla / Spásanna Oscailte

Tá na páirceanna seo idir 2 agus 20ha. Freastalaíonn siad den chuid is mó ar thaitneamhacht agus caitheamh aimsire éighníomhach, cé go bhféadfadh páirceanna imeartha agus trealamh imeartha a bheith le fáil i roinnt acu. Tá siad an-ghar do thithe agus sorochtana dá réir ag coisithe agus rothaithe.

Freastalaíonn Páirceanna Áitiúla ar an daonra áitiúil laistigh de cheantar 400m.

Is féarthailte feabhsaithe go príomha atá sna páirceanna sin agus cuireann siad deiseanna suntasacha ar fáil chun rannchuidiú leis an líonra Bonneagair Ghlais ar an leibhéal áitiúil trí scéimeanna feabhsúcháin lena n-áirítear crainn dhúchasacha, coillearnacha bheaga, fálta sceach, móinéir a phlandú agus plandú eile.




Páirc Dhiméin Leamhcáin



Páirc Ráth Cúil



Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin



Fíor 3.4: Suíomhanna na bPáirceanna Áitiúla

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
	Páirceanna Áitiúla	
L1	Páirc Bancroft	18.00
L2	Páirc Ghleann Álainn	17.58
L3	Páirc Chill na Manach	15.52
L4	Páirc Ráth Cúil	14.21
L5	Páirc Bhaile Eoghain	13.82
L6	Páirc Ráth Miontáin	13.34
L7	Páirc Chnoc Mitin	13.07
L8	Páirc Chuidbhríocht	12.72
L9	Páirc na Canálach Móire	10.94
L10	Páirc Airlie	10.64
L11	Ospidéal Stewart	10.29
L12	Páirc Chnoc Lín	10.08
L13	Páirc Eirneatáiste	8.28
L14	Páirc Ionad Pobail Theach na Giúise	8.11
L15	Diméin Leamhcáin	8.08
L16	Páirc Bhaile Mhic Craith	7.16
L17	Páirc na nGlaschnoc	7.13
L18	Páirc Shruothán Liam, Páirc Ghleann an Ghrífin, Páirc na Gléibe	6.97
L19	Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin	6.80
L20	Páirc Lána Tandy	6.71
L21	Páirc Choill an Rí	6.71
L22	Páirc Ghleanntáin an Choiréil	6.55
L23	Páirc Bhaile Ailín	5.95
L24	Páirc Choillte Leamháin	5.49
L25	Páirc Aylesbury	5.15
L26	Páirc Ghort an Chaisleáin	4.72
L27	Páirc na Feá	4.67
L28	Páirc Choill na hEilce	4.27
L29	Páirc na Carraige Móire	4.26
L30	Páirc Shruothán Bhaile an Fhaoitigh	3.39
L31	Arda Airlie	3.68
L32	Páirc Rualaí	3.48
L33	Páirc Orwell	3.47
L34	Páirc an tSáirséalaigh	3.29
L35	Páirc Ghort na Feá	3.14

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
L36	Páirc na gCrann Glas	3.04
L37	Páirc Ardán Avondale	2.97
L38	Páirc Mhullach an Chnoic	2.35
L39	Páirc an Teampaill Ghil	2.06
	Iomlán na bPáirceanna Áitiúla	298.09

Tábla 3.3: Páirceanna Áitiúla i mBaile Átha Cliath Theas

3.5 Páirceanna Beaga / Spásanna Oscailte


Cuireann páirceanna beaga (idir 0.2 agus 2ha) áiseanna tábhachtacha taitneamhachta agus áineasa ar fáil. Freastalaíonn siad den chuid is mó ar thaitneamhacht agus caitheamh aimsire éighníomhach, agus d'fhéadfaí saoráidí súgartha ar scála beag a áireamh leo.

Freastalaíonn páirceanna beaga ar dhaonra áitiúil na comharsanachta laistigh de cheantar 300m.


Bíonn claonadh ag gnéithe BG i bpáirceanna beaga gur teoranta iad, agus tá formhór na limistéar comhdhéanta as féarach feabhsaithe maille le fála sceanh nó cruinn ócáideacha. Tá deiseanna ann luach bithéagsúlachta na bpáirceanna sin a neartú trí chrainn dhúchasacha a phlandú agus trí phlandú agus bainistiú atá fabhrach do phailneoirí.

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
S1	Páirc Delaford	1.92
S2	Páirc Mhic Bhrádaigh	1.91
S3	Páirc Radharc an tSruotháin	1.80
S4	Páirc Bhaile Thigh Motháin	1.73
S5	Páirc Chaisleán Chluain Dolcáin	1.69
S6	An Pháirc Thiar	1.42
S7	Páirc Bhaile Uí Néill	1.16
S8	Páirc Ghleann na Dothra Bige	1.11
S9	Páirc Áirse Íle	0.39
S10	Páirc Shráidbhaile Theach na Giúise	0.25
S11	Páirc Bhaile Leamhcáin	0.12
	Iomlán na bPáirceanna Beaga	13.50

Tábla 4.4: Páirceanna Beaga i mBaile Átha Cliath Theas



Páirc Áitiúil Shráidbhaile Theach na Giúise



Fíor 3.5: Suíomhanna na bPáirceanna Beaga

3.6 Spásanna Taitneamhachta Ginearálta

Tá na spásanna oscailte éagsúla seo éagsúil ó thaobh méide de (íosmhéid 0.15ha) agus d'fhéadfadh limistéir neamhfhoirmiúla bheaga agus mhóra araon a bheith san áireamh leo, a bhíonn faoi fhéar de ghnáth in eastáit tithíochta nó in aice leo. Ní áirítear sna limistéir sin ciumhaiseanna féir, stráicí cúnga plandaithe nó spás oscailte teagmhasach nó 'fuílligh'. Tá siad oscailte d'úsáid shaor agus spontáineach ag an bpobal ach ní leagtar amach ná ní bhainistítear iad le haghaidh feidhm shonrach amhail páirc, páirc imeartha phoiblí nó láthair áineasa.

De ghnáth, is féidir le spásanna oscailte taitneamhachta freastal ar fheidhmeanna éagsúla ag brath ar a méid, a gcruth agus a suíomh. Féadfar cuid acu a úsáid le haghaidh gníomhaíochtaí áineasa neamhfhoirmiúla, agus cuireann cuid eile leo féin, nó le chéile, le taitneamhacht amhairc fhoriomlán limistéir.

D'fhéadfadh 'mionpháirceanna' a bhfuil rochtain ag an bpobal orthu a bheith san áireamh sna spásanna ginearálta sin. Is gnách go mbíonn an chatagóir seo de spás oscailte ró-bheag le haghaidh áineas gníomhach foirmiúil ach is féidir léi spásanna glasa a sholáthar, áit le suí agus casadh le daoine lasmuigh nó uaireanta bíonn earraí súgartha nó trealaimh aclaíochta iontu. Is minic a sheachadtar iad mar chuid de scéimeanna forbartha tithíochta ar mhórsála nó inlíonta.


De réir suímh agus inrochtaineachta ar chomharsanachtaí seanbhunaithe nó beartaithe, tá sé d'acmhainn

ag go leor de na spásanna sin forbairt mar pháirceanna poiblí nó le haghaidh cineálacha níos éagsúla soláthair spáis oscailte éighníomhaigh amhail réitigh dhúlra bhunaithe le haghaidh maolú uisce dromchla áitiúil, úlloird, bogaigh, anaclanna dúlra áitiúla agus tionscadail áineasa pobail inmharthana, lena mbaineann tairbhí bithéagsúlachta gaolmhara do líonra BG.

Feidhmíonn spásanna oscailte níos lú mar chlocha cora laistigh den líonra BG níos leithne.



Spás Glas Taitneamhachta Ginearálta Tipiciúil – Spás Oscailte Choill na Carraige



Fíor 3.6: Spásanna Taitneamhachta Ginearálta atá ann cheana féin i mBaile Átha Cliath Theas

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

3.7 Spásanna Cathartha / Cearnóga

Tá na spásanna poiblí tábhachtacha sin éagsúil ó thaobh méide de (níos lú ná 0.2ha den chuid is mó) agus áirítear leo limistéir chathartha agus cearnóga margaidh agus limistéir eile dromchla chrua atá deartha do choisithe. Is gnách go bhfreastalaíonn siad ar fheidhm chomharsanachta le haghaidh idirghníomhaíocht shóisialta agus is minic gur príomhghné iad de limistéir uirbeacha ard-dlúis.

Tá deiseanna ann luach bithéagsúlachta na spásanna sin a neartú trí ghnéithe SUDS agus trí phlandú crann dúchasach agus tor atá fabhrach do phailneoirí.

Ba cheart go mbeadh íosmhéid 650m² sna limistéir chathartha seo, chun úsáid ilfheidhmeach agus gníomhaíochtaí ilghlúnta chumasú, ag freastal ar éilimh an phobail. Limistéir as a mbaintear an leas is mó chun cuspóirí gluaiseachta, ní mheastar iad a bheith ina spás oscailte poiblí faoin gceannteideal seo.



Plás Thamhlachta (Spás Cathartha)

3.8 Garraithe Scóir agus Spásanna Glasa Eile

Garraithe scóir

Tá 447 garraí scóir atá á mbainistiú ag an gComhairle idir 37m² agus 320m² suite i bPáirc Thigh Motháin, (15), Páirc Chorcaí (39), Baile na mBráthar (317) agus Lána an Mhuilinn (76). Tá 29 ceapach nua curtha ar fáil mar chuid d'fhorbairt garraithe scóir sa Chaisleán Nua, tá sé i gceist na ceapacha seo a aistriú chuig an gComhairle.

Is féidir le cónaitheoirí i mBaile Átha Cliath Theas iarratas a dhéanamh chun rochtain a fháil ar na garraithe scóir seo chun a gcuid torthaí agus glasraí féin a fhás, a chuireann rochtain ar bhia a fhástar go háitiúil, sláintiúil, inacmhainne. Le fás i ngarraithe scóir, cuirtear deis ar fáil freisin le haghaidh caitheamh aimsire fisiciúil sláintiúil agus rannpháirtíocht shóisialta.

Tá liosta feithimh ann faoi láthair d'áiteanna. Is dócha

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

go méadóidh an treocht do ghairdíní níos lú i bhforbairt nua de réir na dtreoirínte maidir le lonnaíocht dhlúth a foilsíodh le déanaí, agus níos mó maireachtála árasán an t-éileamh. Trí gharraithe scóir a sholáthar, cuidítear leis an Straitéis maidir le Bonneagar Glas agus Gníomhú ar son na hAeráide a sheachadadh don chontae mar go bhfeidhmíonn siad mar bheart maolaithe agus oiriúnaithe araon chun dul i ngleic leis an Athrú Aeráide.

Tá ceanglais shonracha ag baint le soláthar talún garraithe scóir, amhail méideanna fairsinge talún, ceanglais rochtana agus stórála, buaint agus úsáid uisce, múiríní, láithreáin a idirdhealú lena n-úsáid ag an duine aonair, na láithreáin sin a dhaingniú agus rochtain feithiclí. Uaireanta ní bhíonn siad comhoiriúnach go fisiciúil nó ó thaobh radhairc de le limistéir áirithe d'fhearann páirce taitneamhachta. Is úsáid an-dearfach talún é láithreáin atá tearcúsáidte faoi láthair a athghiniúint ina ngarraithe scóir.

Bhí soláthar agus áirithint láithreán garraithe scóir san am a chuaigh thart bunaithe ar éileamh agus soláthraítear iad ar bhonn cás ar chás. Níl aon chaighdeán náisiúnta ann maidir le garraithe scóir a sholáthar in Éirinn. Sa Ríocht Aontaithe, áit a bhfuil soláthar garraithe scóir coiteann ar fud na n-údarás áitiúil, níl feidhm ag aon fhoráil íosta dlí. Mar sin féin, cuireann formhór na straitéisí maidir le garraithe scóir foráil íosta i bhfeidhm atá coibhéiseach le 15 in aghaidh gach 1000 teaghlach (1969 Tuarascáil Thorpe). Molann an National Allotment Society [an Cumann Náisiúnta Garraithe Scóir] (NSALG), eagraíocht náisiúnta a sheasann le leasanna agus cearta phobail na ngarraithe scóir sa Ríocht Aontaithe, rogha eile de 20 ceapach caighdeánach (250 méadar cearnach) in aghaidh gach 1000 teaghlach.

I gcomhthéacs na leibhéal soláthair atá ann cheana maidir le garraithe scóir i mBaile Átha Cliath Theas, ní mheastar gurb íomchuí caighdeán daonra in aghaidh an 1000 duine nó in aghaidh an teaghlaigh a thabhairt isteach anois i mBaile Átha Cliath Theas chun críocha iarfheistithe. Ina theannta sin, fuair an Chomhairle amach gur fearr go mór le sealbhóirí na ngarraithe scóir méideanna ceapacha níos lú.

Meastar go bhfuil sé níos oiriúnaí planáil don leibhéal soláthair trí mheasúnú a dhéanamh ar an éileamh agus ar an soláthar reatha sa chontae. Faoi láthair (tús 2025) tá 314 duine ar liosta feithimh le haghaidh garraithe scóir ar fud an chontae. Tionscadal meántéarmach go fadtéarmach a bheidh i gceist le freastal ar an éileamh sin i bhfianaise srianta talún, maoinithe agus acmhainní agus d'fhéadfadh cuíchóirí agus bainistiú na gceapacha atá ann cheana a bheith san áireamh leis sin. D'fhéadfadh sé go mbeadh gá le caighdeán nua forbartha a chruthú amach anseo leis an tabhairt isteach agus an riachtanas go n-ainmneofaí talamh don úsáid sin le linn an chéad athbhreithnithe eile ar Phlean Forbartha an Chontae (i gcomhréir leis an Acht um Pleanáil agus Forbairt).

Gairdíní Pobail

Is spásanna oscailte iad gairdíní pobail atá á mbainistiú ag grúpaí príobháideacha agus is gnách go mbíonn siad ar thalamh atá faoi úinéireacht an ghrúpa. Cuirtear ar fáil iad de ghnáth ar thalamh atá faoi úinéireacht an phobail, laistigh de scoileanna, tailte eaglaise nó paróiste nó ionaid phobail. Ós rud é go bhfuil siad sriantach ó thaobh rochtana de, ní mheastar gur spás oscailte poiblí iad chun críocha na straitéise seo, cé gur comhpháirt thábhachtach iad a chuireann le cáilíocht an tsoláthair spáis oscailte neamhphoiblí agus gur soláthar áineasa riachtanach agus gníomhaíocht maidir leis an athrú aeráide iad faoin bplean seo agus faoi phleananna eile. Cé nach spás oscailte poiblí amháin iad Gairdíní Pobail, aithnítear gur acmhainn thábhachtach áineasa iad, agus go bhfuil a soláthar tábhachtach chun dul i ngleic leis an Athrú Aeráide.

Cé go sainaithnítear go ndéantar gairdíní pobail a sheachadadh go príomha laistigh de spás neamhphoiblí; laistigh de cheantair uirbeacha shrianta d'fhéadfadh sé a bheith deacair do ghrúpaí pobail Bhaile Átha Cliath Theas méideanna cuí talún a fháil chun na gcríoch sin. Tá sé beartaithe an méid seo a leanas a dhéanamh; in éineacht le soláthar beartaithe na ngarraithe scóir; déanfar soláthar gairdíní pobail a mheas laistigh de limistéir garraithe scóir i gcás ina bhfuil éileamh nach bhfuiltear ag freastal air sa limistéar nach dócha go bhfreastalófar air go héasca ar thalamh iomchuí eile, agus i gcás inarb indéanta agus inarb iomchuí. Ionas gur féidir iad seo a bhainistiú, beidh an gairdín pobail atá beartaithe ina gceapach níos mó laistigh de láithreán na ngarraithe scóir, le roinnt leapacha beaga ardaithe ar féidir iad a leithdháileadh ar dhaoine aonair. Ceadaítear leis an togra seo solúbthacht agus má mhúchann an gá atá leis an nGairdín Pobail laistigh den láithreán garraí scóir tráth ar bith, féadfar an limistéar a thiontú go garraithe scóir agus a mhalairt.

Spásanna Glasa Eile

Cuireann spásanna glasa eile, amhail clóis eaglaise agus reiligi, sócmhainní luachmhara spáis oscailte ar fáil ar leibhéal na comharsanachta áitiúla agus is féidir ról tábhachtach a bheith acu i dteannta a chéile maidir le feabhas a chur ar an mbitheagsúlacht áitiúil trí chlocha cora a chruthú laistigh den líonra BG níos leithne. Ina theannta sin, tá siad ríthábhachtach do phobail áitiúla agus tá siad leabaithe in oidhreacht chultúrtha agus teaghlaigh. Níl siad sin ina gcuid den mheasúnú cainníochtúil ar spás oscailte poiblí sa chontae áfach agus déantar iad a bhainistiú faoi Straitéis Reiligi ar leith de chuid Bhaile Átha Cliath Theas.




PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Leanfaidh an Chomhairle de láithreáin garraithe scóir atá ann cheana a bhainistiú i gcomhréir le Straitéis Garraithe Scóir Átha Cliath Theas, lena n-áirítear saoráid tacaíochta na Spásanna Oscailte Thairde de limistéir garraithe scóir.

- Leanfaidh an Chomhairle d'athbhreithniú a dhéanamh ar mhéideanna na ngarraithe scóir de réir mar is gá agus iad a leasú i gcás inarb iomchuí, chun a chinntiú go ndéanfar méideanna na ngarraithe scóir a thomhas go hiomchuí chun úsáid éifeachtúil a chinntiú, ionas nach n-éireoidh na garraithe scóir iomarcach agus chun freastal ar an éileamh sa cheantar. Déanfar limistéir garraithe scóir nua a dhearadh chun a chinntiú gur féidir méideanna ceapacha a leasú ionas go mbeidh siad chomh solúbtha agus is féidir.
- Déanfaidh an Chomhairle foráil maidir le talamh a shainaithint a bheadh oiriúnach do sholáthar garraithe scóir le rochtain ar sheirbhísí agus ar bhonneagar iomchuí chun tacú leis an úsáid sin. Féadfar an talamh a shainaithint le linn próisis forbartha, ceannach talún nó ar shlí eile i gcás inarb gá agus inarb iomchuí chun na críche sin. Beidh sé mar aidhm ag an gComhairle trí láithreán garraithe scóir breise ar a laghad a sholáthar (nó síneadh a chur leis na cinn atá ann cheana) ar fud an chontae le linn shaolré na Straitéise seo.
- Déanfaidh an Chomhairle scrúdú ar láithreáin de gharraithe scóir atá faoi úinéireacht na comhairle ar an gcéad dul síos, i gcás inarb ann dóibh laistigh de Chomharsanacht, féachaint an mbeadh sé indéanta síneadh a chur leo chun ceapacha breise de gharraithe scóir a sholáthar. Déanfar scrúdú ar fheabhsú na saoráidí tacaíochta garraithe scóir atá ann cheana laistigh de na pleananna chun síneadh a chur leo, chun tacú le sealbhóirí reatha na ngarraithe scóir agus le sealbhóirí garraithe scóir nua.
- Agus láithreáin bhreise de gharraithe scóir á soláthar ag an gComhairle, déanfaidh sí measúnú ar spéis, toilleadh agus riachtanas sa phobal áitiúil maidir le soláthar Gairdíní Pobail agus, i gcás inarb iomchuí, déanfar limistéar laistigh den láithreán garraithe scóir a dhearadh mar Ghairdín Pobail. Féadfar machnamh a dhéanamh freisin ar Ghairdíní Pobail a iarfheistiú isteach i láithreáin garraithe scóir atá ann cheana, i gcás inarb iomchuí agus inarb féidir. Ionas gur féidir iad sin a bhainistiú laistigh de chomhthéacs na ngarraithe scóir, beidh na gairdíní pobail ina gceapach níos mó laistigh de láithreán na ngarraithe scóir, agus beidh roinnt leapacha beaga ardaithe ann ar féidir iad a leithdháileadh ar dhaoine aonair. Déanfar an gníomh seo a chur chun cinn ar bhonn trialach laistigh de láithreán garraithe scóir amháin ar dtús.



Is féidir dúil a bheith ag raon aoise leathan i ngarraithe scóir – Páirc Thigh Motháin



Fíor 3.7: Suíomhanna na nGarraithe Scóir i mBaile Átha Cliath Theas (ní áirítear suíomhanna príobháideacha ach amháin An Caisleán Nua)

3.9 Páirceanna Molta, Nua agus arna nUasghrádú le déanaí

Ar fud an Chontae bíonn an Chomhairle de shíor ag iarraidh freastal ar riachtanais chodanna éagsúla den phobal, lena n-áirítear: spásanna súgartha nádúrtha a sheachadadh i nGleann na Dothra, spásanna do dhéagóirí a thabhairt isteach ar fud an chontae, trealamh Parkour agus callaistéinice, a chur ar fáil i bPáirc Thigh Motháin, i bPáirc Bhaile Mhic Craith, i bPáirc Bhaile Choilín agus i bPáirc Chnoc Mitin agus Ionad Glúin go Glúin a chur ar fáil i bPáirc Thigh Motháin.

Tá Comhairle Contae Átha Cliath Theas tiomanta d'infreastruchtúr pobail a sheachadadh agus leanfaidh sí le raon meicníochtaí seachadta nuálacha a shaothrú do pháirceanna nua agus d'áiseanna feabhsaithe i bpáirceanna atá ann cheana.

Páirceanna Molta

Síneadh Pháirc Ghleann an Ghrífin

Mar chuid de Chrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa, leathnófar Páirc Réigiúnach an Ghrífin atá ann cheana ó dheas go dtí an Chanáil Mhór mar chuid lárnach den Straitéis Tírdhreacha do thailte Chrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa. I measc na réamhphleananna tá:

- Meascán de shaoráidí áineasa gníomhaí a gcroílímistéar na páirce;
- Limistéir súgartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla do leanaí;
- Siúlbealaí agus rotharbhealaí;
- Limistéir suíochán agus áineasa éighníomhaí;
- Saoráid moil páirce ina bhfuil carrchlós
- Páirceanna spóirt
- Plandú chun an bhithéagsúlacht, sainiú agus limistéir fheidhmiúla a fheabhsú;
- Feabhsuithe gnáthóg ar acmhainní éiceolaíocha atá ann cheana lena n-áirítear Abhainn an Ghrífin agus an Chanáil Mhór;
- Gnáthóga nua a chruthú laistigh den pháirc chun aghaidh a thabhairt ar athruithe ar an oidhreacht nádúrtha in áiteanna eile i dtailte an phlean;
- Fálta sceach roghnaithe a choinneáil agus a fheabhsú;
Ba léir an t-athrú ar chineál na rannpháirtíochta spóirt, agus bhí tionchar diúltach ag srianta agus gníomhaíochtaí na paindéime ar ghníomhaíochtaí faoi dhíon agus foireannbhunaithe, rud a d'fhág go raibh leibhéil rannpháirtíochta níos airde ag baint le gníomhaíochtaí amhail rothaíocht, meáchain agus rith.

Leathnaíodh na grádáin shocheacnamaíocha sa spórt freisin le linn na paindéime, agus maidir leo siúd atá fostaithe, a bhfuil stádas socheacnamaíoch níos airde acu agus a bhfuil leibhéil níos airde oideachais acu ar mó i bhfad an seans go mbeidh baint acu leis an spórt agus leis an ngníomhaíocht choirp.

Comhpháirtíocht Spóirt Chontae Átha Cliath Theas (SDCSP)

Tá an SDCSP ar cheann de líonra náisiúnta de 29 gComhpháirtíocht Spóirt Áitiúil a bhunaigh Spórt Éireann

chun rannpháirtíocht mhéadaithe i spórt agus i ngníomhaíocht choirp a chur chun cinn go gníomhach ar fud an phobail ar fad, agus béim ar leith á leagan orthu siúd nach bhfuil chomh gníomhach céanna.

Laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas, cuireann an Oifig Spóirt cláir ar fáil a dhíríonn ar ghrúpaí laistigh de phobail áitiúla agus ar an bpobal i gcoitinne ar fud an chontae. Is iad na príomhaidhmeanna forbairt spóirt agus deiseanna áineasa a chur chun cinn, leibhéil ghníomhaíochta coirp a mhéadú, tábhacht na súgartha a chur chun cinn agus athruithe sláintiúla ar stíl mhaireachtála a spreagadh.

I measc na dtionscnamh tá Imeachtaí Trastíre Bhunscoileanna Contae Átha Cliath Theas; siúlóidí sléibhe teaghlaigh; Clár Snámh na Scoileanna; Marathon Kids agus campaí spóirt ionchuimsitheachta le linn na bliana. Tacaíonn agus cabhraíonn an Oifig Spóirt freisin leis an gclár Deontais Chaipitil Spóirt, chomh maith leis an gclár OWLS (Allamuihh, fiadhúlra, foghlaim agus marthanas) agus le Siúlóidí Sí a shuiteáil sa timpeallacht nádúrtha.

Plean Átha Cliath Theas Gníomhach 2023-2028 (Plean Áitiúil Spóirt SDCC):

D'fhorbair CCÁCT Plean Áitiúil Gníomhaíochta Spóirt agus Coirp don chontae don tréimhse 2023-2028. Is “Átha Cliath Theas Gníomhach” is teideal don phlean agus eascraíonn sé ó Ghníomhaíocht 8 den Bheartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ina n-iarrtar ar gach údarás áitiúil pleananna spóirt áitiúla a fhorbairt. Ba í Comhairle Contae Átha Cliath Theas an chéad údarás áitiúil ar fud na tíre a bhain an aidhm seo amach.

Áirítear roinnt mhaith cuspóirí agus gníomhartha uailmhianacha leis an bplean i réimsí amhail deiseanna rannpháirtíochta, forbairt áiseanna, tacaíocht do chlubanna agus oiliúint do cheannairí, chun tacaíocht a thabhairt do gach saoránach sa chontae agus iad a spreagadh, gan beann ar a n-aois, cúlra nó cumas, saol sláintiúil gníomhach a chaitheamh.

Treoir maidir le Soláthar

Open space	
Parks and gardens minimum of 0.80 hectares per 1000 people (8 metres squared per person)	
Amenity green space minimum of 0.60 hectares per 1000 people (6 metres squared per person)	
Natural and semi-natural minimum of 1.8 hectares per 1000 people (18 metres squared per person)	
Outdoor sports	
Outdoor sport pitches, courts and greens, tracks and trails minimum of 1.6 hectares per 1000 people (16 metres squared per person) (consisting of 1.2 hectares sport pitches, 0.4 hectares courts, greens, tracks, trails or sports equipment) within 1200 metres walking distance from homes	
Play space	
Equipped designated play areas minimum of 0.25 hectares per 1000 people (2.5 metres squared per person), Local Areas of Play (LAPs) within 100 metres, Local Equipped Areas of Play LEAPs within 400 metres and Neighbourhood Equipped Areas of Play (NEAPS) within 1000 metres walking distances from homes	
Informal play provision minimum of 0.30 hectares per 1000 people (3 metres squared per person) distributed throughout a development, larger facilities such as Multi Use Games Areas (MUGA) or pump tracks within 700 metres walking distance from homes	
Total open space: minimum of 3.2 hectares per 1000 people (32 metres squared per person)	Total play space: minimum of 0.55 hectares per 1000 people (5.5 metres squared per person)
Total outdoor sports: minimum of 1.6 hectares per 1000 people (16 metres squared per person)	Overall total: minimum of 5.35 hectares per 1000 population (53.5 metres squared per person)

Fíor 4.1: *Fields in Trust (2024) treoirlínte tagarmhairc molta – lamlán na Spásanna Oscailte*

Cé nach bhfuil aon chaighdeán inghlactha ann maidir le soláthar Spóirt agus Áineasa Ghníomhaigh in Éirinn, tugtar treoir ghinearálta sa tuarascáil ‘Planning & Design for Outdoor Sport & Play’ ón Eagraíocht *Fields in Trust (FiT)* de chuid na Ríochta Aontaithe maidir le soláthar cainníochtúil agus tairseacha inrochtaineachta. Moltar sa doiciméad méid caighdeánach 1.20ha in aghaidh gach 1,000 duine de pháirceanna imeartha i gceantair uirbeacha, atá suite laistigh d’achar 1,200m (siúlóid 15 nóiméad).

Is pointe tagartha úsáideach iad caighdeáin FiT chun comparáid a dhéanamh idir an soláthar idir limistéir éagsúla, ach ní mór nithe áitiúla a chur san áireamh freisin agus measúnú á dhéanamh ar leordhóthanacht an tsoláthair atá ann faoi láthair agus an tsoláthair a bheidh ann amach anseo do spóirt faoin aer agus d’áineas gníomhach (e.g. rialacha sraithe áitiúla, páirceanna móna sintéiseacha a bheidh ann, cáilíocht na bpáirceanna, acmhainneacht na bpáirceanna, caighdeán na seomraí feistis etc.).

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Is iad seo a leanas na treoirphrionsabail maidir le tabhairt faoin measúnú Spóirt agus Áineasa Ghníomhaigh i mBaile Átha Cliath Theas:

- Beidh riachtanais áitiúla éagsúil idir comharsanachtaí na n-údarás áitiúil de réir tréithe sochdhéimeagrafacha agus cultúrtha.
- Braitheann soláthar spáis oscailte áineasa ar ardchaighdeán ar phleanáil éifeachtach, agus ar dhearadh cruthaitheach, rannpháirtíocht an phobail, bainistíocht agus cothabháil tírdhreacha freisin.
- D'fhéadfadh sé go mbraitheann spásanna oscailte inbhuanaithe ar ardchaighdeán a sheachadadh ar an spás oscailte atá ann cheana a fheabhsú seachas ar sholáthar nua.
- Baineann luach an spáis oscailte áineasa le freastal ar riachtanais áitiúla shainitheanta agus ar na tairbhí níos leithne a ghineann siad do dhaoine, don fhiadhúlra agus don chomhshaol.

Tá an Chomhairle tiomanta freisin d'fheabhas leanúnach a chur ar cháilíocht agus ar sholáthar áiseanna spóirt agus áineasa gníomhaí trí chur i bhfeidhm na Straitéise Páirceanna agus Spásanna Oscailte seo, an Chláir Déagspás (2021) agus na Straitéise Páirceanna Spóirt (2020), agus aon straitéis a thiocfaidh ina n-ionad.

Áirítear i bPlean Straitéiseach Átha Cliath Theas Gníomhach 2023-28, roinnt mhaith cuspóirí agus gníomhartha uailmhianacha leis an bplean i réimsí amhail deiseanna rannpháirtíochta, forbairt áiseanna, tacaíocht do chlubanna agus oiliúint do cheannairí, chun tacaíocht a thabhairt do gach saoránach sa chontae agus iad a spreagadh, gan beann ar a n-aois, cúlra nó cumas, saol sláintiúil gníomhach a chaitheamh. Sainithníodh sa phlean gníomhaíocht shonrach chun meastóireacht a dhéanamh ar riachtanais spóirt agus áineasa atá ann cheana agus riachtanais spóirt agus áineasa réamh-mheasta don Chontae chun bonn eolais a chur faoi fhorbairtí amach anseo.



PRÍOMHGHNÍOMH

- Déanfaidh an Chomhairle iniúchadh ar bhonneagar spóirt agus áineasa ghníomhaigh laistigh den chontae, ar mhaithe le soláthar leordhóthanach saoráidí spóirt agus áineasa ghníomhaigh a chinntiú i bpáirceanna agus spásanna oscailte do dhaoine atá ann cheana sa chontae agus cinn a réamh-mheastar, i gcomhréir le Plean Spóirt an Chontae, Átha Cliath Theas Gníomhach 2023-2028 nó aon phleananna eile a thiocfaidh ina leaba.

4.2 Saoráidí Spóirt agus Áineasa

I measc roinnt Ionad Spóirt agus Fóillíochta atá á n-oibriú Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

faoi láthair i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath Theas nó gar dóibh agus spásanna oscailte poiblí tá:

- Ionad Fóillíochta Chluain Dolcáin - linn snámha, giomnásiam agus caifé.
- Tionscadal Capall Fhothair Chardain - ionad pobalbhunaithe marcaíochta agus oiliúna capall i dTamhlacht a sholáthraíonn ceachtanna marcaíochta capall poiblí agus príobháideacha, agus foghlaim eachchuidithe agus teiripe eachaí.
- Ionad Eachaí Chluain Dolcáin
- Páirc uile-aimsire Ráth Miontáin, Tamhlacht – páirc imeartha uile-aimsire lánmhéide le fáil ar cíos ag foirne agus grúpaí pobail áitiúla.
- Ionad Fóillíochta Leamhcáin, Páirc Ghleann an Ghrifín - halla spóirt, giomnásiam agus naíolann.
- Ionad Fóillíochta Thamhlachta - linn snámha, giomnásiam agus caifé.
- An Airéine i dTamhlacht, ar a dtugtaí an Airéine Náisiúnta Cispheile roimhe seo.

Is beartas de chuid na Comhairle é (COS4: Saoráidí agus Ionaid Spóirt) a chinntiú go bhfaigheann gach pobal tacaíocht ó raon saoráidí spóirt atá oiriúnach dá bhfeidhm, agus atá inrochtana agus inoiriúnaithe.



Ionad Fóillíochta Chluain Dolcáin

4.3 Spóirt Mhachaire/Páirceanna Imeartha

Tá 169 páirc imeartha phoiblí ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas do chlubanna spóirt éagsúla ar nós Peil Ghaelach, Camógaíocht, Iománaíocht, Sacar, Rugbaí, Cruicéid, Cluiche Corr, Bogliathróid agus Lúthchleasaíocht, ag freastal ar bhreis agus 1,000 foireann. Úsáideann thart ar 19,000 duine na páirceanna seo ar bhonn seachtainiúil. Ina theannta sin, tá thart ar 57 páirc bainteach le scoileanna, agus 86 páirc imeartha club agus phríobháideacha/thráchtála ann.

Tá na páirceanna imeartha a bhfuil an Chomhairle ina mbun suite laistigh de na Páirceanna Réigiúnacha, Comharsanachta agus Áitiúla den chuid is mó, agus tá siad dáilte go maith den chuid is mó idir comharsanachtaí éagsúla an Chontae. Tá áiseanna nua beartaithe do cheantair ina bhfuil fás ar an daonra, mar a áirítear sna

Pleananna Ceantair Áitiúil do Bhaile Uí Fhoirtcheirn, Baile Uí Chuilinn, an Caisleán Nua agus i gceantair an chreasa forbartha straitéisí.

Deonaíonn an Chomhairle leithdháileadh páirceanna imeartha poiblí/saoráidí spóirt ar bhonn bliantúil, faoi réir théarmaí agus choinníollacha an bheartais leithdháilte.




Cruicéad i bPáirc Thigh Motháin

Strategy Guidance – An Approach to Developing and Delivering a Sports Pitch Strategy’ [Treoir maidir le Straitéis Páirceanna Spóirt – Cur Chuige i leith Straitéis Páirceanna Spóirt a Fhorbairt agus a Sholáthar] (2013).

Rinne sé mapáil ar an ngá a bheidh le páirceanna imeartha sa chontae amach anseo bunaithe ar Rátaí Giniúna Foirne agus d'aithin sé easnamh maidir le soláthar páirceanna imeartha féir sa chontae.

Is riachtanas ar leith é seo atá deacair a chomhlíonadh mar gheall ar lorg mór na bpáirceanna féir. Leagtar amach sa SPS roinnt gníomhartha chun rochtain leordhóthanach ar pháirceanna imeartha a chinntiú ar feadh shaolré na straitéise, ach tá gá freisin le páirceanna imeartha nua a bhfuil méid leordhóthanach iontu a sholáthar.




Fíor 4.2: Láithreáin de chuid na Comhairle a bhfuil an Chomhairle ina mBun, laistigh de Bhaile Átha Cliath Theas, ón Straitéis Páirceanna Spóirt (Léarscáil 1.2)

Maidir le hinrochtaineacht, measann FiT gur achar réasúnta é siúlóid 15 nóiméad do dhaoine chun siúl chuig saoráid imeartha páirc imeartha, arb ionann í agus achar 1.2km. Trí úsáid a bhaint as an maolán seo do gach grúpa páirceanna imeartha i mBaile Átha Cliath Theas, léirítear go bhfreastalaítear go maith ar an gcontae mar a léirítear san Fhíor thíos.

Straitéis Páirceanna Spóirt Átha Cliath Theas (SPS)

Le Straitéis Páirceanna Spóirt Átha Cliath Theas 2020-2035 (SPS), rinneadh iniúchadh ar sholáthar páirceanna CLG, sacair, rugbaí, cruicéid agus haca sa chontae chomh maith le soláthar raonta lúthchleasaíochta.

Leanann an mhodheolaíocht mheasúnaithe a glacadh le haghaidh Straitéis Páirceanna Spóirt CCÁCT (2020) an treoraíocht fhoilsithe ó Sport England, ‘Sports Pitch Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile



Fíor 5.3: Inrochtaineacht na bpáirceanna imeartha atá ann cheana i mBaile Átha Cliath Theas



*Páirc Thigh
Motháin*



Páirc Thigh Motháin



Raon Lúthchleasaíochta Leamhcáin

Páirc Imeartha Uile-Aimsire agus Saoraidí Traenála

Is féidir gur bealach an-éifeachtach iad Páirceanna Imeartha Féir Shaorga (PIFSanna) chun acmhainneacht láithreán do chluichí agus traenáil a mhéadú, chomh maith le saoraidí coimhdeacha a chur ar fáil de réir mar is gá chun úsáid an láithreáin a mhéadú agus éilimh na gcumann agus na bhfoirne áitiúla a shásamh. Áirítear le buntáistí na PIFSanna na tréithe a leanas:

- Saoraidí uile-aimsire a chur ar fáil ó cheann ceann na bliana.
- Acmhainn páirceanna imeartha a chur ar fáil chun fás méadaithe ar dhaonra a chur ar fáil i suíomhanna uirbeacha / ina bhfuil líon níos mó daoine.
- Éileamh ar níos mó imeartha a shásamh.
- Éileamh ar sholáthar traenála a chomhlíonadh.
- Brú traenála a bhaint ó pháirceanna imeartha féir, agus caighdeán níos airde páirceanna imeartha féir ann dá bharr




Páirc Imeartha Féir Shaorga den 3ú Glúin i bPáirc Sheáin Bhreathnaigh

Ní foláir do gach PIFS a bheith suite laistigh d'achar taistil 20 nóiméad chun soroctaineacht a chinntiú ó na ceantair máguaird agus chun úsáid na saoráide a bharrfheabhsú. Ní foláir don láithreán a bheith oiriúnach chun na críche freisin, agus gannúsáid á baint as ag úsáidí eile laistigh de cheantar ina dtugtar spreagadh don rothaíocht chuig an tsaoraid.

Moltar sa Straitéis Páirceanna Spóirt go gcuirfí PIFSanna ar fáil chun cuidiú linn freastal ar an éileamh ar pháirceanna

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

imeartha agus chun an riachtanas traenála a chomhlíonadh, agus táthar ag beartú inti 5 PIFS a chur ar fáil ar fud an chontae.



Fíor 5.4: Criosanna féideartha do láithreáin PIFSanna

Saoraidí Tacaíochta

Tá na saoraidí tacaíochta a chuirtear ar fáil laistigh de pháirceanna poiblí nasctha le húsáid páirceanna imeartha chun seasmhacht an tsoláthair agus leithdháileadh éifeachtúil saoraidí a chur ar fáil. Níl na saoraidí teoranta do chumann ná spórt ar leith, agus beidh siad fós ar fáil don Chomhairle Contae.

Beidh soláthar na saoraidí coimhdeacha uile faoi réir cistiúcháin, agus féadfar iad a fhoinsiú trí dheontais chaipitiúla spóirt agus deontais bhonneagair mhórsála. Is féidir éascú freisin do ranníocaíochtaí le Comhlachtaí Rialaithe Spóirt nó le cumainn.

Tá clár forbartha ag an gComhairle Chontae le haghaidh puball úrscothach nua agus saoraidí stórais, agus aontaíodh air le haghaidh roinnt páirceanna ar fud an Chontae. Tá soláthar na saoraidí seomraí feistis bunaithe ar an méid a leanas:

- Méid an spáis oscailte agus líon na bpáirceanna imeartha dá gcuirtear spás ar fáil, líon na bhfoirne, imreoirí, cumann/grúpaí pobail dá gcuirfeadh spás ar fáil agus fianaise ar an ngá atá leis.

Beidh na pailliúin ar fáil trí mheán córas áirithintí ar líne

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar gach páirc imeartha agus saoraid spóirt de chuid na Comhairle, agus ag féachaint do leibhéal na húsáide measctha ag gach suíomh, aontaíodh ar an gclár a leanas um sholáthar pailliún ag tosú in 2025:

- Páirc Ghleann an Ghrífin
- Páirc Chorcaí
- Páirc Thigh Motháin (Thiar ón M50)
- Páirc Ghleann na Dothra, Cnoc Chairméal
- Páirc Ghleann an Ghrífin (Páirc Airt Uí Ghríofa)
- Páirc Bhaile Choilín
- Páirc Chill na Manach
- Páirc Sheáin Bhreathnaigh
- Páirc Choill Tobair

- Páirc Shruethán Liam



Pailliún spóirt arna oibriú ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas

Go hiondúil, cuirtear saoráidí stórála seachtracha ar fáil i limistéir mhórúsáide ina bhfuil roinnt cumann agus páirceanna imeartha suite. Sna páirceanna níos mó ina bhfuil pailliúin nua suite, cuirtear roinnt stóras nua ar fáil i seomraí nua feistis nó laistigh de limistéar imfhálaithe in aice le pailliún. Sna spásanna oscailte nach bhfuil pailliúin/seomraí feistis le fáil iontu nó ina bhfuil na páirceanna imeartha i bhfad ar shiúl ó na pailliúin: breithnítear ar limistéir a mbeadh ráillí timpeall orthu chun bonneagar tromshaothair páirceanna imeartha a stóráil, e.g. cuailí srl. Táthar ag fáil réidh de réir a chéile le húsáid coimeádán gránna, agus tá an stóras a bhaineann le soláthar nua pailliún nó cuibharrinn stórais á chur ina ionad. De réir mar a chuirtear soláthar ionaid ar fáil, bainfear coimeádáin ó na páirceanna agus ó spásanna oscailte. Is gá do gach limistéar stórais a bheith i suíomhanna a bhfuil radharc deas orthu ina bhfuil faireachas éighníomhach leormhaith ar fáil.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Leanúint ar aghaidh le Cur i bhFeidhm na Straitéise Páirceanna Spóirt faoi na 5 cheannteideal a leagtar amach thíos:
- Leanúint leis an gcóras dian cothabhála bliantúil le haghaidh páirceanna imeartha atá ann faoi láthair agus infheistíocht chaipitil a chur i bhfeidhm chun páirceanna imeartha atá ann faoi láthair a uasghrádú le coibhéisí imeartha cluichí a fheabhsú
- An beartais um leithdháileadh páirceanna imeartha a chur i bhfeidhm chun tacú le húsáid mhéadaithe; lena n-áirítear comhroinnt páirceanna imeartha agus úsáid ilchuspóireach saoráidí agus monatóireacht a dhéanamh ar úsáid páirceanna imeartha chun damáiste do na saoráidí atá ann faoi láthair a chosc.
- An cumas a fhorchoimeád chun cumraíocht na bpáirceanna imeartha a athrú.
- Páirceanna imeartha nua a chur ar fáil chun fadhbanna acmhainne a chomhlíonadh agus solúbthacht sa dhearadh a choinneáil ar bun
- 5 pháirc imeartha shaorga a chur ar fáil ar fud an chontae chun cur leis an acmhainneacht

fhadtéarmach agus an riachtanas traenála a chomhlíonadh

- Leanúint ar aghaidh ag cur saoráidí coimhdeacha ar fáil de réir mar is gá chun tacú le spóirt ghníomhacha laistigh de Pháirceanna agus Spásanna Oscailte Átha Cliath Theas, lena n-áirítear cur i bhfeidhm leanúnach an Chláir Pailliúin Spóirt

4.4 Soláthar Eile Caithimh Aimsire

Tá saoráidí le haghaidh spóirt eile agus caithimh aimsire suite ar fud Bhaile Átha Cliath Theas agus áirítear na cinn seo a leanas leo: machairí gailf/galf dhá mhaide, conairí aclaíochta agus giomnáisiamai faoin aer, rothaíocht, babhlaí, búlaí, páirceanna scátála, boghdóireacht, rití madraí agus conairí síog/crann etc.

Is iondúil go mbíonn saoráidí den sórt sin ar fáil mar arb ann do spéis shuntasach áitiúil, agus leanfar ar aghaidh á bhforbairt ar bhonn cás ar chás de réir mar is gá agus is féidir a mheasúnú.

Leadóg

Oibríonn an Chomhairle Contae roinnt cúirteanna leadóige poiblí i bpáirceanna ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, agus na príomhionaid ar fáil i bPáirc Ghleann na Dothra, Páirc Áirlí agus Gort na Feá.

Táthar tar éis na cúirteanna leadóige agus cispheile i bPáirc Ghleann na Dothra a uasghrádú le déanaí chun dhá chúirt cispheile lánmhéide a chur ar fáil a chomhlíonann caighdeáin na Cónaidhme Cispheile Idirnáisiúnta, agus trí chúirt leadóige a chomhlíonann caighdeáin na Cónaidhme Leadóige Idirnáisiúnta. Tá ceann amháin den dornán spásanna atá ar fáil le fáil sna cúirteanna leadóige chun leadóg a imirt i dTamhlacht, agus tá siad suite sa bpáirc ó ré luath a forbartha.

Cuirtear an chuid is mó leadóg sa chontae ar fáil trí mheán cumainn phríobháideach amhail i dTeach Mealóg, atá ar cheann de na saoráidí leadóige is príobháidí in Éirinn.

Is é is cuspóir don údarás áitiúil, i gcomhar le Leadóg Éireann, chun inrochtaineacht an spóirt sin ar fud Bhaile Átha Cliath Theas mar a léirítear an t-éileamh



Cúirteanna Cispheile ag Páirc Ghleann na Dothra-An Seanbhán

Galf

Tá rogha mhaith saoráidí gailf ardcháilíochta le fáil i mBaile Átha Cliath Theas, amhail Cumann Gailf an Fhearainn Nua (Bóthar Belgard), Cumann Gailf Ionaide Saoire Iarthar na Cathrach, agus Gleann an tSláid agus Páirc na Feá

Cumainn Ghailf (Ráth Cúil), chomh maith le rochtain éasca ar réimse cumann in aice le limistéir an údaráis áitiúil.

Tá Machaire Gailf Chaisleán na Gráinsí i gCluain Dolcáin faoi úinéireacht na Comhairle Contae, agus é á bhainistiú, á oibriú, agus á choinneáil ag tríú páirtí. Is saoráid 'íoctar mar a imrítear' den chuid is mó í, os comhair Shléibhte Chill Mhantáin, agus tá sé deartha go straitéiseach timpeall ar lochanna agus roinnt sruthán. Bhí an Cumann cleamhnaithe le Galf Éireann in 2002, agus tá ballraíocht iomlán tuairim is 790 aige (mná, fir, agus mionaoisigh), agus tá sé fós á fhorbairt ina cheann scríbe barréilimh don ghalf.



Machaire Gailf Chaisleán na Gráinsí

Conairí aclaíochta agus Giomnáisiamai Amuigh faoin Aer

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Tá méadú suntasach leanúnach tagtha ar choitiantacht na haclaíochta amuigh faoin aer ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, agus tá roinnt cuarda aclaíochta agus giomnáisiamai amuigh faoin aer le fáil sa chuid is mó de na Páirceanna Réigiúnacha. Suiteáladh trealamh aclaíochta amuigh faoin aer in 2012 ar dhá thaobh Pháirc Thigh Motháin chun freastal ar éilimh daoine fásta, agus tá foráil chomhchosúil déanta i bPáirc Ghleann na Dothra, maille le Páirc Bhaile Uaitéir, Páirc Chorcaí, agus Páirc Ghleann an Ghrífin (x 2), Páirc Ghort na Feá, Gleann an Dúin, Páirc Ráth Cúil agus Páirc na nGlaschnoc

Is ann do chonairí aclaíochta agus giomnáisiamai amuigh faoin aer freisin, ná táthar á dtabhairt isteach chuig roinnt mhaith de na Páirceanna Comharsanachta, amhail Páirceanna Chill an Ardáin agus Bhaile Choilín. Tá raon 5km ar fad ag Páirc Bhaile Uaitéir a úsáidtear don siúl, bogshodar agus rothaíocht.

Tá liosta cuimsitheach imeachtaí bliantúla ag Páirc Chorcaí lena n-áirítear ranganna saor in aisce aclaíochta samhraidh (Park Fit agus Park Yoga) faoi dhó sa tseachtain trí mhí Lúnasa, i gcomhpháirt le Dublin's Outdoors, Cifit & Sacred Spaced. Tá na himeachtaí comhdhéanta de chleachtaí ina n-úsáidtear meáchan an choir a dhéantar i dtimpeallacht spráilí oiriúnach, agus ióga don uile chumas.

Suiteáladh an chéad limistéar saincheaptha do bhabhtai traenála callaistéinice feidhmiúla i bPáirc Thigh Motháin, agus tá saoráidí comhchosúla ar fáil anois i gCnoc Mitin, agus tá aonaid trasnán callaistéinice ar fáil i bPáirc Bhaile Mhic Craith agus i bPáirc Bhaile Choilín. Is éard is aidhm do na suiteálacha daoine a chumasú chun gnáthóga sláintiúla a chruthú, rud a cheadaíonn dóibh a gcuid folláine coirp agus meabhrach féin a fheabhsú trí mheán na haclaíocht i spás poiblí.



Clár aclaíochta Pháirc Chorcaí

Tá Parkour tugtha isteach i bpáirceanna Bhaile Átha Cliath Theas mar chuid den chlár Déagspás agus tá éileamh mór air.

Tá an Chomhairle Chontae ag beartú an tsaoráid sin a leathnú chuig páirceanna eile sa limistéar riarachán de réir is féidir leis an gcistiú.



Babhta traenála callaistéinice i bPáirc Ráth Miontáin

Rothaíocht

Is timpeallacht tosaíochta do choisithe iad páirceanna Bhaile Átha Cliath Theas; agus ceadaítear úsáid rothar faoi réir coinníollacha na húsáide cúramaí agus an chúraim d'úsáideoirí eile na bpáirceanna. Tá uasteorainn luais 20ksu i bhfeidhm maidir le gach feithicil den sórt sin seachas i gcás limistéir atá ainmnithe do thraenáil agus rásaíocht rothaíochta de réir comhaontú leis an gComhairle roimh ré. Mar sin féin, ní mór d'úsáideoirí rothar géilleadh d'úsáideoirí leochaileacha eile, lena n-áirítear coisithe.

Mar aitheantas don tábhacht mhéadaitheach a bhaineann leis an rothaíocht a dhéanamh mar chuid réalaíoch lárnach den chaoi a mbogann daoine timpeall an Chontae, is clár uailmhianach é Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas arb éard is aidhm dó Baile Átha Cliath Theas a cheapadh mar cheann de na contaetha rothaíochta is oiriúnaí in Éirinn.

Cuimsítear leis sin gréasán cuimsitheach nasctha raonta rothar a chur ar fáil ar fud Bhaile Átha Cliath Theas, rud a chuireann an rothaíocht mar chóir iompair níos inghnóthaithe do gach duine fásta agus leanbh, agus atá mar chomhlánú do 'Plean Gréasáin Raonta Rothar do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath' (2013) de chuid an tÚdarás Náisiúnta Iompair (ÚNI).

Áirítear leis an ngréasán go leor páirceanna agus spásanna oscailte a nascadh le chéile agus le ceantair thógtha an Chontae. Áirítear leis na tionscadail chríochnaithe Glasbhealach na Dothra, lena nascfar Bóthar na Bruíne le Duga na Canála Móire i gCathair Bhaile Átha Cliath trí mheán an iliomad páirceanna agus spásanna oscailte Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

feadh na Dothra. I measc na dtionscadal eile a bhaineann le páirceanna agus spásanna oscailte tá Glasbhealach Shruthán Bhaile an Fhaoitigh trí Pháirc Chill an Ardáin a nascfar le bealaí eile rothaíochta atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo ar an N81 agus Glasbhealaí idir Bealach Bhaile an Fhaoitigh agus Pháirc Sheáin Bhreatnaigh agus atá mar chuid de scéim níos leithne idir Iarthar na Cathrach agus Ráth Fhearnáin.

Áirítear iad seo a leanas mar chuid de thionscadail 'níos déanaí' i ndáil le páirceanna le seachadadh mar chuid de chlár Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas:

- Páirc Chorcaí go dtí an Chanáil Mhór
- Sráidbhaile Chluain Dolcáin go dtí an Chanáil Mhór
- Lúb na Canála go dtí Bóthar Chill Droichid-
- Páirc Ghleann an Ghrífin go dtí Nascbhóthar Chill Droichid trí Bhóthar na hEascrach
- Páirc Bancroft
- Páirc Thigh Motháin go dtí Páirc na nGlaschnoc



Fíor 5.5: Rothaíocht Bhaile Átha Cliath Theas 'Scéimeanna Anois, Go luath & Níos Moille'

Tá an t-aon raon rothaíochta saintógtha in Éirinn suite i bPáirc Chorcaí, chun timpeallacht shábháilte, saor ó thrácht a chur ar fáil inar féidir scileanna a fhoghlaim, aclaíocht a fheabhsú, traenáil agus rásaíocht a dhéanamh. Tá an raon ar fáil le haghaidh áirithintí agus saor in aisce le húsáid ag baill Rothaíocht Éireann agus ag daoine den phobal le linn sliotáin nach bhfuil curtha in áirithe.



Sraith Rásaíochta Ban Pháirc Chorcaí

Cuireadh an chéad raon pumpála rothaíochta BMX i mBaile Átha Cliath Theas i gcrích i bPáirc Ghleann na Dothra, Cnoc Chairméal, agus tá éileamh mór air. Cuireadh saoráid chomchosúil i gcrích ag Ráth Miontáin mar chuid den uasghrádú ar an bpáirt in 2024 agus tá an tríú saoráid beartaithe do Pháirc na Carraige Móire, faoi réir infhaighteacht an chistiúcháin chuige.

Feartar fáilte roimh an rothaíocht i mBaile Átha Cliath Theas mar bhealach chun taisteal inbhuanaithe a chur chun cinn, bealaí sábháilte chun na scoile a chur ar fáil ar mhaithe le sult ginearálta na n-úsáideoirí páirceanna; éilítear machnamh cúramach a thabhairt ar rochtain a chumasú do rothair chun a chinntiú nach dtagann rochtain mhídhleathach feithiclí eile de thaisme dá bharr a d'fhéadfadh a bheith ina núis d'úsáideoirí páirce.

Bolláí agus Búláí

Freastalaíonn páirceanna agus spásanna oscailte Bhaile Átha Cliath Theas freisin ar chineálacha caithimh aimsire nach bhfuil chomh géar céanna, amhail bolláí agus búláí. Cé go bhfuil próifíl aoise óg ag Baile Átha Cliath i gcoitinne, go háirithe laistigh de na ceantair ina bhfuil fás ar an daonra, tá líon na ndaoine níos sine ina gcónaí sa Chontae ag dul i méid, agus tháinig méadú 34% ar líon na ndaoine atá 65 bliain d'aois agus os a chionn ó dhaonáireamh 2011 i leith.

Tá soláthar na mbolláí i gCathair Bhaile Átha Cliath faoi láthair teoranta do Chumann Bolláí Amuigh faoin Aer na nGlaschnoc, atá suite in aice le himeall thuaidh Pháirc na nGlaschnoc, a bunaíodh thiar in 2009.

Déanfaidh an Chomhairle Chontae soláthar limistéir nua bolláí amuigh faoin aer i bpáirceanna a mheas faoi réir an éilimh agus bunú cumainn a bhainfidh úsáid as an tsaoráid.



Cumann Bolláí Amuigh faoin Aer na nGlaschnoc

Éilíonn búláí/pétanque go gcuirtear stráice gairbhéil nó dromchla imeartha ar fáil is féidir a thabhairt isteach go réidh chuig an gcuid is mó páirceanna agus spásanna oscailte inarb ann don éileamh. Is féidir an cluiche a imirt ar bhonn neamhfhoirmiúil nó trí chumainn atá eagraithe ag Cumann Pétanque na hÉireann. In 2023 cuireadh síneadh leis an gcúirt búláí/pétanque i bPáirc Ghleann an Ghrífin agus ceadaíodh an dara chúirt ag Páirc Thigh Motháin in 2024.

Páirceanna scátála

Tá dhá phríomhpháirc scátála Bhaile Átha Cliath Theas suite ag Leamhcán, laistigh de Pháirc Ghleann an Ghrífin (in aice le hIonad Fóillíochta Leamhcáin), agus Cluain Dolcáin (in aice le hIonad Fóillíochta Chluain Dolcáin).

Féachfaidh an Chomhairle Chontae le páirceanna scátála breise a chur ar fáil sa chontae. Déanfar na limistéir a leanas a mheas go sonrach: Tamhlacht, Ráth Fearnáin, Cluain Buiríosa, Baile Adaim,



Cúirt Búláí Pháirc Ghleann an Ghrífin



Páirc Scátála Chluain Dolcáin

Boghdóireacht

Is cumann boghdóireachta targaide faoi dhíon é Boghdóirí na nGlaschnoc den chuid is mó, chomh maith le bheith ina óstionad do chraobhchomórtais ócáideacha. Ní nach ionann le spóirt eile, is spórt uilechuimsitheach freisin í an bhoghdóireacht agus ar féidir le duine ar bith leas a bhaint as ag aon aois nó cumas. Agus é lonnaithe i Spórtlann Thamhlachta ó bunaíodh thiar in 1982 é, bíonn an club ar oscailt 1 lá sa tseachtain (oícheanta na Céadaoine).



Craobhchomórtas Amuigh faoin Aer Bhoghdóirí na nGlaschnoc

Conairí Síóg agus Crann

Tá an chuideachta 'The Irish Fairy Door Company' atá lonnaithe i gCluain Dolcáin tar éis Conairí Síóg a fhorbairt le déanaí. Is é Diméin Leamhcáin (ina bhfuil seacht síóg choillearnaí dhéag suite) an tríú conair ghníomhaíochta den sórt sin atá i mBaile Átha Cliath Theas, agus na cinn eile le fáil ag Páirc Chorcaí agus Páirc Thigh Motháin.



Conair Síóg Pháirc Thigh Motháin

Tá conairí crann cruthaithe freisin ag an gComhairle Contae trí roinnt páirceanna i mBaile Átha Cliath Theas, lena n-áirítear dhá chonair cloch Oghaim i bPáirc Ghleann na Dothra agus Páirc Sheáin Bhreathnaigh, chun taiscéaladh an tírdhreacha nádúrtha a spreagadh ionas go gcuirfí daoine ar an eolas faoi chrainn dhúchasacha na hÉireann.

Leis an gConair Cloch Ogham agus Chrainn Dhúchasacha na hÉireann ag Páirc Ghleann na Dothra, Cnoc Chairméal, feabhsaítear luach físe agus éiceolaíochta Pháirc Ghleann na Dothra araon, chomh maith le gné oideachasúil a thairiscint. Trí chrainn dhúchasacha a phlandú feadh na conaire nua crann cuirtear chun cinn agus feabhsaítear luach taitneamhachta agus éiceolaíochta na páirce, agus ceadáíonn comharthaíocht shuaithinseach Cloch Ogham do chuairteoirí na crainn a shainithint agus a ainmniú.



Cloch Ogham ar chonair crann Pháirc Ghleann na Dothra



5. Soláthar Páirceanna agus Spásanna Oscailte

5.1 Soláthar Spásanna Poiblí Oscailte i mBaile Átha Cliath Theas

Tá éagsúlacht páirceanna agus spásanna oscailte le fáil i mBaile Átha Cliath Theas atá dailte den chuid is mó ar fud na gcodanna tógtha den Chontae. Tá rochtain ag daonra Bhaile Átha Cliath Theas freisin ar limistéir fhairsinge spáis oscailte ó dheas (Sléibhte Bhaile Átha Cliath) chomh maith le rochtain ar pháirceanna laistigh de limistéir Údaráis Áitiúla in aice láimhe. Is páirc thábhachtach í Páirc Naomh Éanna i gceantar Ráth Fearnáin atá faoi bhainistíocht chumasach Oifig na nOibreacha Poiblí, agus is páirc de mhéid shuntasach í sa chomharsanacht sin a sholáthraíonn nasc bonneagair ghlais tábhachtach feadh Shruthán an Teampaill Ghil agus a tugann sí rochtain ar thaitneamhacht agus caitheamh aimsire don phobal áitiúil ann.

Is limistéir iad Sléibhte Bhaile Átha Cliath, an Chanáil Mhór, agus abhantracha na Life, na Camóige agus na Dothra ina bhfuil luach suntasach taitneamhachta agus oidhreacht thógtha, ní hamháin do Chontae Átha Cliath Theas ach do Mhórchéantar Bhaile Átha Cliath ina iomláine. Tá na limistéir sin sainaitheanta mar chonairí glasa suntasacha agus gnéithe tírdhreacha laistigh de Straitéis maidir le Bonneagar Glas (BG) Chontae Átha Cliath Theas.

Ina theannta sin, tá an Chomhairle Contae freagrach as limistéir fhairsinge spásanna oscailte a bhainistiú, amhail ciumhaiseanna bóithre, limistéir ghlasa in eastáit tithíochta, limistéir shúgartha leanaí agus limistéir theagmhasacha.

Tá roinnt straitéisí agus pleananna reatha ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas ábhartha don spás oscailte poiblí, páirceanna agus áineas, lena n-áirítear an Clár Déagspás, Straitéis Páirceanna Spóirt, agus Clár Spáis Súgartha nuálach, lena n-áirítear cuireadh spásanna súgartha nádúrtha ar fáil i bpáirceanna agus spásanna oscailte ag suíomhanna gar do cheantair chónaitheacha ar fud an Chontae.

Mar a leagtar amach sa Phlean Forbartha (Caibidil 8), tá cúig bhunphrionsabal ag Comhairle Contae Átha Cliath lena dtreoraítear soláthar spásanna oscailte:

Ordlathas

In Ordlathas na Spásanna Oscailte Poiblí leagtar amach an réasúnaíocht don líonra páirceanna agus spásanna oscailte

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

atá ann faoi láthair agus atá beartaithe don Chontae, ina sainaitheann raon feidhmeanna ar gach leibhéal san ordlathas. Tá tíopeolaíocht na spásanna oscailte ina príomhghné den líonra bonneagair ghlais, lena nasctar agus lena gcruthaítear nascálacha conairí glasa ar fud an Chontae.

Inbhuanaitheacht Chomhshaoil

Ba cheart go gcuirfeadh soláthar spásanna oscailte poiblí leis an bhfís níos leithe i ndáil le pleanáil agus Bonneagar Glas don Chontae, lena n-áirítear pobail inbhuanaithe a chruthú, bithéagsúlacht a chur chun cinn, bainistíocht inbhuanaithe uisce, cuspóirí ceaptha carbóin agus gníomhaithe ar son na haeráide.

Cainníocht

Cuirfear líon leordhóthanach spásanna oscailte poiblí agus saoráidí caithimh aimsire ar fáil chun éilimh na bpobal atá ann faoi láthair agus aon phobail a bheidh ann amach anseo a shásamh laistigh de shaolré an Phlean Forbartha.

Inrochtaineacht

Ba cheart go mbeadh spásanna oscailte agus saoráidí caithimh aimsire deartha agus suite le bheith inrochtana go poiblí ó mhodhanna iompair inbhuanaithe amhail siúl, rothaíocht agus modhanna iompair phoiblí, ag brath ar an gcineál spásanna oscailte atá laistigh den ordlathas. Ba cheart go mbeadh na saoráidí deartha ar chaoi a gcinnteofaí rochtain do dhaoine de gach aois agus gach cumas.

Cáilíocht

Ba cheart go ndéanfaí foráil le spásanna oscailte poiblí don chaitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach, agus go bhfeabhsófaí sainiúlacht agus taitneamhacht limistéir a mhéid a bhaineann leis an ngá le bithéagsúlacht a chaomhnú. Ba cheart go mbeadh sé deartha le bheith oiriúnach dá chuspóir, agus saoráidí iomchuí ann, agus é sorochtana, sábháilte agus á bhainistiú agus á choinneáil go hiomchuí. Comhlíonann cineálacha difriúla spáis oscailte laistigh den ordlathas feidhmeanna difriúla agus cuirtear leibhéil dhifriúla saoráidí ar fáil leo.



Páirc Ráth Cúil

Páirceanna atá Ann Cheana i mBaile Átha Cliath Theas

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
	Páirceanna Réigiúnacha	
R1	Páirc Thigh Motháin	128.83
R2	Páirc Ghleann na Dothra	118.31
R3	Páirc Chorcaí/Chluain Dolcáin	132.83
R4	Páirc Ghleann an Ghrífin	69.19
	Iomlán na bPáirceanna Réigiúnacha	449.16
	Páirceanna Comharsanachta	
N1	Páirc Choill Tobair	45.87
N2	Páirc Bhaile Uaitéir	34.09
N3	Páirc Sheáin Bhreathnaigh	21.86
N4	Páirc Bhaile an Mhóta	21.15
N5	Páirc Chill an Ardáin	20.81
N6	Páirc an Bhuitléaraigh agus Mhic Aodha	20.67
N7	Páirc Bhaile Choilín	20.20
	Iomlán na bPáirceanna Comharsanachta	184.65
	Páirceanna Áitiúla	
L1	Páirc Bancroft	18.00
L2	Páirc Ghleann Álainn	17.58
L3	Páirc Chill na Manach	15.52
L4	Páirc Ráth Cúil	14.21
L5	Páirc Bhaile Eoghain	13.82
L6	Páirc Ráth Miontáin	13.34
L7	Páirc Chnoc Mitin	13.07
L8	Páirc Chuidbhrícht	12.72
L9	Páirc na Canálach Móire	10.94
L10	Páirc Airlie	10.64
L11	Ospidéal Stewart	10.29
L12	Páirc Chnoc Lín	10.08
L13	Páirc Eirmeataíste	8.28
L14	Páirc Ionad Pobail Theach na Giúise	8.11
L15	Diméin Leamhcáin	8.08
L16	Páirc Bhaile Mhic Craith	7.16
L17	Páirc na nGlaschnoc	7.13
L18	Páirc Shruothán Liam	6.97
L19	Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin	6.80
L20	Páirc Lána Tandy	6.71
L21	Páirc Choill an Rí	6.71

Tag.	Suíomh	Limistéar (ha)
L22	Páirc Ghleanntáin an Choiréil	6.55
L23	Páirc Bhaile Ailín	5.95
L24	Páirc Choillte Leamháin	5.49
L25	Páirc Aylesbury	5.15
L26	Páirc Ghort an Chaisleáin	4.72
L27	Páirc na Feá	4.67
L28	Páirc Choill na hEilce	4.27
L29	Páirc na Carraige Móire	4.26
L30	Páirc Shruothán Bhaile an Fhaoitigh	3.39
L31	Arda Airlie	3.68
L32	Páirc Rualaí	3.48
L33	Páirc Orwell	3.47
L34	Páirc an tSáirséalaigh	3.29
L35	Páirc Ghort na Feá	3.14
L36	Páirc na gCrann Glas	3.04
L37	Páirc Ardán Avondale	2.97
L38	Páirc Mhullach an Chnoic	2.35
L39	Páirc an Teampaill Ghil	2.06
	Iomlán na bPáirceanna Áitiúla	298.09
	Páirceanna Beaga	
S1	Páirc Delaford	1.92
S2	Páirc Mhic Bhrádaigh	1.91
S3	Páirc Radharc an tSruotháin	1.80
S4	Páirc Bhaile Thigh Motháin	1.73
S5	Páirc Chaisleán Chluain Dolcáin	1.69
S6	An Pháirc Thiar	1.42
S7	Páirc Bhaile Uí Néill	1.16
S8	Páirc Ghleann na Dothra Bige	1.11
S9	Páirc Áirse Íle	0.39
S10	Páirc Shráidbhaile Theach na Giúise	0.25
S11	Páirc Bhaile Leamhcáin	0.12
	Iomlán na bPáirceanna Beaga	13.50
	Iomlán Achar Páirceanna	945.40

Tábla 5.1: Páirceanna atá Ann Cheana i mBaile Átha Cliath Theas arna mBainistiú ag Comhairle Contae Átha Cliath Theas

5.2 Ordalthas na bPáirceanna agus Spásanna Oscailte Poiblí

Is é beartas an Phlean Forbartha go bhfuil líonra ordalthasach spáis oscailte ardchaighdeáin ar fáil dóibh siúd a chónaíonn agus a oibríonn sa Chontae agus a thugann cuairt air, ina gcuirtear caitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach araon ar fáil, agus go ndéantar an acmhainn arna cur ar fáil trí spásanna oscailte poiblí, páirceanna agus páirceanna imeartha a uasmhéadú trí bhainistíocht éifeachtach.

Is cinn scríbe thábhachtacha do chónaitheoirí agus cuairteoirí ar leibhéal áitiúil, comharsanachta agus réigiúnach iad ordalthas páirceanna faoi bhainistíocht agus spásanna oscailte na Comhairle.

Beartas H8 sa Phlean Forbartha Contae: Is é is aidhm don Spás Oscailte Poiblí:

A chinntiú go bhfreastalaíonn ordalthas soiléir agus líonra spásanna poiblí oscailte ardchaighdeáin ar gach forbairt chónaitheach lena ndéantar foráil maidir le caitheamh aimsire gníomhach agus éighníomhach, agus lena bhfeabhsaítear saintréithe físe, féiniúlacht agus taitneamhacht an cheantair.

Léirítear san ordalthas spásanna oscailte poiblí ar a dtugtar breac-chuntas i dTábla 1.2 príomh-shaintréithe an líonra páirceanna agus spásanna oscailte atá ar fáil sa Chontae faoi láthair, agus leagtar amach ann creat don soláthar amach anseo ina n-aithnítear an raon feidhmeanna ar gach leibhéal san ordalthas.



Spás do Dhéagóirí i gCoill an Rí

Cineál	Príomhghnéithe	Méid agus Feidhm
Páirceanna Réigiúnacha*	Ina bhfuil fáil ar oidhreacht nádúrtha, oidhreacht thógtha nó gnéithe cultúrtha agus saoráidí do chuairoteoirí. D'fhéadfaí a áireamh leis na gníomhaíochtaí limistéir shúgartha fhoirmiúla agus neamhfhoirmiúla, siúlbealaí agus bealaí rothaíochta, limistéir suíochán agus caithimh aimsire éighníomhaigh, páirceanna imeartha (lena n-áirítear páirceanna imeartha uile-aimsire), agus seomraí feistis, raonta reatha agus garraithe scoir. Ba cheart rochtain éasca a bheith orthu le hiompar poiblí agus rothaíocht, agus foráil leormhaith ann don rothaíocht agus carrchlós. Tá páirceanna imeartha mar phríomhghné de bhonneagar glas (BG) ar leibhéal straitéiseach don Chontae, rud a rannchuidíonn le conairí glasa tábhachtacha a bheith ag gabháil trí cheantair uirbeacha agus lena nasctar limistéir thuaithe agus limistéir ardtailte.	Achar idir 100 agus 200ha. Freastal den chuid is mór ar limistéir laistigh de gha 5km, agus freastal freisin ar úsáideoirí ar fud an Chontae mar láthair díol spéise do thurasóirí. Go hiondúil, ba cheart go mbeadh Páirc Réigiúnach suite laistigh de 5km ó gach baile sa Chontae.
Páirceanna Comharsanachta	Iad a bheith inrochtana do choisithe agus rothaithe, agus éagsúlacht leathan saoráidí agus úsáidí le fáil ann, lena n-áirítear páirceanna imeartha, agus seomraí feistis i ndáil le saoráidí agus gníomhaíochtaí faoin aer, saoráidí imeartha, giomnáisiamáí faoin aer, siúlbealaí agus bealaí rothaíochta. Is féidir réimse gnéithe BG a áireamh iontu, amhail riasca, páirceanna móinéir, agus garraithe pobail, agus limistéir phlandaithe neamhfhoirmiúla ar mhórán bithéagsúlachta.	Iad idir méid tuairim is 20 go 50ha (agus uaireanta suas le 100ha), agus ag freastal ar cheantar comharsanachta laistigh de 800m.
Páirceanna Áitiúla	Iad ag freastal den chuid is mór ar thaitneamhachtaí áitiúla agus caitheamh aimsire éighníomhach, cé go bhféadfadh páirceanna imeartha agus trealamh imeartha a bheith le fáil i roinnt acu. Iad comhdhéanta den chuid is mó as féarach feabhsaithe, ach le neart deiseanna ann chun rannchuidiú leis an líonra áitiúil BG trí réimse leathan scéimeanna feabhsaithe bithéagsúlachta.	Iad a bheith sa raon méideanna idir tuairim is 2 agus 20ha, agus ag freastal ar dhaonra áitiúil laistigh de cheantar 400m. Iad suite gar do bhaile agus sorochtana dá réir ag coisithe agus ag rothaithe.
Páirceanna Beaga	Iad ag freastal den chuid is mó ar thaitneamhacht agus caitheamh aimsire éighníomhach, agus d'fhéadfaí saoráidí súgartha ar scála beag a áireamh leo. Bíonn claonadh ag gnéithe BG gur teoranta iad, agus iad comhdhéanta den chuid is mó as féarach feabhsaithe maille le fála sceach nó cruinn ócáideacha, ach le neart deiseanna ann chun an luach bithéagsúlachta a neartú trí scéimeanna feabhsaithe áitiúla.	Iad a bheith go hiondúil idir 0.2 agus 2ha ag freastal ar limistéar laistigh de cheantar 300m ó dhaonra áitiúil na comharsanachta, agus inrochtana go réidh ag coisithe agus rothaithe.
Spásanna Oscailte Cónaitheach a Níos Lú (Taitneamha cht)	Iad á gcur ar fáil de ghnáth mar limistéir níos lú taitneamhachta laistigh d'fhorbairtí cónaitheacha, gan ciumhaiseanna féir san áireamh, stráicí cúnga plandaithe nó spás oscailte teagmhasach 'nó fuílligh'. Iad comhdhéanta de ghníomhaíochtaí neamhfhoirmiúla súgartha/caithimh aimsire, go hiondúil le haghaidh leanaí níos lú agus lena mbaineann feidhm físe agus shóisialta. Is féidir le spásanna oscailte níos lú feidhmiú mar chéimeanna idirmheánacha laistigh den líonra BG níos leithne.	Iad go hiondúil suas le 0.2ha (2000 méadar cearnach) ar mhéid. Ba cheart go mbeadh gach baile laistigh de 100m ón gcineál seo nó ó chineál comhchosúil spáis oscailte poiblí. Ní bheidh aon ranníocaíocht ionaid inghlactha maidir le soláthar an chineáil sin.
Spásanna Cathartha / Cearnóga**	Áirítear leis na gnéithe tábhachtacha sin limistéir chathartha agus cearnóga margaidh, agus limistéir eile dromchla chrua agus bhoig. Iad deartha do ghluaiseacht coisithe agus idirghníomhú sóisialta i suíomhanna uirbeacha.	Iad éagsúil ó thaobh méide de ach níos lú ná 0.2ha den chuid is mó agus ag freastal ar fheidhm áitiúil comharsanachta.

Tábla 5.2: Ordlaithas Páirceanna agus Spásanna Oscailte i mBaile Átha Cliath Theas * Seachadfar síneadh le Páirc Ghleann an Ghrifín mar chuid de Scéim SDZ Chluain Buiríosa. ** Ba cheart go mbeadh íosmhéid 650m2 sna Limistéir Chathartha seo; chun úsáid ilfheidhmeach agus gníomhaíochtaí ilghlúnta a chumasú, ag freastal ar éilimh an phobail. Limistéir as a mbaintear an leas is mó chun cuspóirí gluaiseachta, ní mheastar iad a bheith ina spás oscailte poiblí faoin gceannuideal seo.

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

5.3 Modheolaíocht

Tar éis iniúchadh a dhéanamh ar threoraíocht maidir le dea-chleachtas agus faisnéis a fuarthas ón iniúchadh ar an soláthar atá ann faoi láthair; úsáideadh na caighdeáin a leanas chun Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile Átha Cliath Theas a fhorbairt:

- Gnéithe cainníochtúla (an méid soláthair atá ann agus an méid a bheidh de dhíth);
- Inrochtaineacht (trí thairseacha faid a chur i bhfeidhm); agus
- Comhpháirt cháilíochtúil (a ndéanfar an gá le feabhsú saoráidí atá ann faoi láthair a thomhas os a comhair).

Níl aon chaighdeáin reachtúla ann maidir le spásanna oscailte maidir le cainníochta, inrochtaineacht ná cáilíocht an tsoláthair páirceanna agus spáis oscailte in Éirinn, is amhlaidh dá réir atá na caighdeáin a chuirtear i bhfeidhm i Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile Átha Cliath Theas bunaithe ar anailís agus cur chun feidhme na treoraíochta maidir le dea-chleachtas.

Tá bailiú agus anailísiú sonraí le teicnící GIS curtha san áireamh sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte d'fhonn measúnú breise a dhéanamh ar dháileadh, inrochtaineacht agus cainníocht na bpáirceanna agus spásanna oscailte atá ann cheana, rud a cheadaíonn do chinneadh na limistéar ina bhfuil easnamh agus beartas a fhorbairt maidir leis na leibhéil soláthair.

Tá an Straitéis múnlaite ag próiseas comhairliúcháin pobail atá comhdhéanta de cheistneoir poiblí ar líne chun tuairimí agus dearchtaí áitiúla a bhailiú maidir le cáilíocht agus cainníocht pháirceanna Bhaile Átha Cliath Theas. Fuarthas os cionn 4,000 freagra, agus cuireadh réimse leathan tuairimí in iúl.



Spás Súgartha Pháirc Lána Tandy

Méid an Spáis Oscailte Phoiblí

Tá 61 páirc poiblí faoi láthair atá scaipthe ar fud limistéar uirbeach Bhaile Átha Cliath Theas, atá comhdhéanta de na cinn a leanas:

- Páirceanna Réigiúnach 7%

- Páirceanna Comharsanachta 11%
- Páirceanna Áitiúla 64%
- Páirceanna Beaga 18%

Is ionann achar iomlán na bpáirceanna i mBaile Átha Cliath Theas agus 945.40ha (beagnach 5% d'achar an Chontae), atá coibhéiseacha le thart ar 0.003ha (30sq.m.) in aghaidh an duine (3ha in aghaidh 1000).

Is páirc agus tírdhreach tábhachtach stairiúil í Páirc Naomh Éanna arna bainistiú ag Oifig na nOibreacha Poiblí i Ráth Fearnáin mar chuid de Mhúsaem an Phiarsaigh, agus is taitneamhacht agus acmhainní shuntasach éiceolaíochta í, má chuirtear leis an iomlán é tugtar soláthar níos cruinne ar chainníocht na bpáirceanna poiblí atá le fáil sa cheantar. Tá 16.5ha d'achar ann, atá coibhéiseach le Páirc Áitiúil.

Tá achar 10.2ha le fáil in Parco Italia a fuarthas le déanaí i mBaile Átha Cliath Theas, (atá coibhéiseach le Páirc Áitiúil), cuirtear ar oscailt don phobal í a luaithe a bheidh sí measta agus ullmhaithe chuige sin. Má chuirtear Páirc Naomh Éanna agus Parco Italia le hachar iomlán páirce i mBaile Átha Cliath Theas tugtar iomlán 972.1ha (beagnach 5% d'achar an Chontae), ar coibhéiseach é le 0.003ha in aghaidh an duine (3ha in aghaidh 1000).

Molann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (EDS) go gcuireann gach cathair íosmhéid 9m² de spás glas uirbeach ar fáil do gach duine ar an gcuntar go mbíonn sé ina spás inrochtana, sábháilte, agus feidhmiúil. Molann EDS gur féidir an méid foirfe spáis ghlais uirbigh a chur ar fáil chomh mór le 50m² in aghaidh an duine (*An Eagraíocht Dhomhanda Sláinte (2010). Urban Planning, Environment and Health: From Evidence to Policy Action*). Is ionann an moladh sin ón Eagraíocht Dhomhanda Sláinte maidir le soláthar foirfe spáis ghlais oscailte agus 5ha in aghaidh an 1000 duine.

Is féidir teacht ar Threoirilínte Dea-Chleachtais ón Ríocht Aontaithe ar www.fieldsintrust.org (Fields in Trust (2024), Fields in Trust Standards: Spásanna iontacha a chruthú do chách) agus is iondúil go n-úsáideann Údarás Áitiúla sa Ríocht Aontaithe agus in Éirinn araon chun na caighdeáin riachtanacha a ghiniúint maidir le soláthar an spáis oscailte agus treoraíocht a thabhairt do sholáthar an bhonneagair caithimh aimsire. Áirítear leis an gcaighdeán go leor cineálacha spáis oscailte is féidir a chur ar fáil go poiblí, i.e. Páirceanna Foraoise, conairí agus siúláin rochtana oscailte, talamh rochtana oscailte; ní hamháin an spás oscailte poiblí a chuireann an t-údarás áitiúil ar fáil.

Áirítear le Fields in Trust foráil chaighdeánach maidir le hilchineálacha saoráidí caithimh aimsire a mbíonn rochtain ag an bpobal orthu, ní hamháin iad siúd atá curtha ar fáil ag an údarás áitiúil; agus is díol suntais an fhoráil atá ann 3.2 heicteár in aghaidh 1000 duine de pháirceanna, garraithe poiblí, spásanna taitneamhachta glasa agus spásanna oscailte nádúrtha agus breacnádúrtha a éileamh; agus foráil ar leithligh ann do pháirceanna imeartha,

cúirteanna, rianta agus conairí glasa d’achar 1.6 heicteár in aghaidh 1000 duine. Agus soláthar breise limistéir shúgartha fhoirmiúla agus neamhfoirmiúla de 0.55heicteár in aghaidh 1000 duine de dhíth, is ionann an soláthar foriomlán spáis oscailte agus 5.35heicteár in aghaidh 1000 duine, atá cosúil leis an méid a mholann an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte. Is díol suntais é limistéir spórt gníomhach a áireamh mar cheanglas ar leithligh, mar atá limistéir atá ag éirí níos tábhachtaí don tsláinte agus folláine sna ceantair uirbeacha, agus atá éirí níos deacra a chur ar fáil laistigh de lonnaíochtaí uirbeacha comhdhlúite.

Áirítear le treoraíocht eile an figiúr tagarmharcála 18ha in aghaidh 10,000 (1.8ha in aghaidh 1,000) den daonra a áirítear ar ‘Parks Policy for Local Authorities’ ó 1987, agus ar mholadh ‘Providing Accessible Natural Greenspace in Towns and Cities’ (ANGSt) le haghaidh 2ha de spás glas nádúrtha inrochtana in aghaidh 1,000 duine. I bhfianaise na difríochta idir treoraíocht agus an ghá chun foráil a dhéanamh maidir le comhthéacs agus éileamh áitiúil; bíonn an claonadh ag an gcaighdeán a ghlahtar go ginearálta d’údaráis áitiúla in Éirinn idir 2.0 agus 2.5ha in aghaidh 1000 duine (20-25m2 in aghaidh an duine).

Tugtar an caighdeán foriomlán i bPlean Forbartha Contae CCÁCT 2022-2028 do spásanna poiblí oscailte mar 2.4 heicteár in aghaidh 1,000 duine. Cuirtear é sin i bhfeidhm ar gach forbairt lena mbaineann gné chónaitheach. Laistigh den chaighdeán sin, tá céatadain shonraithe (mar a leagtar amach sa tábla thíos) nach mór, ar a íosmhéid, a chur ar fáil ar an láthair.

Ní dhéanfar foráil maidir le solúbthacht ach amháin in imthosca eisceachtúla sainithe, mar a leagtar amach i gcuispóirí sonracha laistigh den Phlean Forbartha Contae.

Land Use	Public Open Space Standards (minimum)
Overall Standard	2.4 Ha per 1,000 Population
New Residential Development on Lands Zone RES-N	Minimum 15% of site area
New Residential Development on Lands in Other Zones including mixed use	Minimum 10% of site area
Institutional Lands / ‘Windfall’ Sites	Minimum 20% of site area

Fíor 5.1: Plean Forbartha an Chontae, Caighdeáin um Spásanna Oscailte Poiblí (Tábla 8.2)

A mhéid a bhaineann leis an soláthar spásanna oscailte atá ann faoi láthair; níl dáileadh tíreolaíochta agus méid na bpáirceanna i mBaile Átha Cliath Theas chomhsheasmhach ar fud an chontae, den chuid is mó de bharr fás mear ar an daonra atá feicthe in go leor ceantar, go háirithe le blianta beaga anuas.

Sainaithear 7 gCeantar Comharsanachta thíreolaíoch sa Phlean Forbartha Contae inar measadh príomhsheirbhísí agus príomhsaoráidí a bheith ar fáil go coitianta i mbailte/sráidbhailte ar leith laistigh den

Chontae. Tá cur chuige múnlaith agus éascaithe ag an bpróiseas sin i leith príomhsheirbhísí agus príomhsaoráidí a chur ar fáil, lena n-áirítear páirceanna agus spásanna oscailte, agus gach ceantar i mbéal forbartha thar thréimhse an phlean.

Mar chuid den iniúchadh ar pháirceanna agus spásanna oscailte, ar tugadh faoi i gcomhréir leis na comharsanachtaí sainithe sin, tar éis roinnt difríochtaí i gcainníocht an tsoláthair reatha agus réamh-mheasta a shainaithint ar fud an Chontae.

Mar a léirítear sa tábla a leanas, tá méid áirithe spáis oscailte le fáil i ngach comharsanacht, cé is moite d’larthar na Cathrach / Teach Sagard / An Caisleán Nua / Ráth Cúil, agus Bóthar an Náis, le haghaidh an daonra atá ann faoi láthair agus atá réamh-mheasta, i gcomhréir leis an sprioc-caighdeán 2.4 ha/1000 daonra, cé go bhfuil éagsúlacht mhór ann ó thaobh chineál agus cháilíocht an tsoláthair de idir na comharsanachtaí.

Tá na caighdeáin seo maidir le cainníocht ceaptha mar íosleibhéil threoracha don soláthar. De bhrí go bhfeictear leibhéil soláthair i gcomharsanachtaí áirithe sa chontae atá os cionn íoschaighdeán, ní chiallaíonn sé sin go bhfuil barrachas ann; óir d’fhéadfadh an soláthar uile sin a bheith

á ró-úsáid, drochshuite / drochscaipthe (e.g. spásanna iomadúla ar mhéid beag scaipthe ar fud limistéar leathan, nach bhfuil soláthar (cuir i gcás) saoráid mhórsála caithimh aimsire ceadaithe ná indéanta iontu), nach bhfuil inrochtana go leormhaith nó lena mbaineann cáilíocht íseal.


Laistigh den chomharsanacht larthar na Cathrach / Teach Sagard / An Caisleán Nua / Ráth Cúil, tá coinne leis go soláthrófar roinnt spáis oscailte bhreise i bPleananna Limistéir Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus an Chaisleáin Nua, mar sin féin ní mór machnamh a dhéanamh ar sholáthar spáis oscailte phoiblí bhreise, go háirithe spás chun rochtain phoiblí a chur ar fáil ar chaitheamh aimsire gníomhach lena n-áirítear páirceanna imeartha poiblí, páirceanna spóirt, cúirteanna etc. chun éilimh na bpobal ansin a shásamh.

Tá Bóthar an Náis ina shuíomh straitéiseach agus éascófar athrú beartaithe na comharsanachta sin trí mháistirphlean straitéiseach, i gcomhréir le príomhchuspóirí náisiúnta agus réigiúnacha. Príomhriachtanas laistigh d’fhorbairt na bpleananna úd is ea méideanna leordhóthanacha páirceanna agus spáis oscailte phoiblí a sholáthar chun éileamh an daonra bheartaithe a chomhlíonadh, lena n-áirítear dóthain spáis oscailte phoiblí d’fhonn rochtain an phobail ar chaitheamh aimsire gníomhach lena n-áirítear páirc imeartha phoiblí, páirceanna imeartha, cúirteanna etc.

Athbhreithneoidh Baile Átha Cliath Theas na ceanglais maidir le soláthar spáis oscailte phoiblí laistigh de cheantar Imeall na Cathrach (Comharsanacht Bhóthar an Náis) de réir mar a chuirfear na líonta daonra beartaithe i

gcrích, mar chuid d'fhorbairt pleananna don cheantar sin.

Níl réamh-mheastacháin daonra ar fáil do Chomharsanacht na nArdtailte Tuaithe, óir tá coinne le fás sa daonra mar thoradh ar athúsáid éifeachtúil an stoic tithíochta atá ann faoin tuath, agus foráil á déanamh freisin don éileamh áitiúil trí bheartas a leagtar amach sa roinn maidir le straitéis lonnaíochtaí tuaithe de Chaibidil 6 den Phlean Forbartha (Tithíocht).



Fíor 5.2: Páirceanna atá Ann Cheana i mBaile Átha Cliath Theas de réir Comharsanachta

Comharsanacht	Cineál POS	Achar (ha)	An Daonra Reatha	An Daonra Réamh-mheasta
Iarthar na Cathrach Teach Sagard Ráth Cúil An Caisleán Nua	Áitiúil	18.47	28,690 duine	30,879 duine
	Spás Taitneamhachta	3.33		
	POS iomlán	21.80	21.80ha (faoi láthair)	44.30ha (á mheas ó phleananna)
	POS sprice		68.86ha	74.11ha
	Soláthar POS		47.06ha	29.81ha
Cluain Dolcáin Cluain Buiríosa Caisleán na Gráinsí	Réigiúnach	132.83	45,364	55,200
	Comharsanacht	20.20		
	Áitiúil	40.21		
	Beag	2.85		
	Spás Taitneamhachta	52.79		
	POS iomlán	248.88	248.88ha	276.48ha (arna mheas ó phleananna)
	POS sprice		108.87ha	132.48ha
	Soláthar POS		140.01ha	144ha
Leamhcán Baile Phámar Baile Adaim	Réigiúnach	60.98	66,646	68,483
	Comharsanacht	34.09		
	Áitiúil	102.90		
	Beag	0.12		
	Spás Taitneamhachta	69.45		
	POS iomlán	267.54	267.54ha	281.94ha (arna mheas ó phleananna)
	POS sprice		159.95ha	164.36ha
	Soláthar POS		107.59ha	117.58ha
Bóthar an Náis*	Ceann ar bith	-	1,303	3,349*
	POS sprice		3.13ha	8.03ha*
	Soláthar POS		3.13ha	8.03ha*
Ardtailte Tuaithe	Comharsanacht	45.87	3,201	NA
	POS iomlán	45.87	45.87ha	45.87ha
	POS sprice		7.68ha	-
	Soláthar POS		38.19ha	NA
Tamhlacht	Réigiúnach	109.01	73,959	76,525
	Comharsanacht	84.49		
	Áitiúil	70.98		
	Beag	6.86		
	Taitneamhacht	107.50		
	POS iomlán	378.84	378.84ha	380.44ha (arna mheas ó phleananna)
	POS sprice		177.50ha	183.66ha
	Soláthar POS		201.34ha	196.78ha
Teach Mealóg Baile Bhailcín Ráth Fearnáin Teach na Giúise	Réigiúnach	199.45	81,912	85,264
	Áitiúil	63.99		
	Beag	3.67		
	Spás Taitneamhachta	118.40		
	Páirc Naomh Éanna (Oifig na nOibreacha Poiblí)	16.5		
	POS iomlán	402.01	402.01ha	407.71ha (arna mheas ó phleananna)
	POS sprice		196.59ha	204.63ha
	Soláthar POS		205.42ha	203.08ha

Tábla 5.3: Soláthar maidir le Spás Poiblí Oscailte i gComharsanachtaí Bhaile Átha Cliath Theas de réir cineáil

*Imeall na Cathrach (arna phleanáil faoi láthair) a tháinig i ndiaidh figiúirí réamh-mheasta donra an phlean forbartha contae (daonra 85,000 faoi 2070)

Inrochtaineacht Spásanna Oscailte Poiblí

Aithnítear rochtain éasca ar dheiseanna caithimh aimsire agus taitneamhachta mar ábhar machnaimh tábhachtach chun caighdeán na beatha a fheabhsú. Tugtar le fios ón taighde le déanaí gur táscaire láidir ar shláinte agus sochair na cáilíochta maireachtála í rochtain ar spás oscailte poiblí laistigh de shiúlóid 5 nóiméad ón mbaile. Cuidíonn gréasáin áitiúla spásanna oscailte poiblí ardcháilíochta atá deartha agus coinnithe go maith freisin chun an timpeallacht uirbeach agus prionsabail ‘cruthaithe áiteanna’ a fheabhsú.

Chun comharsanachtaí atá oiriúnach do leanaí a bhaint amach, táthar ag brath ar spásanna oscailte poiblí a chruthú agus naisc shábháilte idir na spásanna oscailte a chinntiú.

Is amhlaidh ar fud Bhaile Átha Cliath Theas is ceart go mbeadh rochtain ag gach limistéar comharsanachta ar réimse spásanna oscailte poiblí foirmiúla agus neamhfhoirmiúla don taitneamhacht, caitheamh aimsire, spóirt agus súgradh. Ba cheart go mbeadh spásanna oscailte agus saoráidí caithimh aimsire deartha agus suite le bheith inrochtana go poiblí ag córacha iompair inbhuanaithe amhail siúlóid, rothaíocht agus iompar poiblí, ag brath ar an gcineál spásanna oscailte; agus ba cheart go mbeidís ar fáil le húsáid ag gach cónaitheoir den Chontae.

Ba cheart go mbeadh spásanna oscailte nasctha lena chéile chun a luach taitneamhachta a mhéadú, spreagadh a thabhairt don taisteal gníomhach idir eatarthu agus éascú don ghréasán bonneagair ghlais.

Leagtar amach sna treoirínte maidir le hinrochtaineacht faid inghlactha ar féidir ag bheith ag dúil leis go siúlfaidh daoine óna mbaile leis na cineálacha spáis oscailte is gaire dóibh a bhaint amach. Léirítear leo éilimh na n-úsáideoirí féideartha. Na spásanna ar dócha go mbainfear leas astu ar bhonn minic rialta, caithfidh siad a bheith laistigh d’achar gearr siúlóide agus rochtain shábháilte a bheith orthu. I gcás na saoráidí eile inar faide iad na cuairteanna ach b’fhéidir nach mbíonn siad chomh minic céanna, mar shampla Páirceanna Réigiúnacha a fhreastalaíonn ar cheantar níos leithne, óna dteastóidh inrochtaineacht ag iompar poiblí agus ag úsáideoirí carranna.

Is í an aidhm go mbeidh gach duine i gceantar uirbeach Átha Cliath Theas ina gcónaí laistigh de shiúlóid 5 nóiméad nó 300m ó pháirc poiblí ina bhfuil 0.2 heicteár ar a laghad.

I bhfianaise na forbartha cónaithí ard-dlúis atá beartaithe le haghaidh roinnt limistéar den Chontae, cuideoidh an caighdeán inrochtaineachta 300m le soláthar feabhsaithe spásanna oscailte poiblí a shlánú do theaghlaigh óga ar dócha go meallfar chuig forbairtí straitéiseacha iad agus a chuireann luach leis na pobail nua.

Agus aistriúchán á chur ar na caighdeáin rochtana maidir le hiniúchtaí spásanna oscailte ar an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte, baineadh leas as bogearraí ‘anailís líonra’ GIS le measúnú a dhéanamh ar na hachair shiúil bunaithe ar shráideanna, cosáin agus pointí rochtana ar spásanna oscailte le measúnú cruinn a thabhairt ar an inrochtaineacht.

Déantar achoimre mar a leanas ar na caighdeáin maidir le hinrochtaineacht atá glactha ag an bPlean Forbartha:

Ordlathas na Spásanna Oscailte Poiblí	Ceantar
Páirceanna Réigiúnacha	Ba cheart go mbeadh Páirc Réigiúnach suite laistigh de 5km ó gach baile sa Chontat.
Páirceanna Comharsanachta	Freastal ar cheantar comharsanachta laistigh de 800m.
Páirceanna Áitiúla / Oscailte Spásanna	Freastal ar dhaonra áitiúil laistigh de cheantar 400m.
Páirceanna Beaga / Spásanna Oscailte	Freastal ar achar laistigh de cheantar 300m ón daonra áitiúil.
Spásanna Oscailte Cónaitheacha Níos Lú	Ba cheart go mbeadh gach baile laistigh de 100m ón gcineál seo nó ó chineál eile spáis oscailte poiblí.
Spásanna Cathartha / Cearnóga	Feidhm chathartha a bheith acu agus iad deartha don bhailiú agus gluaiseacht agus idirghníomhú sóisialta.

Mar a léirítear ar an bplean a leanas, tá an chuid is mó de na ceantair chónaitheacha atá ann faoi láthair i mBaile Átha Cliath Theas laistigh d’achar 300m (siúlóid 5 nóiméad) ó spás oscailte poiblí, cé is moite de cheantair amhail Baile Adaim (mar a bhfuil spásanna oscailte poiblí breise beartaithe mar chuid den Scéim Pleanála), codanna de Leamhcán agus Cluain Dolcáin thuaidh (Bóthar Bhaile Eoghain R136) (cuirfear spás oscailte poiblí suntasach nua ar fáil sa limistéar sin trí Scéim Pleanála Chluain Buiríosa), Cluain Dolcáin thoir (Bóthar na Mainistreach), ó thuaidh ó Theach Mealóg agus lonnaíochtaí Chnoc Lín agus Bhaile Baodáin soir ó dheas.

Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil sineirgí suntasacha le contaetha in aice láimhe i ndáil le rochtain ar spás oscailte poiblí agus páirceanna amhail Páirc Réigiúnach Mharlaí i gContae Dhún Laoghaire-Ráth an Dúin, Páirc na dTor agus Páirc an Fhionnuisce i gCathair Bhaile Átha Cliath agus Páirc San Caitríona i gComhairle Contae Fhine Gall in aice láimhe le go leor ceantair chónaitheacha i mBaile Átha Cliath Theas.




PRÍOMHGHNÍOMH

- Áireofar leis na tionscnaimh chun rochtain ar pháirceanna agus spásanna oscailte i mBaile Átha Cliath Theas a fheabhsú: feabhsuithe ar bhealaí isteach, bealaí trí pháirceanna agus chucu ó limistéir chónaitheacha agus cinn scríbe in aice láimhe,

Glasbhealaí agus bealaí comhroinnte feabhsaithe, comharthaíocht agus brandáil fheabhsaithe agus rochtain níos mó ar fhaisnéis maidir le páirceanna.

- Is í an aidhm go mbeidh gach duine i gceantar uirbeach Bhaile Átha Cliath Theas ina gcónaí laistigh de shiúlóid 5 nóiméad nó 300m ó pháirc phoiblí ina bhfuil 0.2 heicteár ar a laghad.
- Breithneoidh Baile Átha Cliath Theas an t-achar idir ceantair chónaithe agus páirceanna a chuireann feidhmeanna éagsúla ar fáil laistigh den ordlathas soláthair páirceanna, chun a chinntiú go ndáilfear soláthar páirceanna go cothrom.
- I gcás ina bhfuil ceantair chónaithe suite níos faide ná 300m ó pháirc phoiblí atá 0.2 heicteár ar a laghad ar mhéid, breithneofar uasghrádú agus feabhsú Spásanna Oscailte Taitneamhachta i bPáirceanna Beaga agus/nó Áitiúla, i gcomhar le pobail áitiúla.



Fíor 5.3: Bandaí inrochtaineachta 300m (siúlóid 5 nóiméad) ó pháirceanna i mBaile Átha Cliath Theas

Achoimre:

Aithníodh san iniúchadh cainníochtúil ar pháirceanna agus ar spásanna oscailte poiblí go bhfuil easnaimh i soláthar spásanna oscailte poiblí agus i gcomhlíonadh riachtanas maidir le hinrochtaineacht ar pháirceanna agus spásanna oscailte ag suíomhanna tábhachtacha laistigh den chontae.

A bhuí leis an soláthar stairiúil páirceanna réigiúnacha mórsála in oirthear an chontae, tá deis ag Baile Átha Cliath Theas rochtain a fháil ar áiseanna agus ar ghníomhaíocht áineasa dhian agus ag an am céanna na feidhmeanna éiceachórais a éascú atá riachtanach chun athléimneacht a mhéadú in aghaidh thionchair an Athraithe Aeráide. Tá na feidhmeanna ilchuspóireacha seo atá ag éirí níos rithábhaictaí á gcur ar fáil go maith ag an gComharsanacht i gcoitinne agus/nó ag Páirceanna Réigiúnacha, e.g. Páirc Thigh Motháin etc.

Is soláthar íosta é an caighdeán de 2.4ha de pháirceanna in aghaidh gach 1000 den daonra, ní dhéantar soláthar go hiomlán do na riachtanais ilfheidhmeacha maidir le háiseanna, caitheamh aimsire sámh,

caitheamh aimsire gníomhach dian, imní maidir leis an mbithéagsúlacht, maolú uisce, cáilíocht pháirce agus ceanglais eile a chruthaíonn páirc nó spás oscailte ar ardchaighdeán. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh soláthar ar leith ag teastáil ó chonairí éiceolaíocha mar chonair éiceachórais nó conair Bonneagair Ghlais a bhfuil tábhacht níos leithne léi, agus ba cheart na ceantair seo a shainaithint in aon phróisis ceaptha pleananna.

Ní leor an soláthar spáis oscailte atá ann cheana féin agus atá beartaithe faoi láthair don chomhleanúnachas candamach agus geografach is gá chun na feidhmeanna ilchuspóireacha seo a sholáthar go rathúil. Ba cheart breithniú a dhéanamh ar chórais mhalartacha chun páirceanna agus spás oscailte poiblí a sholáthar, atá de mhéid leordhóthanach chun freastal ar chosaint agus ar fheabhsú an Bhonneagair Ghlais agus na bithéagsúlachta, soláthar áiseanna páirce agus riachtanais áiseanna gníomhacha, agus níor cheart ceannach nó ainmniú talún go sonrach chun na críche seo a eisiamh.

Tá soláthar breise páirceanna agus spásanna oscailte poiblí ag teastáil ó cheantair chónaithe in iarthar an chontae, rud nach dócha a chuirfear ar fáil trí chur i bhfeidhm na gcaighdeán reatha le haghaidh spás oscailte poiblí maidir le 'Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Treoirlínte maidir le Lonnaíochtaí Dlútha d'Údaráis Phleanála'. Léirítear san iniúchadh ar spásanna oscailte easnamh i gcainníocht, easpa páirceanna níos mó agus easnamh sa rochtain ar pháirc de mhéid páirce réigiúnaí (fad > 5km) sa cheantar seo.

Lorgófar páirceanna agus spásanna oscailte nua a sholáthar trí na próisis seo a leanas de réir mar is iomchuí:

Plean Forbartha an Chontae:

Breithneofar spás oscailte poiblí, spás oscailte agus crios glas agus criosanna a bhaineann le háiseanna agus beartais ghaolmhara. Breithneofar na saincheisteanna a tugadh chun solais sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte sa chéad athbhreithniú eile ar Phlean Forbartha an Chontae

Scéim do Ranníocaíocht Forbartha: (Féach freisin Aguisín 1 den Phlean Cur Chun Feidhme sa Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte). Leagtar amach i bPlean Forbartha an Chontae ordlathas spásanna oscailte poiblí le caighdeán riachtanach de 2.4ha in aghaidh gach 1000 den daonra agus cinntíonn sé go ndéantar soláthar íosta maidir le spás oscailte poiblí ar an láthair, laistigh den chríosú ábhartha, mar a leagtar amach faoi Thábla 8.2 maidir le Caighdeán Spásanna Oscailte Poiblí de Phlean Forbartha an Chontae. Féadfaidh an Chomhairle, i gcúinsí áirithe agus de réir a lánrogha féin, cead a thabhairt do ghné de spás oscailte a lonnú lasmuigh den láthair i gcás ina sáraíonn sí na híosriachtanais ar an láthair.

Bainfidh Comhairle Contae Átha Cliath Theas úsáid as an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha, agus aird á tabhairt ar bheartais ghaolmhara laistigh de Phlean Forbartha an Chontae, chun freastal ar aon easnamh maidir leis an ngá atá le spás oscailte poiblí ar scálaí éagsúla agus féadfaidh sí, i gcúinsí áirithe agus de réir a lánrogha féin, ranníocaíocht airgeadais a chinneadh in ionad an cheanglais spásanna oscailte poiblí iomláin, nó cuid de, le haghaidh forbairt ar leith. Ba cheart go n-áireofaí sa Scéim do Ranníocaíocht Forbartha na nithe seo a leanas chun freastal ar aon easnamh: ranníocaíocht in ionad spáis oscailte phoiblí; chun dul i dtreo soláthar agus forbairt páirceanna/spásanna oscailte nua nó chun cur le huasghrádú ar pháirceanna/spásanna oscailte atá ann cheana féin mar a shaináithnítear sa Scéim do Ranníocaíocht Forbartha, nó aon chóras eile mar a dhéantar soláthar do Phlean Forbartha an Chontae agus don Scéim do Ranníocaíocht Forbartha.

Ranníocaíochtaí in lieu: cuirfear i bhfeidhm iad mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Scéim do Ranníocaíocht Forbartha. Agus an Ranníocaíocht

in Lieu spás oscailte á ríomh; ba cheart aird a thabhairt ar chostas talún a fháil le haghaidh páirceanna/spáis oscailte phoiblí chomh maith le costas forbartha an spáis chéanna.

Trí Phleananna Úsáide Talún Eile:

Comhlíonfar na beartais atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae ach ceadófar níos mó béime ar na riachtanais shonracha laistigh den cheantar áitiúil.

De réir Phlean Forbartha an Chontae, déanfar foráil le haon phleananna úsáide talún maidir le híosmhéid de 2.4ha de spás oscailte poiblí in aghaidh gach 1000 duine ar fud thailte an phlean, agus aird á tabhairt ar an gcaoi a bhféadfaidh sé tacaíocht a thabhairt d'aon Phlean Bonneagair Ghlais don cheantar (agus aird á tabhairt ar a chinntiú go mbainfear amach na riachtanais ilfheidhmeacha maidir le háiseanna inter alia, caitheamh aimsire sámh, caitheamh aimsire dian gníomhach, imní faoin mbithéagsúlacht, maolú uisce, cáilíocht pháirce agus inrochtaineacht laistigh den soláthar íosta sin). Go ginearálta, ní mór 10% ar a laghad, suas le 15% ar a mhéad den spás oscailte poiblí thuasluaite a bheith ar an láthair i gcás ina bhfuil feidhm ag 'Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Treoirlínte maidir le Lonnaíochtaí Dlútha d'Údaráis Phleanála'.

I gcás ina n-aithnítear go bhfuil gá le soláthar spóirt ghníomhach dhéin laistigh de phróiseas ceaptha plean, d'fhéadfadh go mbeadh gá le soláthar breise ar leithligh chuige sin.

Conairí bruachánacha: tá feidhmeanna suntasacha acu i dtéarmaí próiseáil bhithgheoiceimiceach agus soláthar seirbhísí éiceachórais ina dhiaidh sin. Tá ról cruthaithe acu maidir le gluaiseacht a rialú agus truaileáin uisce-iompartha a phróiseáil. Ag brath ar mhéid na conaire bruachánaí agus a suíomh, d'fhéadfadh cásanna a bheith ann ina mbeadh an chonair bhruachánach san áireamh laistigh de spás oscailte poiblí ach, ós rud é go bhfuil siad ainmnithe go príomha chun tuilte a mhaolú, gnáthóga a chruthú agus a chosaint nó cáilíocht uisce a fheabhsú, ní mór breithniú a dhéanamh freisin ar sholáthar cuí spáis leordhóthanaigh do na feidhmeanna *eile* a chuireann spásanna oscailte poiblí ar fáil, a d'fhéadfadh a bheith neamhoiriúnach do chriosanna tuilte, laistigh den phróiseas ceaptha plean.

Criosanna maolánacha bruachánacha: is iad seo slánachair 10m ó bharr bhruacha na sruthchúrsaí (mar atá leagtha amach i bplean forbartha an chontae). Tá cuspóirí sonracha acu atá ar leithligh ó sholáthar spáis oscailte phoiblí.

I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh go mbeadh soláthar ar leith ag teastáil ó chonairí éiceolaíocha mar chonair éiceachórais / conair Bonneagair Ghlais a bhfuil tábhacht níos leithne léi - ba cheart na conairí seo a shaináithint sa phróiseas ceaptha plean

Ceadaítear spás do SuDS atá bunaithe ar an Dúlra laistigh de spás oscailte poiblí i gcás ina gcomhlíonann sé sainmhíniú SuDS atá bunaithe ar an Dúlra: i.e. cuireann sé leis an mbithéagsúlacht a fheabhsú, déanann sé soláthar d'áiseanna caithimh aimsire, maolaíonn agus glanann sé uisce dromchla. Más rud é go bhfuil comhpháirt ar bith de SuDS ar an gcomhpháirt is suntasaí sa spás oscailte poiblí atá leithdháilte, d'fhéadfadh go mbeadh gá le soláthar breise ar leith.

Trí Bhainistíocht Forbartha:

Laistigh d'fhorbairtí ábhartha; is é 2.4ha in aghaidh gach 1000 den daonra an caighdeán íosta foriomlán atá riachtanach maidir le soláthar do pháirceanna agus spásanna oscailte ach ní dhéantar soláthar go hiomlán do na riachtanais ilfheidhmeacha maidir leis an mbithéagsúlacht, maolú uisce, agus caitheamh aimsire gníomhach dian, caitheamh aimsire sámh agus riachtanais eile a chruthaíonn páirc nó spás oscailte ar ardchaighdeán.

Go ginearálta, ní mór 10% (ar a laghad) -15% (ar a mhéad) den spás oscailte poiblí thuasluaite a chur ar fáil ar an láthair mar spás oscailte poiblí (Forbairt Chónaithe Inbhuanaithe agus Treoirínte maidir le Lonnaíochtaí Dlútha d'Údarais Phleanála).

Bainfidh an Chomhairle Contae úsáid as an Scéim do Ranníocaíocht Forbartha chun freastal ar aon easnamh maidir leis an ngá atá le spás oscailte poiblí ar scálaí éagsúla.

Ranníocaíochtaí in lieu: cuirfear i bhfeidhm iad mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Scéim do Ranníocaíocht Forbartha.

Trí Thalamh a Fháil: lena n-áirítear CPO más gá.

Deiseanna seachadta/maoinithe eile: e.g. deiseanna deontais atá maoinithe go lárnach nó scéimeanna maoinithe deontais den chineál céanna



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Bainfidh CCÁCT soláthar maidir le hordlathas páirceanna agus spásanna oscailte poiblí amach chun líonra nasctha páirceanna a chruthú chun a chinntiú go mbeidh 2.4ha ar a laghad de pháirceanna agus de spás oscailte poiblí in aghaidh gach 1000 duine laistigh den chontae, dailte go cothrom agus ar fud gach ceantair Comharsanachta. Cuirfear sásraí i bhfeidhm chun spás oscailte poiblí breise a chur ar fáil, atá de mhéid leordhóthanach chun freastal ar fheidhmeanna ilchuspóireacha an spáis oscailte phoiblí, agus i gcomhréir le hordlathas soláthar na bpáirceanna agus an spáis oscailte. Cuidíonn cur i bhfeidhm bheartais Phlean Forbartha an Chontae, agus/nó beartais Plean eile, le spáis

oscailte phoiblí ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le forbairt, mar a dhéanann cur i bhfeidhm na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí de réir rogha an údarais pleanála, féadfar ranníocaíochtaí a áireamh leis sin freisin, in ionad spás oscailte poiblí a sholáthar.

I measc córas eile, d'fhéadfadh ceannach, fáil nó ainmniú talún go sonrach chun na críche sin a bheith ann

- Le cur i bhfeidhm na mbeartas i bPlean Forbartha an Chontae, agus / nó na mbeartas eile sa Phlean, cuidítear le spás oscailte poiblí ar ardchaighdeán a sholáthar i gcomhar le forbairt, mar a dhéantar le cur i bhfeidhm na Scéime do Ranníocaíocht Forbartha. I gcás inarb ábhartha agus inarb iomchuí de réir rogha an údarais pleanála, féadfar ranníocaíochtaí a áireamh leis sin freisin, in ionad spás oscailte poiblí a sholáthar. I measc sásraí eile, féadfar ceannach, fáil nó ainmniú talún chun na críche sin go sonrach a áireamh.
- Beidh soláthar páirceanna agus spásanna oscailte laistigh de láithreáin forbartha ábhartha i gcomhréir le beartais agus cuspóirí Phlean Forbartha an Chontae.
- Iarrfaidh an Chomhairle 1 pháirc nua amháin ar a laghad a chur ar fáil in iarthar an chontae, a bheidh de mhéid chun freastal ar an daonra atá ag méadú sa cheantar seo agus sna ceantair máguaird, ar an ngá atá le rochtain ar pháirceanna móra agus chun bonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, agus chun soláthar a dhéanamh do chaitheamh aimsire sámh agus gníomhach, lena n-áirítear an t-éileamh ar pháirceanna imeartha.
- Iníúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-áireofaí an pháirc atá beartaithe in iarthar an chontae mar chuid den chur chuige i leith Bonneagar Glas, agus iniúchadh breise le déanamh air sin i gcomhréir leis na cuspóirí i bPleananna Forbartha Chontae Átha Cliath Theas agus Chill Dara. Ina measc sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar pháirc líneach chun cabhrú le stíleanna maireachtála sláintiúla, turasóireacht agus taisteal gníomhach a mhealladh, conairí éiceolaíocha a fheabhsú agus bainistíocht uisce dromchla a fheabhsú, acmhainneacht cheann scríbe na mbailte in aice láimhe a fheabhsú agus tacaíochta a thabhairt dá n-oidhreacht.

Cáilíocht an Spáis Oscailte Phoiblí

Déanann an Chomhairle Contae a dícheall páirceanna agus spásanna oscailte ar mian le daoine cuairt a thabhairt orthu a chruthú agus a bhainistiú. Is gá go mbraitheann daoine go bhfuil aire á tabhairt dóibh, go mbainfidh siad taitneamh as na spásanna seo, agus go mbeidh siad sábháilte, tríd an gcuma atá ar na spásanna, a raon áiseanna, a gcaighdeáin chothabhála agus a so-rochtaineacht.

Léirítear i Suirbhé Úsáideoirí Pháirc Bhaile Átha Cliath Theas go bhfuil ciall dhifriúil ag daoine éagsúla ar an bhfocal cáilíocht.

Baineann daoine úsáid as páirceanna agus spásanna oscailte ar bhealaí éagsúla, iarrann siad eispéiris dhifriúla orthu agus lorgaíonn siad áiseanna agus gnéithe difriúla, agus bíonn tionchar acu sin ar fad ar cibé an mbraitheann duine go bhfuil siad ag tabhairt cuairt ar áis ar ardchaighdeán. Dá bhrí sin, tá sé dúshlánach spás oscailte poiblí ar ardchaighdeán a shainiú agus a chruthú, ach bunaithe ar thorthaí an tuarascála seo agus tuarascálacha den chineál céanna, tá an taithí ar ardchaighdeán i spás oscailte poiblí ag brath go ginearálta ar na tosca seo a leanas:

- Soláthar páirceanna ilfheidhmeacha a chuireann réimse leathan eispéiris ar fáil in aon áit amháin.
- A chinntiú go bhfuil spásanna oscailte poiblí sábháilte le húsáid.
- A chinntiú go gcuireann spás oscailte poiblí leis an líonra Bonneagair Ghlais níos leithne.
- Áiseanna éagsúla laistigh de pháirceanna agus spásanna oscailte do gach aoisghrúpa agus cumas.
- Córas cothabhála cuimsitheach.
- Deisiú nó athsholáthar pras ar áiseanna atá i léig, a bhfuil damáiste déanta orthu agus a ndearnadh loitiméireacht orthu.
- Ag dul i ngleic go gníomhach le gníomhaíochtaí neamhúdaraíthe agus frithshóisialta, go háirithe dumpáil, rothair streachailte agus feithiclí goidte.
- Aghaidh a thabhairt ar shalachar madraí i bpáirceanna agus ar an gceist maidir le madraí a bhíonn á dtabhairt timpeall gan iall.
- Faisnéis chruinn agus cothrom le dáta a chur ar fáil faoi pháirceanna agus spásanna oscailte i réimse formáidí.

Leagann Plean Forbartha Contae Chomhairle Contae Átha Cliath Theas béim mhór ar cháilíocht an spáis oscailte poiblí. Is gné ríthábhachtach de chomhfhorbairt áite iad páirceanna agus spásanna oscailte ar ardchaighdeán a chur ar fáil atá deartha, suite agus cothabháilte go cuí. Ba cheart lear mór feidhmeanna a bheith ag spásanna oscailte poiblí, le saoráidí áineasa gníomhacha agus éighníomhacha araon in éineacht le gnéithe bithéagsúlachta lena bhfeabhsaítear féiniúlacht agus taitneamhacht limistéir.

Cé nach bhfuil aon chaighdeán cháilíochtúla aitheanta go náisiúnta ann do pháirceanna agus do spásanna oscailte, is minic a úsáidtear scéim Ghradam na Brataí Glaise chun measúnú a dhéanamh ar cháilíocht páirceanna agus spásanna oscailte ar fud na Ríochta Aontaithe agus le déanaí in Éirinn. Tá iarratas i gceist leis an bpróiseas, agus déanann moltóirí oilte measúnú air i dtaca le critéir shonracha. Bronntar bratach ghlas le taispeáint ar na daoine a n-éiríonn leo. Riarann An Taisce (Iontaobhas Náisiúnta na hÉireann) an scéim in Éirinn. Bronnadh an stádas seo ar chúig pháirc i mBaile Átha Cliath Theas cheana féin faoi 2025:

- **Páirc Chorcaí**
Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

- **Páirc Chaisleán Ráth Fearnáin**
- **Páirc Sheáin Bhreathnaigh**
- **Páirc Thigh Motháin**
- **Páirc Bhaile Uaitéir**

Tá an Chomhairle Contae tiomanta dá páirceanna Brataí Glaise a choinneáil de réir an chaighdeáin riachtanaigh agus obair a dhéanamh i gcomhpháirtíocht le grúpaí pobail chun gradaim den chaighdeán céanna a bhaint amach, lena n-áirítear Gradaim Phobail na Brataí Glaise. Mar sin féin, aithnítear nach é dul chun cinn phróiseas Ghradam na Brataí Glaise an modh is éifeachtaí chun pleananna bainistíochta a fhorbairt d'fhorhmór pháirceanna poiblí agus cheantair spáis oscailte an Chontae agus meastar nach bhfuil sé riachtanach do Bhaile Átha Cliath Theas Bratacha Glasa a bhaint amach do gach páirc.

Tá Pleananna Bainistíochta Páirceanna tábhachtach, áfach, chun a chinntiú go ndéantar cothabháil amach anseo de réir ardchaighdeáin, go háirithe sna páirceanna níos mó, agus úsáidfear critéir chomhchosúla chun pleananna bainistíochta a fhorbairt do na páirceanna uile atá liostaithe chun a chinntiú go mbainfear na caighdeáin chothabhála riachtanacha amach.

Le haghaidh na straitéise seo, forbraíodh measúnú cáilíochta a leagadh síos go háitiúil agus cuirfear i bhfeidhm é chun cuidiú le forbairt pleananna bainistíochta aonair le haghaidh gach páirce le linn chéim an chur i bhfeidhm. Sannfar scóir in aghaidh leibhéal cáilíochta / cothabhála a bhfuil coinne leis, in aghaidh inrochtaineachta, an chumais maidir le luach bithéagsúlachta agus pobail. Bhí an próiseas measúnaithe seo bunaithe ar na freagraí a tugadh ar an Rannpháirtíocht leis an bPobal.



Páirc Réigiúnach Thigh Motháin: Sampla de cháilíocht An-Mhaith

Trí fheabhas a chur ar cháilíocht na bpáirceanna, cuirtear le húsáid na bpáirceanna agus méadaítear líon na ndaoine atá laistigh d'achar siúil ó áis pháirce atá inúsáidte agus luachmhar. Is sampla le déanaí é an t-uasghrádú ar Spás Oscailte Bhaile an Fhaoitigh i dTamhlacht. Tá an spás oscailte seo, nár úsáideadh go leor roimhe seo, uasghrádaithe go páirc áitiúil thaitneamhach 3.39ha; a chuireann áiseanna súgartha, aclaíochta agus rochtain ar an dúlra ar fáil chomh maith le bealach nua Glasbhealaigh a

chuireann rochtain inbhuanaithe dhíreach agus easbhóthair ar fáil idir Páirceanna Ráth Miontáin agus Chill an Ardáin sa Chomharsanacht chéanna.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Pleananna Bainistíochta a ullmhú do pháirceanna an Chontae, tús áite a thabhairt do sholáthar Réigiúnach agus Comharsanachta, chun an leas is fearr is féidir a bhaint as na hacmhainní fóillíochta agus taitneamhachta atá ar fáil agus chun feabhas leanúnach a chur ar shuíomh na páirce, ar an mbithéagsúlacht agus ar na háiseanna caithimh aimsire
- Iniúchtaí mionsonraithe ar Spás Oscailte a ullmhú, trí úsáid a bhaint as na critéir mheasúnaithe cáilíochta chun feabhsuithe sonracha cáilíochta breise a chinneadh do gach páirc agus spás oscailte agus chun Spásanna Oscailte Taitneamhachta oiriúnacha agus/nó spás oscailte tearcúsáidte ar féidir iad a uasghrádú go páirceanna a aithint le linn Chur i bhFeidhm na Straitéise seo.



Bleibíní a chur is spás oscailte i gCluain Dolcáin

Soláthar Páirceanna agus Spásanna Oscailte i gCeantair Chomharsanachta

5.4 Iarthar na Cathrach/Teach Sagard/An Caisleán Nua/ Ráth Cúil

Suite ar imeall uirbeach an Chontae, síneann an Ceantar Comharsanachta mór seo siar ó mheascán fostaíochta agus cónaithe Iarthar na Cathrach agus Bhaile Uí Fhoirtcheirn chun na trí lonnaithe ar leith, An Caisleán Nua, Ráth Cúil agus Teach Sagard a chuimsiú.

Tá méadú suntasach ar an daonra réamh-mheasta sa Phlean Forbartha go dtí 2028 (+165% san iomlán), go háirithe i gCeantar Iarthar na Cathrach/Bhaile Uí Fhoirtcheirn (+195%)

Is í Páirc Áitiúil Ráth Cúil a chuireann an príomhspás oscailte poiblí lárnach ar fáil, atá suite idir Ráth Cúil agus Teach Sagard. I measc na sócmhainní spáis oscailte riachtanacha eile tá ceantair atá ainmnithe mar spásanna oscailte poiblí laistigh de Phleananna Ceantair Áitiúil agus atá forbartha mar sin laistigh d'fhorbairtí le déanaí, ach níl siad á mbainistiú ag an gComhairle faoi láthair, agus i measc samplaí de sin tá spásanna oscailte agus clóis súgartha laistigh de cheantar Phlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn, agus céimeanna tosaigh Pháirc Taobh Chnoic agus páirceanna agus spásanna oscailte eile laistigh de cheantar Phlean Ceantair Áitiúil an Chaisleáin Nua.

Aithnítear acmhainn sa Straitéis maidir le Bonneagar Glas do líonra de spásanna glasa nádúrtha agus leathnádúrtha, lena n-áirítear páirceanna, gairdíní, aibhneacha, coillte, crainn agus fála sreach ar fud na comharsanachta agus lena n-áirítear nasc le ceantair chomharsanacha.

Saináithnítear i Straitéis Páirceanna Spóirt an Chontae Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile


an gá atá le páirceanna imeartha sa chuid thiar den chontae, lena n-áirítear an Ceantar Comharsanachta seo.

Faoi láthair, tá an chomharsanacht ar fad faoi bhun an íoschaighdeáin i soláthar spásanna oscailte poiblí. Níl aon Páirceanna Réigiúnacha, Comharsanachta ná Páirceanna Beaga ann. Is é an soláthar spáis oscailte in aghaidh an duine faoi láthair ná thart ar 15m²/in aghaidh an duine, leath de mheán an chontae.

Meastar go soláthróidh forbairt leanúnach an cheantair trí Phleananna Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn agus an Chaisleáin nua roinnt spás oscailte poiblí breise chun cur le riachtanais na ndaonraí réamh-mheasta a chomhlíonadh.



Páirc Áitiúil Ráth Cúil



Fíor 5.4: Spásanna Oscailte Poiblí atá ann cheana féin agus atá beartaithe in Iarthar na Cathrach / i dTeach Sagard / sa Chaisleán Nua / i Ráth Cúil

Iarthar na Cathrach/Baile Uí Fhoirtcheirn

Tá an ceantar réasúnta nua seo mar chuid de lonnaithe níos leithne Chathair Bhaile Átha Cliath agus a Bruachbailte agus tá sé ag forbairt le roinnt blianta anuas ar luas suntasach.

Is cuspóir de chuid an Phlean Forbartha (COS2 SLO 1) go gcuirtear áiseanna poiblí, saincheaptha agus oiriúnacha ar fáil do cheantair Iarthar na Cathrach / Bhaile Uí Fhoirtcheirn (ón bpobal féin), lena n-áirítear:

- Clóis súgartha/spásanna súgartha inrochtana, spásanna do dhéagóirí agus áiseanna do dhaoine óga (amhail páirc scátála);
- Spásanna glasa deartha lena n-áirítear páirc phoiblí bhainistithe le suíocháin poiblí leordhóthanacha, inrochtana agus ar féidir leo féilte agus imeachtaí pobail a óstáil;
- Bithéagsúlacht níos mó sa cheantar agus níos mó clúdach crann;
- Líon leordhóthanach páirceanna imeartha agus clubthithe /pailliúin le haghaidh spóirt.

I bPlean Ceantair Áitiúil Bhaile Uí Fhoirtcheirn (Bealtaine 2012, mar a leathnaíodh é) aithníodh go mbeidh soláthar spásanna oscailte poiblí bunaithe ar ordlathas spásanna, rud a chruthóidh líonra comhtháite bealaí agus conairí glasa ar fud an Phlean

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Tailte agus déantar soláthar do raon feidhmeanna éighníomhacha agus/nó gníomhacha, mar atá mionsonraithe sa tábla seo a leanas:

Space	Neighbourhoods	Function
District Park	Fortunestown Centre & Saggart - Cooldown Commons	Passive recreation to include for gardening/ allotments, walking, cycling. Active recreation to include for organised sports, informal sports and children's play.
Squares and Plazas	Fortunestown Centre, Saggart-Cooldown Commons & Cheeverstown	Passive recreation to include for walking and seating.
Neighbourhood Parks/Local Parks	All Neighbourhoods	Passive recreation to include for gardening, walking, cycling. Active recreation to include for organised sports, informal sports and children's play.
Pocket Parks	All Neighbourhoods	Passive recreation to include for walking and seating.
Home Zones	All Neighbourhoods	Traffic calming and improved/safer pedestrian activity. Informal sports and play for children.
Green Corridors	All Neighbourhoods	Link spaces within hierarchy; provide nature corridors; provide link to Dublin Mountains & accommodate pedestrian and cyclist routes.

Tábla 5.5: PCÁ Bhaile Uí Fhoirtcheirn - Tábla 5.1 - Ordathas & Feidhm na Spásanna Oscailte

Tá Páirc na Carraige Móire ar cheann de na Príomhpáirceanna Áitiúla sa cheantar seo agus is í mol lárnach líonra an bhonneagair ghlais áitiúil do chónaitheoirí atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo. Is Páirc Áitiúil í atá ann cheana féin agus tá raon áiseanna aici atá

faoi réir uasghrádú pleanáilte faoi láthair chun feabhas a chur ar áiseanna atá ann cheana féin agus áiseanna feabhsaithe a chur ar fáil don cheantar áitiúil.

Tá an dara páirc phoiblí pleanáilte agus curtha ar fáil ag coimíneacht Theach Saggard-Cooldown (Fearann na Páirce); tá sé seo fós faoi úinéireacht forbróir príobháideach ach tá sé oscailte don phobal.

Tá soláthar na gcatagóirí eile spáis oscailte atá sainaitheanta in Ordlathas & Feidhm na Spásanna Oscailte sa PCÁ á chur ar fáil in éineacht le forbairt, ag éascú líonra bealaí agus conairí glasa agus ag soláthar áiseanna áitiúla do cheantair chónaithe in aice láimhe.



Fíor 5.5: Creat Bonneagair Ghlais PCÁ Bhaile Uí Fhoirtcheirn

Teach Sagard

Sainmhínítear lonnaíocht Theach Sagard mar Bhaile Féinchothabhálach, agus tá spriocdhaonra níos ísle aige de 3,499 duine a bheith ann faoi 2028 (méadú 11%). Tá sé laistigh d'achar réasúnta siúil/rothaíochta ó Stad Luas Theach Sagard i mBaile Uí Fhoirtcheirn /Iarthar na Cathrach, agus tá Campas Gnó Iarthar na Cathrach suite

2.3km soir ó thuaidh ón lonnaíocht a chuireann deiseanna fostaíochta ar fáil laistigh d'achar siúil agus rothaíochta. Ar an gcaoi chéanna, cuireann Ionad Ceantair Leibhéal 3 i mBaile Uí Fhoirtcheirn seirbhísí breise agus miondíol ar fáil lasmuigh de chroílár shráidbhaile Theach Sagard, ach tá fáil ag an sráidbhaile orthu.

Níl aon spásanna oscailte suntasacha sa cheantar faoi láthair, ach tá sé gar do Pháirc Áitiúil Ráth Cúil, atá suite díreach amach ó bhóthar an N7.

Tá clós súgartha agus spás pobail lasmuigh á chur ar fáil mar chuid d'áis Phobal Theach Sagard a osclaíodh le déanaí ag an seanscoil.

An Caisleán Nua

Sainmhínítear an Caisleán Nua sa Phlean Forbartha mar Bhaile Fáis Féinchothabhálach. Bhí daonra de

3,093 sa lonnaíocht in 2016 agus tá sé mar sprioc go méadóidh sé sin faoi 1,946 duine (+63%) go 5,039 duine faoi 2028. Is é an prionsabal foriomlán don bhaile feabhas a chur ar na seirbhísí sóisialta agus fisiciúla chun freastal ar an daonra atá ag méadú.

Glacadh PCÁ an Chaisleáin Nua in 2012 agus tá codanna suntasacha de tógtha cheana féin. Maidir le soláthar spáis oscailte, tá sé mar aidhm ag an PCÁ bonneagar glas nó líonra de spásanna glasa ardchaighdeán/áiseanna a chruthú a théann trí Thailte an Phlean agus a ionchorpraíonn gnéithe oidhreacht agus luach bithéagsúlachta féideartha.


Tá sé mar aidhm ag an ordlathas spásanna oscailte atá beartaithe a chinntiú go mbeidh feidhm shoiléir ag gach spás oscailte poiblí atá beartaithe agus go bhfreastalóidh siad ar raon riachtanas caithimh aimsire i ngar do thithe agus d'ionaid oibre, agus ag an am céanna ag cur le líonra comhtháite bealaí agus conairí glasa ar fud Thailte an Phlean.

Táthar ag súil go gcuideoidh na forbairtí uile atá beartaithe le baint amach an Líonra Bonneagair Ghlais seo i gcás inarb ábhartha agus ar ráta 14% ar a laghad ar thailte atá críosaithe mar A1. I gcás ina bhfuil ganntanas spásanna oscailte poiblí ann, ó pháirceanna áitiúla agus comharsanachta atá beartaithe, freastalófar ar an easnamh seo trí mhionpháirceanna atá comhtháite i ndearadh na gcomharsanachtaí. Beidh radharc leordhóthanach ann ó na mionpháirceanna agus beidh teacht orthu go héasca ó thithe máguaird ach ní bheidh siad ina spásanna oscailte iarmharacha.

Seo a leanas ordlathas agus feidhm PCÁ na spásanna oscailte laistigh de cheantar plean an Chaisleáin Nua:

Space	Neighbourhoods (See Section 6)	Function
Village Park	Taobh Chnoic	Passive recreation to include for gardening/allotments, walking, cycling. Active recreation to include for organised sports, physical exercise (exercise equipment) informal sports and children's play.
Squares and Plazas	Main Street Ballynakelly West	Passive recreation to include for walking and seating.
Neighbourhood Parks/Local Parks	All Neighbourhoods	Passive recreation to include for gardening, walking, cycling. Active recreation to include for organised sports, physical exercise (exercise equipment), informal sports and children's play.
Pocket Parks	All Neighbourhoods	Passive recreation to include for walking and sitting.
Home Zones	All Neighbourhoods	Traffic calming and improved/ safer pedestrian activity. Informal sports and play for children.
Green Corridors	All Neighbourhoods	Link spaces within hierarchy and provide nature corridors.

Tábla:5.6: Ordlathas agus Feidhm na Spásanna Oscailte, PCÁ an Chaisleáin Nua 2012



Fíor 5.6: Soláthar & Orlathas na Spásanna Oscailte Poiblí, PCÁ an Chaisleáin Nua 2012

Leagtar amach sa PCÁ straitéis chéimnithe chun a chinntiú go bhforbrófar bonneagar agus áiseanna riachtanacha atá de dhíth chun pobal inbhuanaithe a fhorbairt. Níor cheart dul ar aghaidh le forbairt chónaithe agus/nó tráchtála ar fud thailte an Phlean i ngach céim go dtí go mbeidh na saoráidí agus na háiseanna pobail agus páirce riachtanacha tógtha.

Is é an soláthar spáis oscailte atá de dhíth chun freastal ar thithe atá ann cheana féin agus i bpáirt le forbairtí tithíochta breise, mar a shainithnítear sa PCÁ, ná 6ha ar a laghad le forbairt ar fud Thailte an Phlean agus lena n-áirítear:

- Páirc Thaobh an Chnoic (3.50ha ar a laghad)
- Páirc Theas Bhurgáiste (1.00ha ar a laghad)
- Páirc Thuaidh Bhurgáiste (0.30ha ar a laghad)
- Seanfheirm (0.25ha ar a laghad)
- Tower House Park (0.10ha ar a laghad)
- Páirc Thiar Bhaile na Coille (0.20ha ar a laghad)
- Faiche an tSráidbhaile (0.07ha ar a laghad)

Tá go leor de na páirceanna agus na ceantair spáis oscailte tógtha cheana féin sa Chaisleán Nua mar chuid den fhorbairt PCÁ, lena n-áirítear 50% de Pháirc Thaobh an Chnoic agus soláthar láithreán cuibhrinn le 29 gceapach. Tá an chuid is mó díobh sin fós faoi úinéireacht forbróirí faoi láthair. Táthar ag súil go n-aistreofaí iad seo chuig úinéireacht na Comhairle sa ghearrthéarma go dtí an meántéarma agus tá roinnt de na páirceanna agus na spásanna oscailte atá beartaithe ag cur áiseanna poiblí agus acmhainní caithimh aimsire ar fáil laistigh den cheantar.

Ráth Cúil

Is Baile Fáis Féinchothabhálach é Ráth Cúil, agus tá sé mar sprioc aige go méadóidh an daonra faoi 2,058 duine (+47%) go 6,409 duine faoi 2028.

Meastar sa Phlean Forbartha go bhfuil sé tábhachtach go bhforbrófaí Ráth Cúil ar luas céim ar chéim, bunaithe ar sheachadadh bonneagair agus seirbhísí sóisialta,

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

fisiciúla agus iompair. Meastar go bhfuil acmhainn na dtailte críosaithe leordhóthanach chun freastal ar an éileamh fadtéarmach ar an lonnóocht.

Is í Páirc Áitiúil Ráth Cúil an t-aon spás oscailte sa cheantar faoi láthair, atá suite idir lonnóachtaí Ráth Cúil agus Theach Sagard. Is féidir teacht ar an bpáirc ón tuaisceart, ón iarthar agus ón deisceart. I measc na bpríomhghnéithe tá a topagrafaíocht spéisiúil agus gnéithe uisce, atá feabhsaithe ag an tírdhreach droimneach máguaird, mar aon le réimse gníomhaíochtaí lena n-áirítear páirceanna spóirt, clós súgartha, rianta siúil/bogshodair agus gairdíní tírdhreachaithe.

Tá uasghrádú beartaithe do Pháirc Ráth Cúil i bpáirt le seachadadh na bpleananna do na tailte críosaithe in aice láimhe.

Tá roinnt gnáthóga speisialaithe, amhail coillearnacha athghiniúna, bogaigh agus tailte móinéir lán le speicis, aitheanta sa cheantar agus tá a mbithéagsúlacht, a bhfiadhúlra agus a luach éiceolaíoch faoi chosaint.

Maidir le cuspóir SLO 1 (G17) déantar foráil freisin don mhéid seo a leanas:

Tá cothabháil le déanamh ar an gconair fiadhúlra ghlais atá ann faoi láthair idir Teach Sagard agus Ráth Cúil agus aithnítear an gá atá ann an chonair seo a ionchorprú i bpleananna dearaidh agus forbartha Pháirc Ráth Cúil.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

Iarthar na Cathrach/Ceantar PCÁ Bhaile Uí Fhoirtcheirn:

- Leanúint den soláthar spáis oscailte a dhaingniú atá de dhíth chun freastal ar thithe atá ann cheana féin agus i bpáirt le forbairtí tithíochta breise mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Phlean Ceantair Áitiúil

Ceantar PCÁ an Chaisleáin Nua:

- Leanúint den soláthar spáis oscailte a dhaingniú atá de dhíth chun freastal ar thithe atá ann cheana féin agus i bpáirt le forbairtí tithíochta breise mar atá leagtha amach i bPlean Forbartha an Chontae agus sa Phlean Ceantair Áitiúil

Ceantar Ráth Cúil:

- Uasghrádú a chur i bhfeidhm ar Pháirc Ráth Cúil, mar atá leagtha amach i Staidéar Ráth Cúil a cuireadh faoi bhráid na Comhairle in 2024.
- Na coillearnacha atá ag athghiniúint go nádúrtha sa cheantar a chosaint.

Ar an iomlán:

- Iarrfaidh an Chomhairle 1 pháirc nua amháin ar a laghad a chur ar fáil in iarthar an chontae, a bheidh de mhéid chun freastal ar an daonra atá ag méadú sa cheantar seo agus sna ceantair máguaird, ar an ngá atá le rochtain ar pháirceanna móra agus chun bonneagar glas agus an bhithéagsúlacht a chosaint agus a fheabhsú, agus chun soláthar a dhéanamh do chaitheamh aimsire sámh agus gníomhach, lena n-áirítear an t-éileamh ar pháirceanna imeartha.
- Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht go n-áireofaí an pháirc atá beartaithe in iarthar an chontae mar chuid den chur chuige i leith Bonneagar Glas, agus iniúchadh breise le déanamh air sin i gcomhréir leis na cuspóirí i bPleananna Forbartha Chontae Átha Cliath Theas agus Chill Dara. Ina measc sin, d'fhéadfaí breithniú a dhéanamh ar pháirc líneach chun cabhrú le stíleanna maireachtála sláintiúla, turasóireacht agus taisteal gníomhach a mhealladh, conairí éiceolaíocha a fheabhsú agus bainistíocht uisce dromchla a fheabhsú, acmhainneacht cheann scríbe na mbailte in aice láimhe a fheabhsú agus tacaíochta a thabhairt dá n-oidhreacht.
- Ceann amháin de na cúig pháirc imeartha féir shaorga 3G atá beartaithe a chur ar fáil laistigh den chomharsanacht seo, nó díreach in aice láimhe, chun freastal ar an éileamh ar an bpáirc imeartha agus ar an riachtanas traenála i gcomhréir leis an Straitéis Páirceanna Spóirt



Gairdíní agus loch Pháirc Ráth Cúil

5.5 Cluain Dolcáin/Cluain Buiríosa/Caisleán na Gráinsí

Tá an Ceantar Comharsanachta éagsúil seo suite 11km siar ó Lár Chathair Bhaile Átha Cliath. Áirítear leis na ceantair nuafhorbartha de Chaisleán na Gráinsí (fiontar agus fostaíocht) ar an taobh thiar, Crios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa (11,000 aonad cónaithe beartaithe agus úsáid mheasctha) sa lár, agus sráidbhaile stairiúil Chluain Dolcáin.

Tá sé mar sprioc go méadóidh daonra an cheantair ó 44,500 duine (2016) go 55,206 duine le linn shaolré an Phlean Forbartha.

Tá an chomharsanacht suite feadh príomhchonair iompair náisiúnta leis an líne Luas, bus agus iarnróid, chomh maith le naisc mhaithe coisithe agus rothaíochta, go Cathair Bhaile Átha Cliath agus na lonnaithe mágair, agus is cuid den chonair thiar theas í agus de na ceantair fáis ghaolmhara de Bhóthar an Náis agus Lár na Cathrach í.

Déanann an Chanáil Mhór scaradh tríd an gcomharsanacht, agus tá an conair aitheanta mar Limistéar Oidhreacht Nádurtha Beartaithe (pNHA) agus is Conair Bonneagair Ghlais thábhachtach í. Síneann an Chamóg ón iarthar ag Caisleán na Gráinsí go Sráidbhaile Chluain Dolcáin, rud a chruthaíonn nasc tábhachtach eile i líonra Bonneagair Ghlais Cheantar na Comharsanachta.

Tá Scéim Pleanála Crios Forbartha Straitéisí (2019) ceadaithe ag tailte i gCluain Buiríosa, atá suite ó thuaidh ón gCanáil Mhór, agus léiríonn siad leathnú mór ar achar Chluain Dolcáin feadh chonair iarnróid Bhaile Átha Cliath-Chorcaí. Tá sé beartaithe thart ar 8,700 teach nua a chur ar fáil do suas le 23,000 duine i gcaitheamh na 10 mbliana atá romhainn, agus beidh spás oscailte agus áiseanna caithimh aimsire ríthábhachtach i mbaint amach na comharsanachta nua mar phobal inbhuanaithe.

Beidh spásanna oscailte ann do ghníomhaíochtaí caithimh aimsire ghníomhaigh agus sháimh agus beidh siad ina ngné lárnach den líonra bonneagair ghlais. Baineann tailte an Chreasa Forbartha Straitéisí leas cheana féin as áiseanna na Canálach Móire agus freastalaíonn Páirc Ghleann an Ghrífin atá ann cheana féin orthu freisin, chomh maith leis an gceantar mór spáis oscailte phoiblí ó dheas den Chanáil, ar a dtugtar Páirc na Canálach Móire sa Scéim Pleanála.

Bunaithe ar an sprioc-chaighdeán atá leagtha síos sa Phlean Forbartha de 2.40ha/1000 duine, beidh an ceanglas spáis oscailte do dhaonra deiridh Chluain Buiríosa thart ar 55ha. Tá sé mar aidhm ag tograí an Chreasa Forbartha Straitéisí breis is 90ha de spás oscailte a chur ar fáil ar na tailte, chomh maith le spásanna glasa eile, agus beidh na cónaitheoirí uile

laistigh de 400m ó spás oscailte nádúrtha agus leathnádúrtha. Cuirfidh síneadh Ghleann an Ghrífin, Páirc na gCluainte, Páirc na Canálach Móire agus páirceanna comharsanachta áitiúla na príomhspásanna oscailte glasa poiblí ar fáil le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach agus sámh, in éineacht le cearnóga poiblí sna ceantair uirbeacha a chuireann rochtain agus naisc ar fáil chuig na príomh-mhoil agus na hionaid áitiúla.



Léaráid ealaíontóra ar Chrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa

Tá sé beartaithe go gcuirfear páirceanna agus spásanna oscailte an Chreasa Forbartha Straitéisí ar fáil i raon méideanna agus go seachadfar iad i gcéimeanna. Tá Straitéis Páirceanna agus Tírdhreacha ullmhaithe ag forbróirí do thailte uile an chreasa forbartha straitéisí, agus d'aontaigh an Chomhairle leis an straitéis sula gcuirfear tús leis an bhforbairt. Áirítear sa straitéis:


- Sonraí dearaidh uileghabhálacha do na spásanna oscailte straitéiseacha, páirceanna agus cearnóga áitiúla, spásanna agus cearnóga uirbeacha, bealaí straitéiseacha agus naisc áitiúla;
- Sonraí faoi sholáthar caithimh aimsire ghníomhaigh agus sháimh ar na tailte; agus
- Plean Bainistíochta Bithéagsúlachta.

Cuireann Páirc Réigiúnach Chorcaí spásanna taitneamhachta glasa mórsála tábhachtacha ar fáil i ndeisceart an cheantair. Ina theannta sin, tá Páirc Chomharsanachta i mBaile Choillín, roinnt Páirceanna Áitiúla, Páirc Bheag amháin agus ceantair mhóra do Spás Oscailte Caithimh Aimsire.

Tá uasghráduithe ar siúl ar Pháirc Áitiúil Chuidbhríocht agus ar Pháirc Réigiúnach Chorcaí.



Páirc Réigiúnach Chorcaí




Fíor 5.7: Cluain Dolcáin/Cluain Buiríosa/Comharsanacht Chaisleán na Gráinsí – Páirceanna atá ann cheana agus atá molta

Tríd is tríd, tá soláthar maith déanta don Cheantar Comharsanachta maidir le líon na bpáirceanna agus na spásanna oscailte, don daonra atá ann cheana féin agus don daonra réamh-mheasta araon. Tá caighdeán na bPáirceanna Réigiúnacha an-mhaith (Corcach) agus maith (Cluain Dolcáin), agus meastar go bhfuil caighdeán meánach ar na páirceanna Comharsanachta, Áitiúla agus Beaga.

Maidir le hinrochtaineacht, tá formhór na gceantar foirgnithe sa chomharsanacht laistigh de 300m (achar siúil 5 nóiméad) ó spás oscailte is féidir an pobal a úsáid, seachas an ceantar cónaithe seanbhunaithe ó dheas de shráidbhaile Chluain Dolcáin idir Bóthar na Mainistreach agus an Bóthar Nua. Déanfar freastal leordhóthanach ar an gceantar beag eile nach bhfuil dóthain spáis oscailte phoiblí ann ó thuaidh ó Chluain Dolcáin go luath amach anseo le páirceanna agus spásanna oscailte nua a chuirfear ar fáil trí Chrios Forbartha Straitéisí Chluain Buiríosa.

Tá rochtain ag an gCeantar Comharsanachta ar réimse leathan Spóirt agus Caithimh Aimsire Ghníomhaigh chomh maith, le páirceanna imeartha sacair, CLG agus rugbaí suite go príomha i bPáirc Chorcaí agus i bPáirc Chluain Dolcáin, chomh maith le páirceanna imeartha eile i bPáirc Chuidbhríocht agus i bPáirc Chnoc Mitin. Tá áiseanna daorchluiche agus cruicéid i bPáirc Chorcaí freisin, agus cúirteanna leadóige i bPáirc Chluain Dolcáin.

Is rannpháirtí tábhachtach í Páirc Chorcaí maidir le háiseanna cruicéid a chur ar fáil agus tá sé tábhachtach cothabháil a dhéanamh ar na háiseanna sin agus iad a fheabhsú, mar aon le leanúint de pháirceanna imeartha spóirt agus áiseanna eile a chur ar fáil sa cheantar.



Fíor 5.8: Cluain Dolcáin/Cluain Buiríosa/Comharsanacht Chaisleán na Gráinsí - Páirceanna poiblí laistigh de 300m ó cheantair chónaithe seanbhunaithe



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairt agus ar chur i gcrích na 'Straitéisí Páirceanna agus Tírdhreacha' agus an 'Phlean Bainistíochta

Straitéisí Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Bithéagsúlachta' do thailte an Chreasa Forbartha Straitéisí i gCluain Buiríosa.

- Leanúint leis na huasghráduithe atá beartaithe ar Pháirc Réigiúnach Chorcaí agus ar Pháirc Áitiúil Chuidbhríocht.
- Pleananna a chur chun cinn maidir le soláthar spáis oscailte nua ag síneadh Pháirc Ghleann an Ghrifín, Páirc na Canálach Móire, Páirc na gCluainte Theas agus Páirc na gCluainte Thuaidh.
- Leanúint de bheith ag soláthar uasghráduithe agus feabhsuithe ar pháirceanna agus spásanna oscailte atá ann cheana féin sa cheantar chun rochtain fheabhsaithe a éascú, níos mó áiseanna a chur ar fáil agus an bithéagsúlacht a fheabhsú.
- Imscrúdú a dhéanamh ar an ngá atá le Páirc Áitiúil nua a fhorbairt nó uasghrádú a dhéanamh ar spásanna oscailte atá ann cheana féin ó dheas de Shráidbhaile Chluain Dolcáin
- Machnamh a dhéanamh ar an uasghrádú ar spásanna oscailte taitneamhachta níos mó, i gcás inarb iomchuí, go páirceanna beaga/áitiúla chun na critéir íosta rochtana maidir le páirceanna a chomhlíonadh.
- Gníomhartha Straitéisí Páirceanna Spóirt an Chontae a chur i bhfeidhm agus soláthar agus caighdeán leordhóthanach páirceanna imeartha a chinntiú chun freastal ar an ngá atá ann
- Stádas Pháirc Chorcaí a chaomhnú agus a fheabhsú mar pháirc réigiúnach mar gheall ar a tábhacht maidir leis an mbithéagsúlacht agus seirbhísí éiceachórais (lena n-áirítear tuilte).
- Feabhsú gnáthóg a bhaint amach i bPáirc Bhaile Choilín mar chéim aistir i líonra BG.

5.6 Leamhcán/Baile Phámar/Baile Adaim

Tá an Ceantar Comharsanachta seo suite idir 9km agus 16km siar ó lár chathair Bhaile Átha Cliath, agus Baile Phámar suite laistigh de chuarbhealach an M50. Téann Abhainn na Life timpeall ó thuaidh den cheantar, rud a sholáthraíonn an deighilt nádúrtha le Contae Fine Gall agus tá sé roinnte ag conairí iompair agus eacnamaíocha an N4 agus an M50 agus ag líne iarnróid Chill Dara le stáisiún i mBaile Ádaim. Leanann teorainn na comharsanachta siar ó dheas conair éiceolaíoch agus áiseanna na Canálach Móire.

Tá an ceantar uirbeach suntasach ó thaobh na réigiún de agus áirítear ann áiseanna móra siopadóireachta (e.g. Gleann na Life), tráchtála, sláinte, oidhreacht, cultúrtha agus pobail.

Tá Gleann Abhainn na Life sa chomharsanacht, atá faoi chosaint ag Ordú um Limistéar Taitneamhachta Speisialta (SAAO), agus a bhfuil luach suntasach taitneamhachta ag baint leis, mar a neartaítear lena aitheantas mar Limistéar Oidhreacht Nádúrtha atá molta (pNHA). Tá an Chanáil Mhór beartaithe mar Limistéar Oidhreacht Nádúrtha (pNHA) chomh maith agus is conair thábhachtach éiceolaíoch agus áiseanna í, a théann tríd an gcomharsanacht agus a nascann Bá Bhaile Átha Cliath le

hAbhainn na Sionainne. Is gnéithe tábhachtacha den Líonra Bonneagair Ghlais níos leithne iad an dá limistéar leathnádúrtha seo, mar Phríomhcheantair iontu féin agus a chruthaíonn Conairí Gl.

Tá sé mar sprioc go méadóidh daonra an cheantair ó 59,000 duine go 68,483 duine le linn shaolré an Phlean Forbartha.

Is Crios Forbartha Straitéisí (SDZ) agus baile nua atá ag teacht chun cinn é Baile Ádaim, atá faoi réir Scéim Pleanála cheadaithe an Chreasa Forbartha Straitéisí (2014, arna leasú). Léiríonn an ceantar seo leathnú mór ar achar Leamhcáin siar ón gContae feadh chonair iarnróid Bhaile Átha Cliath - Chorcaí.

Nuair a bheidh sé críochnaithe, cuirfidh Baile Adaim suas le 9,000 teach nua ar fáil, chomh maith leis na háiseanna agus na seirbhísí gaolmhara go léir.

Is dhá shráidbhaile thraidisiúnta iad Baile Phámar agus Leamhcán.

Tá réimse leathan páirceanna agus spásanna oscailte sa chomharsanacht cheana féin, lena n-áirítear Páirc Ghleann an Ghrífin (agus Páirc na hEascrach agus Páirc Vesey lena mbaineann);

Páirc Chomharsanachta Bhaile Uaitéir; Páirceanna Áitiúla agus Páirc Bheag amháin.


Tríd is tríd, tá soláthar maith déanta don Cheantar Comharsanachta maidir le líon na bpáirceanna agus na spásanna oscailte, don daonra atá ann cheana féin (le soláthar de 130.49ha os cionn an chaighdeáin íosta) agus don daonra réamh-mheasta (le 107.73ha os cionn an chaighdeáin íosta).

Tá cáilíocht na bPáirceanna Réigiúnacha go maith i gcoitinne, agus tá cáilíocht na Páirce Comharsanachta an-mhaith. Meastar go bhfuil cáilíocht mheánach ag Páirceanna Áitiúla agus Beaga, seachas Diméin Leamhcáin a bhfuil cáilíocht mhaith aige.

Le déanaí, fuair Comhairle Bhaile Átha Cliath Theas Teach Leamhcáin agus na tailte gaolmhara; tá roinnt suirbhéanna agus tuarascáil féidearthachta á déanamh orthu faoi láthair. Tá gné stairiúil, chultúrtha agus éiceolaíoch shuntasach ag baint leis na tailte seo atá faoi mheasúnú faoi láthair. Níl siad curtha san áireamh i dtograí na Straitéise Páirceanna agus Spásanna Oscailte go fóill, toisc nach bhfuil a bhfeidhm sainmhínithe go hiomlán fós, cé go bhfuiltear ag súil go mór lena n-osclofar iad don phobal sa deireadh. Cuirfidh na tailte seo atá gar go díreach do Pháirc Dhiméin Leamhcáin atá ann cheana féin go mór le hacmhainneacht áiseanna agus bithéagsúlachta an dá cheann.

Maidir le hinrochtaineacht, tá formhór na gceantar Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile


foirgnithe sa chomharsanacht laistigh de 300m (achar siúil 5 nóiméad) ó spás oscailte is féidir an pobal a úsáid, seachas na ceantair chónaithe seanbhunaithe ar gach taobh den R136 i gcomharsanacht Bhóthar an Chaisleáin, agus cuid mhór de Bhaile Phámar siar ón M50.



Fíor 5.9: Comharsanacht Leamhcáin/Bhaile Phámar/Bhaile Adaim – Páirceanna atá ann cheana féin agus atá molta

Laistigh de Chrios Forbartha Straitéisí Bhaile Adaim, cuireadh PIFS ilspóirt nua, páirc imeartha de mhéid CLG agus páirc imeartha cruicéid ar fáil le déanaí mar chuid de chur i gcrích na bpáirceanna a bhí beartaithe ag Páirc Airlie agus Páirc Lána Tandy.

I measc na n-áiseanna pobail eile atá le teacht chun cinn tá Linn Snámha nua Leamhcáin, Páirc Boulevard Bhaile Adaim ó dheas de cheantar na Scéime, páirc i dtuaisceart Bhaile Adaim ag Tobar na gClog, chomh maith le pailliúin spóirt i bPáirc Ghleann an Ghrífin, Páirc Airt Uí Ghríofa agus Páirc Shruthán Liam.



Fíor 5.10: Comharsanacht Leamhcáin/Bhaile Phámar/Bhaile Adaim - Spás oscailte is féidir an pobal a úsáid laistigh de 300m ó cheantair chónaithe seanbhunaithe

Tá rochtain ag an gCeantar Comharsanachta ar raon leathan áiseanna Spóirt agus Caithimh Aimsire Ghníomhaigh freisin. Tá formhór na bpáirceanna imeartha spóirt agus na n-áiseanna ar féidir leis an bpobal teacht orthu suite i bPáirc Ghleann an Ghrífin, agus i roinnt Páirceanna Áitiúla freisin. Tá rian lúthchleasaíochta dromchla shintéisigh suiteáilte i bPáirc Ghleann an Ghrífin.

Is cuspóir de chuid an Phlean Forbartha (COS4 SLO 1) go ndéantar an méid seo a leanas:

Leanúint de bheith ag feabhsú agus ag forbairt Pháirc Ghleann Álainn i mBaile Phámar i bpáirt leis an bpobal áitiúil agus le páirtithe leasmhara eile, chun feabhas a chur ar áiseanna na páirce, lena n-áirítear a háiseanna spóirt agus caithimh aimsire d'úsáideoirí na páirce de gach aois, lena n-áirítear daoine scothaosta, leanaí agus déagóirí agus na clubanna spóirt áitiúla agus páirtithe leasmhara eile i gcomhréir le Straitéis Páirceanna Spóirt na Comhairle agus leis an Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte agus leis an bPlean Spóirt.



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Leanúint le huasghráduithe a dhéanamh ar Pháirc Ghleann an Ghrífin agus ar Pháirceanna Áitiúla/Beaga chun níos mó áiseanna agus bithéagsúlacht fheabhsaithe a chur ar fáil.

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

- Suíomhanna oiriúnacha a shainaithint do shraith Páirceanna Beaga nasctha trí cheantair áiseanna atá ann cheana a uasghrádú agus a nascadh le páirceanna seanbhunaithe.
- Leanúint d'uasghrádú a dhéanamh ar áiseanna i bPáirc Ghleann Álainn i mBaile Phámar, chun feabhas a chur ar áiseanna taitneamhachta, spóirt agus caithimh aimsire.
- Scrúdú a dhéanamh ar an bhféidearthacht feabhsuithe a dhéanamh ar spás oscailte taitneamhachta chun freastal ar rochtain ar riachtanais maidir le páirceanna áitiúla
- Chun cur i bhfeidhm an tríú páirc i mBaile Adaim ag Tobar na gClog a bhaint amach.
- Leanúint le cur i bhfeidhm chlár na bpailliúin spóirt i bPáirc Ghleann an Ghrífin, Páirc Shruthán Liam agus Páirc Airt Uí Ghríofa.
- Deiseanna a thapú chun áiseanna a uasghrádú agus an bithéagsúlacht a fheabhsú i bpáirceanna laistigh den Cheantar Comharsanachta seo.

5.7 Bóthar an Náis

Tá an Ceantar Comharsanachta seo suite i suíomh straitéiseach i mBaile Átha Cliath Theas agus i gCathair Bhaile Átha Cliath, ó dheas ón gCanáil Mhór agus ar phríomhchonair iompair náisiúnta agus eacnamaíoch, le nasc díreach Luas agus naisc busanna chuig Cathair Bhaile Átha Cliath. Is lonnaitheacht shuntasach é ó thaobh na réigiúin de agus áirítear ann mór-áiseanna miondíola, oifigí, réimsí tionsclaíocha agus fostaíochta. Cuimsíonn sé ceantair atá sainaitheanta le haghaidh athghiniúint straitéiseach athfhorbraíochta agus a bhfuil acmhainneacht ollmhór acu do líonra iompair comhtháite úsáide talún.

Is cúsoláthar talún suntasach iad tailte Bhóthar an Náis/Bhaile an Mhóta i mBaile Átha Cliath Theas atá taobh le Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath. Is seicheamh bonneagair meántéarmach go fadtéarmach í forbairt thailte Bhóthar an Náis, mar a luadh faoin RSES, a bhfuil acmhainneacht ann le haghaidh forbairt chónaithe agus fostaíocht níos déine/úsáidí measctha.

Tá sé beartaithe go mbeidh tuiscint ag daoine ar a bhféiniúlacht féin agus ar áit a nascann leis na pobail máguaird nuair a athróidh an chomharsanacht seo ó bhonn go ceathrú uirbeach. Cuirfidh sé deis ar fáil freisin chun líonra Bonneagair Ghlais a nascadh agus a fhorbairt agus feabhas a chur ar an timpeallacht nádúrtha agus ar bithéagsúlacht an cheantair.

Baineann sé le hath-shamhlú a dhéanamh ar cheantair Bhóthar an Náis, Bhaile an Mhóta agus na Páirce Thiar i mBaile Átha Cliath, agus tá acmhainn ann do 40,000 teach nua agus 75,000 post, rud a fhágann gurb é ceann de na scéimeanna athghiniúna is mó san Eoraip é.

Tá sé mar phríomhaidhm den Phlean Forbartha soláthar ríochta poiblí ardchaighdeán a chur chun cinn agus aitheantas a thabhairt don ghá atá le feabhas a chur ar

spásanna agus páirceanna cathartha agus poiblí atá ann cheana féin agus spásanna agus páirceanna nua breise a sholáthar, trí ordlathas spásanna. Tá sé mar aidhm aige freisin an cumas is mó is féidir a bhaint amach chun líonra nasctha de spásanna glasa nádúrtha a shainaithnítear laistigh de Líonra Bonneagair Ghlais an phlean a sholáthar.

Tar éis anailís mhionsonraithe a dhéanamh ar an gceantar agus comhairliúchán poiblí maidir leis an gCoincheap is Fearr atá ag Teacht Chun Cinn, thug Comhaltaí Tofa Chomhairle Contae Átha Cliath Theas agus Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath aitheantas do Chreat Straitéiseach City Edge in 2022. Is é cuspóir an Chreata Straitéisigh cur chuige ardleibhéil agus conair chlauchtaitheach a leagan amach chun ceathrú uirbeach nua, ar féidir cónaí ann, inbhuanaithe agus atá athléimneach ó thaobh aeráide de a athghiniúint.

Leagtar síos sa chreat sprioc uaimhianach de chlúdach glas 50% chun freastal ar riachtanais dhaonra na todhchaí agus athbhunú bithéagsúlachta á chur chun cinn agus dul i ngleic le tionchar an athraithe aeráide amhail baol i gcás tuilte ag an am céanna.

Tá an Líonra ar Scála na Cathrach maidir le spásanna oscailte ríthábhachtach maidir le rath na coda nua seo de Bhaile Átha Cliath agus bainfear amach é trí líonra ceangailte de chonairí glasa, conairí gorma agus páirceanna a cheangal le chéile a fhreastalóidh ar riachtanais caithimh aimsire freisin.

Tá siad seo a leanas i measc phríomhghnéithe an chreata ghlais:

- 150ha de pháirceanna móra nua, páirceanna líneacha agus bealaí glasa;
- Páirc Ascaill Bhaile Bhailcín agus Páirc Ghleann Lansdún atá leathnaithe;
- Ath-nádúró Abhainn Carmac;
- Ceiliúradh agus feabhsú na Canálach Móire;
- Bealach Glas ó Thigh Motháin go Páirc an Fhionnuisce;
- Líonra páirceanna pobail nua agus bealaí glasa áitiúla; agus
- Gnéithe suntasacha nua maidir le Draenáil Uirbeach Inbhuanaithe laistigh d'fhorbairtí nua, feadh sráideanna atá ann cheana féin agus sráideanna nua agus laistigh de pháirceanna.



Fíor 5.11: Creat Glas Straitéiseach City Edge



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Monatóireacht a dhéanamh ar mholtaí an Chreata Straitéisigh City Edge maidir le spásanna oscailte agus iad a chur i bhfeidhm.
- Soláthar leordhóthanach spáis oscailte phoiblí a chinntiú, laistigh den phlean, i gcomhréir le hordlathas an tsoláthair laistigh den Phlean Forbartha Contae agus an íosmhéid soláthair Spáis Oscailte chun freastal ar riachtanais an daonra atá beartaithe
- A chinntiú go bhfuil dóthain spáis ann le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach laistigh den phlean chun freastal ar riachtanais an daonra atá beartaithe



Forbairt Ilúsáide atá Beartaithe ag Geata an Iardheiscirt, Bóthar an Náis

5.8 Ardtaile Tuaithe

Is éard atá sa Cheantar Comharsanachta tuaithe seo (ar a dtugtar Sléibhte Bhaile Átha Cliath go ginearálta) ná braisle bheag lonnaíochtaí amhail Gleann an Smóil agus an Bhearna Dhearg agus an lonnaíocht níos mó den Bhriotás, tithe feirme agus foirgnimh talmhaíochta, braislí agus tithe aonair, agus fiontair bheaga eacnamaíocha/turasóireachta. Déanann an bealach náisiúnta tánaisteach N81 an ceantar a scaradh ón mBriotás chun nascadh le príomh-chuarbhealach an M50.

Comhcheanglaíonn an ceantar áiteanna áilleachta nádúrtha agus galánta taobh le ceantair áiseanna coitianta, rud a sholáthraíonn maolán glas straitéiseach idir ceantar foirgnithe Bhaile Átha Cliath agus na lonnaíochtaí tuaithe. Tá luach agus íogaireacht ard tírdhreacha ag Sléibhte Bhaile Átha Cliath agus tá siad ainmnithe go páirteach mar Limistéar faoi Chaomhnú Speisialta (SAC), Limistéar faoi Chosaint Speisialta (SPA) agus Limistéar Oidhreacht Nádúrtha beartaithe (pNHA).

I bhfianaise charachtar tuaithe an cheantair, agus na lonnaíochtaí beaga a bhfuil teacht éasca acu ar spás oscailte nádúrtha ar ardchaighdeán, tá an soláthar spáis oscailte phoiblí teoranta do Pháirc Choill Tobair ar imeall thuaidh na Comharsanachta.



Fíor 5.12: Ardtaile Tuaithe



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Tacaíocht a thabhairt do chur i bhfeidhm 'Phlean Tionaithe Foraoise Shléibhte Bhaile Átha Cliath' ag Dúlra Choillte, i gcomhar le Comhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath.
- Cur i bhfeidhm Ghlasbhealach na Dothra agus Thograí Mháistirphlean Pháirc Choill Tobair a bhaint amach, lena n-áirítear athbhunú agus athchóiriú fála sceaigh chun Gleann na Dothra a nascadh leis na hardtaile
- Imscrúdú a dhéanamh ar fhéidearthacht na

Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

ngníomhartha bithéagsúlachta e.g. suirbhéanna ar ioraí rua agus tionscnaimh eile (i gcomhpháirtíocht le comhlachtaí náisiúnta).

- Leanúint ar aghaidh ag obair le húinéirí talún agus le páirtithe leasmhara sa cheantar trí Chomhpháirtíocht Shléibhte Bhaile Átha Cliath (CSB) chun Plean Straitéiseach CSB a chur i gcrích.
- Obair a dhéanamh le hUisce Éireann agus le comhpháirtithe eile chun a chinntiú go ndéantar cothabháil ar an acmhainn áiseanna agus caithimh aimsire laistigh de cheantar Thaiscumar Bhóthar na Bruíne chomh maith lena feidhm rithábhachtach mar thaiscumar uisce don chontae agus don cheantar a bhfuil tábhacht chomhshaoil acu.
- Tacaíocht a thabhairt do chosaint Natura 2000 agus láithreáin ainmnithe eile laistigh de Shléibhte Bhaile Átha Cliath mar atá leagtha amach sa reachtaíocht.

5.9 Tamhlacht

Tá Baile an Chontae agus príomhchathair riaracháin Chontae Átha Cliath Theas sa chomharsanacht seo. Tá sé ainmnithe mar Ionad Miondíola Leibhéal 2 sa Straitéis Mhiondíola do Mhórchearntar Bhaile Átha Cliath 2008-2016 freisin.

Suite 12km ó Chathair Bhaile Átha Cliath, tá nasc díreach Luas agus naisc busanna chuig Cathair Bhaile Átha Cliath agus Baile Uí Fhoirtcheirn ag Tamhlacht agus tá sé suite ar chonair eacnamaíoch an N7, ar conair iompair náisiúnta rithábhachtach í.

Is lonnaíocht shuntasach í an chomharsanacht seo ó thaobh na réigiún de agus áirítear inti príomháiseanna siopadóireachta, oifigí cathartha agus áiseanna tráchtála, airgeadais, cultúrtha agus pobail gaolmhara. Tá Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath - Campas Thamhlachta, Ospidéal Ollscoile Thamhlachta agus ionaid shuntasacha fostaíochta lonnaithe ann freisin. Lasmuigh de lár an bhaile tá ceantair chónaithe sheanbhunaithe ina bhfuil an-mhuintearas idir na daoine.

Mar cheantar comharsanachta seanbhunaithe, tá líon suntasach crann aibí sa cheantar seo freisin, agus cuireann siad go léir le bearta Bonneagair Ghlais agus bearta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.

Glacadh le Plean Ceantair Áitiúil (PCÁ) do Lár Bhaile Thamhlachta i mí an Mheithimh 2020, a bhfuil sé mar aidhm aige idir soláthar 3,000 agus 5,000 teach nua agus meascán de spásanna fostaíochta nua a éascú. Déantar soláthar sa PCÁ freisin do spásanna oscailte poiblí bunaithe ar phrionsabail dearaidh uirbigh in áiteanna ina bhféadfadh siad freastal ar a gceantair máguaird. Tá sé mar aidhm leis beartais agus cuspóirí a chur i bhfeidhm maidir le Bonneagar Glas, lena n-áirítear an gá atá le páirceanna agus limistéir spáis oscailte a nascadh le conairí éiceolaíocha agus caithimh aimsire chun cabhrú le gluaiseacht na bithéagsúlachta agus daoine agus chun

líonra foriomlán an Bhonneagair Ghlais a neartú.

Laistigh de Chomharsanacht Thamhlachta tá dhá Pháirc Réigiúnacha, Páirc Thigh Motháin ar an teorainn thiar agus Páirc Ghleann na Dothra atá ar an teorainn thiar theas. Níl aon chaighdeán chainníochta infheidhme maidir le Páirceanna Réigiúnacha.

Go ginearálta, tá soláthar maith cainníochtúil de Pháirceanna Comharsanachta ann, lena gcuimsítear Páirc Bhaile an Mhóta sa tuaisceart, agus Páirc Sheáin Bhreathnaigh, Páirc Chill an Ardáin agus Páirc an Bhuiltéaragh agus Mhic Aodha laistigh de cheantar lárnach thiar Thamhlachta. Tá Páirc Chomharsanachta Chill Tobair taobh leis an teorainn theas laistigh de Cheantar Tuaithe na nArdtaille freisin.


Tá soláthar maith déanta do Pháirceanna Áitiúla ar fud fhormhór na comharsanachta freisin, le seacht bpáirc scaipthe go réasúnta i measc na bpríomhcheantar cónaithe.

Tá ceithre Pháirc Bheaga scaipthe ar fud na comharsanachta.

Tá réimse leathan Spásanna Glasa Taitneamhachta ginearálta le fáil ar fud na comharsanachta freisin, lena n-áirítear ceantair neamhfhoirmiúla bheaga agus mhóra araon, a bhíonn faoi fhéar de ghnáth in eastáit tithíochta nó in aice leo. Tá éagsúlacht mhór i méid (0.15ha ar a laghad) agus i bhfeidhm sna limistéir talún seo a bhfuil teacht ag an bpobal orthu. D'fhéadfadh 'mionpháirceanna' a bheith san áireamh iontu a bhíonn róbheag de ghnáth le haghaidh caitheamh aimsire gníomhach ach ar féidir leo spásanna glasa luachmhara a chur ar fáil laistigh den timpeallacht uirbeach, áit le suí agus casadh le daoine lasmuigh nó ó am go chéile le hearraí aonair súgartha nó trealaimh aclaíochta.

Níl aon pháirceanna ná spásanna glasa taitneamhachta a bhfuil teacht ag an bpobal orthu laistigh d'eastáit thionsclaíocha Chnoc na Giolcaí agus Bhaile an Chócaigh, ná i gceantar fairsing Chairéal Roadstone siar ó thuaidh ó Thamhlacht, mar a mbeifeá ag súil leis sna ceantair neamhchónaithe sin.

In ainneoin go bhfuil siad scaipthe go geografach ar imill thoir agus theas na comharsanachta, tá gach ceantar cónaithe i dThamhlacht laistigh den tairseach rochtana 5km ón dá Pháirc Réigiúnacha, chomh maith le bheith laistigh d'achar rothaíochta 20 nóiméad agus tá sé éasca teacht orthu leis an gcóras iompair phoiblí.



Fíor 5.13: Páirceanna agus Spásanna Oscailte Thamhlachta

Tá rochtain ag formhór na gceantar cónaithe ar Pháirc Chomharsanachta laistigh d'achar siúil 800m freisin, seachas cónaitheoirí in oirthear na comharsanachta, Tigh Motháin, Radharc an Ghleanna, Cill na Manach, Coill an Rí agus codanna d'Abhainn Bheag, a bhfuil sé éasca dóibh teacht ar na Páirceanna Réigiúnacha ina ionad sin.


Tá codanna thuaidh agus thoir Thamhlachta ceangailte go maith le Páirceanna Áitiúla agus tá teacht ag gach ceantar cónaithe ar pháirc laistigh d'achar siúil 600m. Ina theannta sin, tá Páirceanna Áitiúla suite sa deisceart agus san iarthar, atá laistigh d'achar siúil 600m d'fhormhór chónaitheoirí Ráth Miontáin, Choill Tobair, Fhothair Chardain agus an tSeanbhábhuin.

Tá rochtain mhaith ar pháirceanna atá ann cheana féin sa chuid is mó de Bhaile an Mhóta, Cill na Manach, Coill an Rí, agus Cill an Ardáin. Tá rochtain theoranta ar chodanna thiar Thigh Motháin, cé go bhfuil siad suite gar do Pháirc Thigh Motháin Thiar, mar gheall ar shuíomh bhealaí isteach na páirce.

Níl rochtain ar aon pháirc laistigh d'achar siúil 400m i gcodanna móra de Ráth Miontáin agus Achadh an Tobair, agus níl rochtain ach ar Pháirc Bheag i Radharc an tSrutháin. Ar an gcaoi chéanna, tá codanna beaga d'Fhothair Chardain, Sruth an Mhuilinn agus an Seanbhábhuin nach bhfuil rochtain pháirce acu laistigh den tairseach 400m, agus níl aon rochtain ag ceantar cónaithe Belgard ar aon pháirc laistigh den achar siúil forordaithe.

Cuireann Spásanna Glasa Taitneamhachta go mór le soláthar caithimh aimsire shóisialta nó neamhfhoirmiúil taitneamhachta i gcomharsanachtaí áitiúla, go háirithe laistigh de cheantair forbartha straitéiseacha amhail Lár Bhaile Thamhlachta. Ar an gcaoi chéanna, comhlíonann

Spásanna Cathartha (níos lú ná 0.2ha den chuid is mó) feidhm thábhachtach chomharsanachta maidir le hidirghníomhú sóisialta agus is gné ríthábhachtach iad de cheantair uirbeacha ard-dlúis.



Fíor 5.14: Bandaí siúil 300m go páirceanna Thamhlachta ó chriosanna cónaithe i gceantar Comharsanachta Thamhlachta



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- An suíomh agus an córas a shainnaithint le haghaidh soláthar spáis oscailte phoiblí atá sainaitheanta laistigh de PCÁ Thamhlachta.
- Saincheisteanna insiúlachta a shainnaithint laistigh de cheantar PCÁ Thamhlachta agus a chinntiú go dtugtar aghaidh orthu le linn forbairtí nua; chun rochtain ar pháirceanna agus ar cheantair phoiblí atá ann cheana a fheabhsú agus maidir le dearadh páirceanna nua agus an ríocht phoiblí uirbeach.
- Spásanna Glasa Taitneamhachta a shainnaithint, spásanna a bhfuil acmhainneacht iontu feabhas a chur orthu le bheith ina bPáirceanna Áitiúla agus Beaga, bunaithe ar a suíomh, rochtain agus méid.
- Leanúint de bheith ag nascadh agus ag uasghrádú páirceanna agus spásanna taitneamhachta mar chuid den líonra spáis phoiblí.

Deiseanna a fhiosrú chun lintéir a bhaint den Phoitéal agus de Shruthán Bhaile an Fhaoitigh

- agus iad a dhéanamh níos nádúrtha.
- An nasc straitéiseach rothaíochta/coise a chríochnú ó chuid thuaidh Pháirc Chill an Ardáin, ag nascadh an N81 agus Sruthán Bhaile an Fhaoitigh le Páirc Sheáin Bhreathnaigh ar an taobh thoir.

5.10 Teach Mealóg/ Baile Bhailcín/ Ráth Fearnáin/ Teach na Giúise


Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile

Tá an chuid thoir de Chontae Átha Cliath Theas, cuid de bhrúachbhailte Chathair Bhaile Átha Cliath agus an Ceantar Cathrach níos leithne sa Cheantar Comharsanachta seo. Sainmhínítear an ceantar le droim lárnach Abhainn na Dothra ón iarthar go dtí an t-oirthear agus an suíomh tírdhreacha tuaithe feadh na teorann theas. Déanann Mótarbhealach an M50 an chomharsanacht a thrasnú ó thuaidh go dtí an t-oirthear theas. Tá ceantair chónaithe sheanbhunaithe ar fud an chontae, agus is minic a thrasnaíonn siad teorainneacha riaracháin.


Tá áiseanna poiblí den scoth sa chomharsanacht, lena n-áirítear ionaid siopadóireachta, scoileanna, páirceanna poiblí agus nithe cultúir is díol spéise do thurasóirí. Is nithe is díol spéise iad Iarsmalann an Phiarsaigh, Páirc Naomh Éanna agus Caisleán Ráth Fearnáin, agus tá Sléibhte Bhaile Átha Cliath ann freisin. Cuireann Páirc Ghleann na Dothra, Páirc Thigh Motháin agus Páirc na nGlaschnoc, mar aon le Páirc Mharlaí agus Páirc na dTor atá in aice láimhe sa chontae comharsanachta, go mór le luach taitneamhachta na Comharsanachta agus le líonra Bonneagair Ghlais an cheantair i gcoitinne.

Is Conair Bonneagair Ghlais ríthábhachtach í Abhainn na Dothra agus tá Limistéar Oidhreachtá Nádúrtha beartaithe inti, is acmhainn caithimh aimsire agus bhithéagsúlachta ríthábhachtach í a théann soir-siar tríd an gcomharsanacht seo. Ós rud é go mbuaileann sí le Páirc Thigh Motháin freisin, is conair éiceolaíoch thábhachtach é an crosbhealach seo de shócmhainní Bonneagair Ghlais agus éascaíonn sí iompar gníomhach trasna an M50 agus faoin M50. Tá Conair Bonneagair Ghlais an M50 ag dul ó thuaidh-theas tríd an gceantar seo.

Tá 14 Pháirc Áitiúla agus 2 Pháirc Bheaga ann freisin, ach níl aon Pháirceanna Comharsanachta ann. Mar chomharsanacht sheanbhunaithe, tá líon suntasach crann aibí sa cheantar seo freisin, agus cuireann siad go léir le bearta Bonneagair Ghlais agus bearta um Oiriúnú don Athrú Aeráide.



Fíor 5.15: Páirceanna sa Cheantar Comharsanachta



Fíor 5.16: Bandaí siúil 300m go páirceanna Theach Mealóg/Bhaile Bhailcín/Ráth Fearnáin/Theach na Giúise ó chriosanna cónaithe i gceantar na Comharsanachta



PRÍOMHGHNÍOMHARTHA

- Deiseanna a shainathint chun Páirceanna Beaga, Áitiúla agus/nó Comharsanachta a fhorbairt, trí Spásanna Oscailte Taitneamhachta a fheabhsú nuair is iomchuí, bunaithe ar a suíomh, rochtain agus méid.
- Leanúint de bheith ag feabhsú agus ag forbairt áiseanna i bPáirceanna Áitiúla agus Beaga atá ann cheana féin
- Leanúint de bheith ag nascadh agus ag uasghrádú páirceanna agus spásanna taitneamhachta mar chuid den líonra spáis phoiblí.
- Deiseanna a lorg chun acmhainneacht bithéagsúlachta Abhainn na Dothra agus chonairí Bonneagair Ghlais an M50 a fheabhsú, agus iad a nascadh nuair is féidir

PCÁ Bhaile Uí Chuilinn a chur i bhfeidhm, rud a chuireann páirceanna agus spásanna oscailte ar fáil i gcomhar le forbairt agus sócmhainní bonneagair ghlais atá ann cheana féin á gcosaint ag an am céanna



Straitéis Páirceanna agus Spásanna Oscailte Bhaile